



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Tuarascáil Bhliantúil 2006



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
Stáid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2

Teileafón (01) 6312121
Facs: (01) 6312827
Suíomh gréasáin www.entemp.ie

*Oibreimid don Rialtas agus do na daoine le fostaíocht
agus iomaíocht náisiúnta ardchaighdeán a fhás.*



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Oibreoidimid don Rialtas
agus do na daoine
le fostaíocht agus
iomaíocht náisiúnta
ardchaighdeáin a fhás.

Clár na nÁbhar

Réamhfhocal leis an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

Brollach leis an Ard-Rúnaí

Cairt Eagrúcháin

Ár Misean

Ár Luachanna

Struchtúr na Roinne

Cuailí agus Spriocanna ár gcuid Straitéise

Anailís Comhshaoil

Achoimre ar na hEochairnithe a Baineadh Amach in 2006

- Cuaille 1 – Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás
 - Cuaille 2 – Obair agus Foghlaim Ardchaighdeán
 - Cuaille 3 – Cruthú agus Rialachán Margai Oibrigh Níos Fearr
 - Cuaille 4 – Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara
- Gníomhaíochtaí Tras-Rannóige

Achoimre ar na hEochair-Thosaíochtaí a Aithníodh sa Ráiteas Straitéise

CUAILLE 1 – Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

- Iomaíochas
- Grúpa Straitéise Fiontair
- Gnó Beag
- Gníomhaíocht Fiontraíochta
- Úsáid TEC ag Fiontair Bheaga agus Mheánacha
- Forbairt Réigiúnach agus Gníomhaireachtaí Forbartha
- Comhshaoil Fioscach
- Cur chun cinn Infheistíochta i dTaighde agus i bhForbairt
- Maoin Intleachtúil
- Tráchtáil Idirnáisiúnta
- Forbairt Acmhainne agus Cumais Easportála
- Margadh Inmheánach
- Ionbhuaíne & Iomaíochas

CUAILLE 2 – Obair agus Foghlaim Ardchaighdeán

- Foghlaim Saoil
- Traenáil in-Chuideachta
- Uas-sciliú lad sin atá ar Fhostaíocht
- Traenáil agus Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Gairmoideachas agus Traenáil Ghairme ar leibhéal an AE
- Tacaíocht do dhaoine Dífhostaithe
- Straitéis Eorpach Fostaíochta
- Saothar oilte ó Iasmuigh den LEE
- Caiteachas agus Gníomhaíochtaí FÁS

- Sonraí an Mhargadh Saothair XX
- Ciste Sóisialta na hEorpa XX
- Dearadh Cláir CSE 2007-2013 XX
- Idirphlé Sóisialta XX
- Réiteach Reachtaíochta, um Ghéillsine agus Réiteach Díospóide XX

CUAILLE 3 – Slite Chun go nOibreoidh Margai agus Rialacháin Níos Fearr

- Údarás Iomaíochta XX
- Iomaíocht in Earnálacha Cosanta XX
- Polasaí Tomhaltóra XX
- Creatlach Reachtach na gCuideachtaí do Thionscal na Seirbhísí Airgeadais XX
- Reachtaíocht an AE ar Dhlí na gCuideachtaí XX
- Acht Comhdhlúite agus Athchóirithe Díli na gCuideachtaí XX
- Clár Athchóirithe Árachais XX

CUAILLE 4 – Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

- Seirbhís Den Scoth Custaiméara XX
 - Nua-aoisiú XX
 - Acmhainní Daonna agus Traenáil XX
 - Bainistíú Acmhainní Daonna XX
 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide XX
 - Dílárú XX
 - Rialú Airgeadais agus Luach a Fháil ar Airgead XX
 - Iniúchadh Inmheánach XX
 - Oscalteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht XX
 - Rialachán Níos Fearr XX
- Bainistíocht Riosca XX

Aguisíní

- Aguisín 1: Meastachán (nó Buiséad na Roinne do 2007) XX
- Aguisín 2: Luach ar airgead agus Athbhreithnithe Polasaí XX
- Aguisín 3: Géilliúntas d'Acht um Íoc Pras Cuntas XX
- Aguisín 4: Tuarascáil ar Thionchar Measúnaithe Rialacháin (TMRanna) XX
- Aguisín 5: Reachtaíocht a riarann an Roinn XX
- Aguisín 6: Reachtaíocht a Achtaíodh in 2006 XX
- Aguisín 7: Ionstraimí Reachtúla a rinneadh i rith 2006 XX
- Aguisín 8: Treoracha a glacadh ar Leibhéal AE i rith 2006 XX
- Aguisín 9: ORFanna agus CCFanna a rinneadh i rith 2006 XX
- Aguisín 10: Sonraí Mhargadh an tSaothair XX
- Aguisín 11: Comhlachtaí agus Oifigí a bhaineann leis an Roinn XX
- Aguisín 12: Seolta Oifigí na Roinne Suímh Idirlinn an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta XX

Réamhfhocal ón Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta



D'fhan eacnamaíocht na hÉireann láidir i rith 2006 agus leanann uirthi ag baint tairbhe as leibhéal fáis atá ar cheann de na leibhéil is airde san ECFE.

Leanann Éire uirthi a bheith mar cheann de na gníomhaithe is fearr san AE do ghníomhaíocht fiontraíochta agus infheistíocht

phríobháideach caipitil agus tá sa chéad áit san ECFE chun Infheistíochtaí Úrnua lasachta Díreacha a mhealladh rud a léiríonn gníomhú folláin i réimse úinéireachta dúchasach agus i réimse úinéireachta iasachta dár n-eacnamaíocht. Lean an margadh an tsaothair ar a bheith buacach, le hoscionn 2 mhilliún duine fostaithe sa Stáit, den chéad uair riamh. Ar a shon sin, nílimid chun ár maidí a scaoileadh le sruth agus leanfaimid ar aghaidh ag oibriú chun eacnamaíocht dhinimiciúil a chothú agus a fhorbairt a thugann freagra éifeachtach ar na héilimh a eascraíonn ó iomaíocht idirnáisiúnta. Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach conas a chuidigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta lenár n-iomaíochas náisiúnta trí eochairthiomantais fiontraíochta, trádála agus fostaíochta a sheachadadh mar atá leagtha amach inár Ráiteas um Straitéis 2005-2007.

Tá Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ríthábhachtach dár ndul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta agus, i saol atá ag síor domhandú de, tá ardleibhéal infheistíochta agus nuálaíochta ríthábhachtach dár n-iomaíochas náisiúnta. Leagann Straitéis nua an Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013, a seoladh i samhradh na bliana 2006, amach an fhís atá ann go mbeadh Éire ina heacnamaíocht cinnreachta feasachta faoin mbliain 2013 agus leagann amach na céimeanna a chaithfimid a thógaint d'fhonn deimhin a dhéanamh de go mbeidh Éire ina scothionad domhanda d'fhorbairt agus do shaothrú feasachta. Tabharfaidh Teicneolaíocht na hÉireann (TÉ), atá bunaithe ag mo Roinnse, le páirtíocht ó Fhiontraíocht Éireann, UFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás comhleanúnachas do dhimhinsean fiontraíochta na Straitéise agus ceadóidh d'Éirinn a spriocanna um méadú caiteachais ar Thaighde agus ar Fhorbairt a bhaint amach,

mar atá leagtha amach sa Straitéis. Tá ról tábhachtach ag Gnónna Beaga inár dtír agus beidh fás leanúnach na hearnála seo mar ghné thábhachtach dár bhforbairt eacnamaíochta sna deich mbliana atá romhainn amach. Dá bhrí sin, tá sé fiorthábhachtach go ndéanfadh an Rialtas soláthar ar chomhshaol tacaíochta inar féidir le gnólachtaí beaga bláthú, tromualáí neamhriachtanacha a laghdú agus soláthar a dhéanamh ar thacaíochtaí cuí. Nuair a bhunaigh mé an Fóram um Ghnólachtaí Beaga i 2005, chuir mé san áireamh an gá a bhí le deimhin a dhéanamh de go dtabharfadh ár bpolasaithe agus ár straitéisí aghaidh ar shainéilimh na hearnála seo in Éirinn. Leagtar amach i dTuarascáil an Fhórait, a foilsíodh i rith 2006, clár cuimsitheach oibre chun é seo a bhaint amach agus cuirtear i láthair mo Roinne tacar mionchruinn de mholtaí a chumasódh an earnáil um ghnólachtaí beaga a lánacmhainne a bhaint amach agus feabhas a chur ar an gcuidiú suntasach a dhéanann an earnáil cheana do leas eacnamaíochta na tíre seo. Tá tiomantas tugtha agam chun moltaí an fhórait sin a fhorfheidhmiú oiread agus is féidir é. D'iarr mé ar bhaill den bhFóram chomh maith freastal ar an ngrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú mholtaí na Tuarascála agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn um chuspóirí lárnacha na Tuarascála a bhaint amach. Tá athrú sa láthair oibre thar a bheith tábhachtach chomh maith maidir lenár n-inmharthanacht leanúnach mar eacnamaíocht agus mar shochoaí. I gcomhthéacs an síorathraithe seo, tá sé tábhachtach go bhféachfaimis go cúramach ar na cosaintí a sholáthraítear don lucht oibre chun a chinntiú gur leor iad agus go bhfuil siad ábharthach don chomhshaol nua. Dearbhaíonn an tsamhail nua um ghéilleadh do Chearta Fostaíochta, go ndéantar soláthar dó sa chomhaontú nua *Towards 2016*, go bhfuil Éire ag dul isteach i ré nua do chearta fostaíochta. Cuirfidh an tsamhail um ghéilleadh daoine ar an eolas maidir lena gcuid teidlíochtaí agus déanfaidh soláthar ar chórais níos éasca cúitimh, chomh maith le forfheidhmiú níos daingnithe agus méadú ar phionóis do neamhghéilleadh. Cinnteoidh bunú an Údaráis nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF), faoi choimirce mo Roinne, réimeas iniúchta neamhspleách agus inoibríthe rud a chinnteoidh géilleadh do chearta fostaíochta agus léiríonn sé seo díograis an Rialtais chun cearta an lucht oibre a chosaint.

Dúshlán leanúnach is ea é d'Éirinn forbairt a dhéanamh ar lucht oibre níos sciliúla agus níos inoiriúnaithe ná riamh chun a chinntiú go leanfaidh ár rathúlacht eacnamaíochta. Cé go bhfuil ár gcóras oideachais agus traenála tar éis a bheith go maith dúinn agus gur chuidigh sé go mór lenár rathúlacht reatha, ní féidir d'Éirinn a maidí a scaoileadh le sruth. Mura dtugtar breis suntasach oideachais agus traenála do dhaoine atá fostaithe cheana féin, tá an baol ann nach mbeidh rochtain ag daoine sa lucht oibre le scileanna ísle ar dheiseanna fostaíochta a eascraíonn ónár n-eacnamaíocht feasacht-bhunaithe. I rith 2006, bhí mo Roinn ina cathaoirleach ar Ghrúpa Stiúrtha a chríochnaigh tuarascáil Sainghrúpa Forfás ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin dar teideal 'Scileanna an Lae Amáraigh – I dTreo Straitéise Náisiúnta Scileanna. Beidh forbairt agus forfheidhmiú na straitéise seo, trí 2007 agus ina dhiaidh, ina n-eochairthionscnamh do mhargadh an tsaothair dírithe ar deimhin a dhéanamh de, i rith an idirthréimhse go 2020, go mbeidh na scileanna againn atá riachtanach chun a bheith fós san iomaíocht sa mhargadh domhanda.

Lá suntasach ab ea é do thomhaltóirí na hÉireann nuair a rinneadh cúlghairm ar an Ordú um Earraí Grósaeireachta trí achtú a dhéanamh, i rith 2006, ar an Acht Iomaíochta (Leasú) 2006. Rinne an tAcht forálacha an Achta Iomaíochta, 2002 a dhaingniú trí chosc ar leith a chur ar íosmhéid na bpraghasanna miondíola do thomhaltóirí ag soláthróirí (cothabháil ar an bpraghas athdhíola), leithcheal éagórach sa trádáil ghrósaeireachta agus trí liúntais fógraíochta agus "airgead aitheantais" a íoc. Ag teacht le mo thiomantas leanúnach um chosaint ar leas tomhaltóirí d'iarr mé ar an Údarás Iomaíochta athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí san earnáil ghrósaeireachta, in éineacht leis na hathruithe reachtaíochta seo, i bhfianaise an chomhshaol rialúcháin nua. Bhí mo Roinnse rannpháirteach go tréan in ullmhúchán i rith 2006 dár n-ionchur sa Phlean Náisiúnta Forbartha (PNF) 2007-2013 a sheol an Rialtas in Eanáir 2007. Déanfaidh mo Roinn maoirseacht ar infheistíocht de €13.7 billiún in Eolaíocht Fiontraíochta agus Nuálaíochta agus i gCaipiteal Daonna faoin bPNF nua – dar luach 184 billiún – dar teideal "*Cáilíocht Níos Fearr Beatha do Gach Duine*". Tá an infheistíocht de €13.7 billiún go bhfuil mo Roinnse freagrach as comhdhéanta de €7.7 billiún do thraenáil agus do scileanna breise a thabhairt don

lucht oibre, €3.3 billiún d'fhorbairt fiontraíochta agus €2.7 billiún mar chuid den infheistíocht fhoriomlán de €8.3 billiún sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Michael Ahern TD, An tAire Trádála agus Tráchtála agus Tony Killeen TD, An tAire Gnóthaí Oibre, agus le Bord Bainistíochta agus Foireann na Roinne as an dianobair a rinneadar agus as an tacaíocht a thug siad dom. Chinntigh an díograis agus na tiomantais a rinneadar gur leanamar ag déanamh an-dul chun cinn ar na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh síos inár Ráiteas Straitéise 2005 – 2007 a bhaint amach, agus dá bhithin sin ag cur lenár gcumas an eacnamaíochta a fhás, poist a chruthú agus cáilíocht níos fearr beatha a sholáthar dár saoránaigh uile.



Michéal Martin, T.D.,
An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Brollach leis an Ard-Rúnaí



Ba é 2006 an lárphointe i saolré Ráiteas Straitéise 2005 – 2007 na Roinne seo agus leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach na gníomhíochtaí ar glacadh leo i rith na bliana chun na cuspóirí a sonraíodh sa straitéis faoi gach cuaille ar leith tacaíochta a bhrostu (1) Fiontraíocht,

Nuálaíocht agus Fás, (2) Ardchaighdeán Oibre agus Traenála, (3) Margatá agus Rialacháin a chur ag oibriú níos fearr (4) Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara.

I measc na n-eochairnithe a bhain an Roinn amach i rith 2006 bhí:


- Rannpháirtíocht in idirbheartaíocht don chomhaontú comhpháirtíochta nua *Towards 2016*, ina bhfuil géilleadh do Chearta Fostaíochta mar eilimint shuntasach den chomhaontú deich mbliana;
- Infheistíocht de €13.7 billiún a fháil le *deiseanna ardluach fostaíochta a chruthú agus a chothú*, mar chuid den Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013;
- Achtú ar an *Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006*, ag bunú creata reachtaíochta ina bhféadfaí polasaí gníomhach bainistíochta polasaí imirce eacnamaíochta agus ceadanna fostaíochta a fhorfheidhmiú;
- Leanúint ag obair ar *athbhreithniú ar reachtaíocht chustaiméara d'fhonn deimhin a dhéanamh de go mbeidh réimeas láidir agus nua-aoiseach cosanta tomhaltóra in Éirinn*;
- *Foilsíú ar Phlean Earnála faoin Acht um Míchumas 2005 chun soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí do dhaoine le míchumas*. Tá roinnt eochairthionscnamh sonraithe sa phlean, a chlúdaíonn an idirthréimhse 2006 – 2010, chun go gcuirfí chun cinn agus go dtacófaí le daoine le míchumas a chuimsiú i margadh saothair na hÉireann;
- Rinneadh coimisiúnú ar shuirbhé leanúna ar an gceann a rinneadh i 2001 ar mhíniú na *bulaíochta sa láthair áit oibre*, chun go bhféadfaí bonnlíne a bhunú le héifeachtach na struchtúr agus na bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm ó 2001 a thomhas; agus
- Seoladh an *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, 2007 – 2013*, dírithe ar chinnte a dhéanamh de go ndaingneodh Éire a háit mar cheann de ardeacnamaíochtaí feasachta an domhain.

I rith na bliana atá faoi athbhreithnithe, sheol an Roinn a tuarascáil dheiridh um dhul chun cinn go dtí Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse ag rianú an dul chun cinn a rinneadh ar na tionscnaimh nua-aoiseachta a rianaítear inár bPlean Gníomhaíochta faoi Dhul Chun Cinn Inbhuanaithe. Léirigh an Tuarascáil conas a leanamar orainn, i rith 2006, ag daingniú an chultúir um nua-aoisiú/nuálaíocht sa Roinn. I measc na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn bhí tiomantais um sheirbhís níos fearr chustaiméara a sholáthar; leas níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní; agus, go háirithe, struchtúir chomhpháirtíochta agus trasfheidhme a úsáid chun an clár oibre nua-aoiseachta a chur chun cinn. Ag druidim le deireadh na bliana tosaíodh ar ullmhúchán ar Phlean Gníomhaíochta nua *Towards 2016* a réiteach, ag sonrú go soiléir na spriocanna agus na tionscnamh a ndéanfaidh an Roinn iarracht ar a seachadadh mar chuid den chlár oibre nua-aoiseachta don chéad chéim den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta. Déanann sé forbairt bhreise ar an gclár nua-aoiseachta atá sonraithe inár bPlean Gníomhaíochta um Buanú an Dul Chun Cinn agus léiríonn sé conas a chuirfidh an Rialtas le tionscnaimh a seachadadh le deich mbliana anuas, chomh maith le gearr chuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí nua atá molta le tosú, le dul chun cinn nó le críochnú i rith an chéad chéim den *Towards 2016* d'fhonn Roinn níos solúbtha, níos nua-aoisí agus níos aclaí a chruthú a dhéanfaidh a spriocanna misin agus gnó a sheachadadh dá custaiméirí/páirtithe leasmhara.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2006 ar fhorfheidhmiú ár Straitéis Roinne 2005 – 2007 agus ar sheachadadh na dtiomantas éagsúla sa Chlár don Rialtas. Níl béim leagtha agam anseo ach ar bheagán den dul chun cinn a rinneamar ach tá tagairt do mhórchuid eile ar fud na Tuarascála seo. Maidir leis sin. ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na Roinne go léir as a ndianobair i rith 2006 agus as an díograis a léirigh siad chun deimhin a dhéanamh de spriocanna na Roinne a chur chun cinn don tréimhse 2005 – 2007. Tá mé muiníneach, is sinn ag dul isteach sa bhliain dheiridh dár straitéis reatha, go mbainfear amach lánseachadadh na dtiomantas sa straitéis sin trí thacú leanúnach na foirne.

Seán Gorman,
Ard-Rúnaí.

Cairt Eagrúcháin



Baill Bhord Bainistíochta na Roinne

(Ar chúl – C go D) Dermot Mulligan, Séamus Ó Móráin, Brian Whitney, Martin Cronin (POF, Forfás), John Walsh, Kieran Grace (Oifigeach Pleanála) & Noel Martin (Rúnaí)

(Ar thosach – C go D) Margo Monaghan, Seán Gorman (Ard-Rúnaí), Martin Shanagher & Breda Power

Ár Misean

Oibreimid don Rialtas agus do na daoine chun fostaíocht ardchaighdeán agus iomaíocht náisiúnta a fhás.

Dearadh ár bpolasaithe chun iomaíochas a fheabhsú, chun comhshaol a chruthú inar féidir le fiontraíocht fás agus teacht i dtreis agus ina ndéantar cosaint ar thomhaltóirí, scileanna breise a thabhairt don lucht saothair, soláthar a dhéanamh ar dheiseanna inbhuanaithe fostaíochta, feabhas a chur ar choinníollacha sa láthair oibre agus cabhrú chun sochaí chuimsitheach a thógáil.

Ár Luachanna

Tá ár gcur chuige um chaidreamh lenár n-eochairpháirtithe leasmhara – An Rialtas agus an tOireachtas, baill den phobal, eagraíochtaí eile poiblí agus príobháideacha agus go himheánach lenár bhfoireann – bunaithe ar na bunluachanna¹ seo a leanas:

- Cothroime agus Meas
- Oscailteacht agus Trédharcacht
- Solúbthacht agus Sofhreagracht
- Comhpháirtíocht agus Comhairleoireacht
- Freagracht
- Spreagadh agus Feidhmíocht
- Seirbhís
- Proifisiúntacht

Struchtúr na Roinne

Roinntear an Roinn i seacht rannóg éagsúil mar seo a leanas:

- Fiontraíocht agus Gníomhaireachtaí
- Iomaíochas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil
- Forbairt an Lucht Saothair
- Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch
- Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht
- Seirbhísí Corparáideacha agus Polasaí Eacnamaíochta

¹ Féach Straitéis um Acmhainní Daonna na Roinne 2005-2007.

Cuailí agus Eochairspríocanna ár gcuid Straitéise

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá sna ceithre chuaille atá sonraithe inár Ráiteas Straitéise 2005 – 2007 agus tá spríocanna ardleibhéal i ngach cuaille, agus is iad seo bunús oibre na Roinne i rith na tréimhse sin. Seo a leanas na Cuailí agus na Spríocanna sin:

Cuaille 1 – Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

Eochairspríocanna

- Feabhas a chur ar leibhéal táirgíochta agus iomaíochta na hÉireann chun gur féidir earraí agus seirbhísí a chuireann le leas na tíre a tháirgeadh agus a dhíol go hinbhuanaithe ar mhargaí an domhain.
- Polasaithe a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun feabhas a chur ar an gcomhshaol fiontraíochta as a dtiocfadh rátaí arda de ghníomhaíocht inbhuanaithe fhiontraíochta, tosú agus fás gnólachtaí iomaíocha agus infheistíocht dhíreach iasachta isteach leanúnach agus forbairt inbhuanaithe.
- Gnó a spreagadh chun tiomantas do thaighde agus d'fhorbairt a mhéadú, nuálaíocht a chur chun cinn agus le cultúir fiontraíochta i measc taighdeoirí agus spreagadh agus luaíocht a dhéanamh ar nascanna éifeachtacha idir an fhiontraíocht agus an t-aos léinn.
- Feidhm a bhaint as acmhainn na heacnamaíochta feachtbhunaithe do leas eacnamaíochta agus sóisialta, táirgí agus seirbhísí a dhéanamh den bhfeacht, agus cuidiú le forbairt na bhfiontar gur féidir leo a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus dá réir sin breis fostaíochta a sheachadadh chun leas an uile dhuine.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábharthacha chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh cáil domhanda ar Éirinn ar bharr feabhais ár gcuid taighde agus go mbeidh sí i bhfíorthosach maidir le feacht nua a ghiniúint agus a úsáid do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta, laistigh de chultúr atá á thiomáint ag nuálaíocht.

- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar pholasaithe agus idirghabhálacha tionsclaíocha i bhfianaise an chomhshaoil iomaíochta atá ag teacht chun cinn, forbairtí maidir le heacnamaíocht uile-oileáin agus an gá atá le cothromaíocht réigiúnach.

Cuaille 2 – Obair agus Foghlaim Ardchaighdeán

Eochairspríocanna

- Feidhmiú ar pholasaithe i margadh an tsaothair a dhéanann forbairt ar chaipiteal daonna agus ar fhoghlaim saoil a chur chun cinn, cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na heacnamaíochta, áisiú a dhéanamh ar mhéadú ar rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus ar rochtain ar fhostaíocht, agus cuidiú le cuimsiú sóisialta.
- Breis feabhais a chur ar fhostaíocht ardchaighdeán trí fheabhas agus fhorfheidhmiú a dhéanamh ar chearta agus ar theidlíochtaí fostaíochta, ag áireamh sábháilteachta agus sláinte sa láthair oibre, agus comhpháirtíocht shóisialta, síocháin thionsclaíoch agus réiteach éifeachtach ar dhíospóidí a chur chun cinn.

Cuaille 3 – Slite Chun go nOibreoidh Margaí agus Rialacháin Níos Fearr

Eochairspríocanna

- A chinntiú go ndéanfaidh an córas reatha rialúcháin margaí éifeachtacha agus iomaíocha a sheachadadh le hardchaighdeán de rialachas corparáideach agus cosanta custaiméara.
- Breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat reachtaíochta, ag tabhairt aird ar an gcleachtas is fearr rialúcháin, go háirithe prionsabail an Rialúcháin Níos Fearr.
- Laghdú ar an gcostas a bhaineann le cúiteamh a sheachadadh agus ar na hamanna seachadadh próiseála d'éilimh um ghortú pearsanta le súil feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargadh árachais le leas na dtomhaltóirí agus na ngnónna.

Cuaille 4 – Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

Eochairspríocanna

- Soláthar a dhéanamh ar thacaíocht agus ar chomhairle phroifisiúnta ardchaighdeáin ar fud na Roinne i réimsí eochairthacaíochta, d'fhonn a chinntiú go mbainfimid amach ár spriocanna gnó agus go leanfaimid de bheith i bhfíorthosach sa chlár nua-aoiseachtaithe.
- Seirbhísí barr feabhais a sheachadadh dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha tríd an úsáid, an fhorbairt agus an leithdháileadh is éifeachtaí dár n-acmhainní a chinntiú agus tríd an uasluach a fháil ar ár gcaiteachas.

Anailís Comhshaoil

I rith 2006, d'fhan an dearcadh d'eacnamaíocht na hÉireann dearfach, le fás OTI de 5.8 faoin gcéad agus fás OTN de 6.3 faoin gcéad. D'fhás earnáil na seirbhísí 6.5 faoin gcéad i rith na bliana, agus ba é an ráta fáis i dtionscail neamhsheirbhísí ná 4.8 faoin gcéad, ag léiriú leanúna de treocht na heacnamaíocht i leith níos mó seirbhísí, ag teacht le heacnamaíochtaí eile forbartha.

Lean margadh an tsaothair ar a bheith buacach leis an bhfás fostaíochta ag tuairim is 85,500 nó 4.3%.

Shroich líon na ndaoine a bhí fostaithe sa Stáit os cionn 2 milliún den chéad uair riamh in ár stair. Bhí líon na n-iomarcaíochtaí ábhairín níos mó i 2006 i gcomparáid le 2005, méadú de 2.3%.

Lean an inimirce uirthi ar a bheith ina cúinse tábhachtach dár rathúlacht eacnamaíochta, agus d'ardaigh líon na n-inimirceach i margadh an tsaothair go dtí tuairim is 52,000.

Tá an treocht bhunúsach seo d'oibríthe ó Bhallstáit nua an AE ag teacht isteach sa tír ag méadú ó thosaigh méadú an AE agus ba lú ná leath líon na gceadúnas oibre a d'eisigh an Roinn in Eanáir – Iúil 2006, i gcomparáid leis an méid a eisíodh sa tréimhse chéanna i 2003.

Ainneoin an praghas cuíosach ard atá ar ola, chomh maith le hardú i rátaí úis agus na brúnna fíoscacha a fhéadfadh an ráta fáis a mhoilliú le mórán dár bpáirtneírí trádála, chomh maith céanna agus in Éirinn, lean ár bhfeidhmíocht easpórtála ag fás, agus táthar ag súil go dtaispeáinfear méadú foriomlán de thuairim is 6 faoin gcéad, agus d'fhás tomhaltas 6.8 faoin gcéad, ag léiriú an éilimh láidir leanúnach tomhaltóra intíre. Tháinig méadú ar líon na n-iompórtálacha chomh maith, tuairim is 8 faoin gcéad, ag léiriú staid láidir na heacnamaíochta intíre chomh maith le hardú i n-easpórtálacha.

Fiú amháin is cúinsí fabhracha ann, chaith gnónna na hÉireann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra i rith 2006. Ina measc sin bhí an iomaíocht a ghabhann le domhandú níos fairsinge, costais níos airde gnó agus ganntanas lucht saothair. Sonraíodh i *dTuarascáil Fhórait na nGnólachtaí Beaga* a foilsíodh i 2006 an ról tábhachtach atá ag gnónna beaga anois i saol

eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an daonra. Thug an Fóram faoi deara chomh maith, cé go bhfuil domhandú agus léirscaoileadh an mhargaidh idirnáisiúnta tar éis mórán margaí iasachta a oscailt do ghnónna na hÉireann, tá láithreach níos mó idirnáisiúnta ann i margadh trádála áitiúil na hÉireann dá thoradh, an áit ina ndéanann formhór de ghnónna na hÉireann a gcuid trádála i láthair na huaire. De réir mar atá cuideachtaí na hÉireann ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht ó imreoirí móra idirnáisiúnta caithfidh siad leibhéil níos fearr nuálaíochta, seirbhíse agus cáilíochta a thairiscint d'fhonn a bheith san iomaíocht. Is an iomaíocht ag fás ar fud na cruinne, caithfear feasta sciar níos mó de rachmas na tíre a ghiniúint trí chuideachtaí dúchasacha leis an acmhainn chun fáis agus chun margaí idirnáisiúnta a bhuanach. Leanfaidh forfheidhmiú Phlean Straitéiseach Fhiontraíocht Éireann 2005 – 2007 dar teideal *Ag Athrú Tionscal na hÉireann*, a thosaigh i 2005, ar a bheith ina thoisc ríthábhachtach chun fócas gear ar dheiseanna fáis a chinntiú, do chuideachtaí indibhidiúla agus do spriocearnálacha nua fáis. Éileoidh seachadadh na straitéise comhcheangal optamaim de ghníomhaíocht chuideachta ar chuideachta chomh maith le tionscnaimh earnála agus ghrúpa. Tá forbairt na heacnamaíochta feasachta ar cheann de na heochairdhúshláin agus de na heochairdheiseanna is mó is gá d'Éirinn aghaidh a thabhairt orthu. Má táimid chun ár rathúlacht reatha a chosaint agus a fhairsingiú tá sé ríthábhachtach go mbeadh Éire ina h-ionad barr feabhais ar chaighdeán domhanda d'fhorbairt agus do shaothrú feasachta.

Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn san eolaíocht le deich mbliana anuas, tá dúshláin suntasacha romhainn amach fós. Níl Éire chomh forbartha sin i gcomparáid lenár n-iomaitheoirí domhanda agus caithfidh sí í féin a thomhas i bhfrithshuíomh le tíortha mar an tSualainn, An Danmhairg agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, tíortha a dtéann fréamhacha a gcóras taighde siar thar breis is céad bliain. Tá na polasaithe agus an chistíocht a sonraíodh sa *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta*, a sheol an Rialtas i 2006 ríthábhachtach d'Éirinn lena háit a bhaint amach mar cheann d'ardeacnamaíochtaí feasachta an domhain agus aitheantas a bheith aici ar fud na cruinne ar fheabhas a cuid taighde.

Cuspóir lárnach don Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta nua, *Towards 2016* is ea feabhas a chur ar bhuntáiste iomaíochta na hÉireann san eacnamaíocht síorathraitheach dhomhanda agus forbairt inbhuanaithe shóisialta agus eacnamaíochta a thógáil. Cuirtear leis an gculpóir seo trí bhéim láidir a leagan ar ghéilleadh do Chearta Fostaíochta. Cuimsíonn an tsamhail nua um ghéilleadh bunú Oifig nua reachtúil tiomanta do ghéilleadh na gCearta Fostaíochta (an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta), méadú faoi thrí ar líon na gCigirí Saothair agus méadú ar acmhainní foirne do na comhlachtaí breithnithe mar an Chúirt Oibreachais, an Binse Achomhairc Fostaíochta agus Seirbhís an Choimisinéara um Chearta. Cuirfidh forfheidhmiú rathúil an chórais nua um ghéilleadh na gCearta Fostaíochta spriocanna dúshlánacha os comhair an Rialtais, fostóirí, fostaithe agus na Comhpháirtithe Sóisialta d'fhonn samhail um ghéilleadh a thógáil a dhéanfaidh cosaint ar fhostaithe agus a chothóidh comhchuibhiú i margadh an tsaothair. Tugann Comhaontú *Towards 2016* aitheantas do ról rithábachtach na déantúsaíochta i bhforbairt eacnamaíochta na hÉireann. Ceadóidh an Grúpa Ardleibhéil Déantúsaíochta a bhunaigh an Roinn seo mar fhreagra ar an tiomantas i *Towards 2016*, agus atá faoi chathaoirleacht ag duine sinsearach tionsclaíochta, d'eochairpháirtithe leasmhara díriú ar na polasaithe agus ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh cothú agus fás ar ár mbonn déantúsaíochta agus aithneoidh siad chomh maith deiseanna nua san earnáil seo atá an-tábhachtach d'eacnamaíocht na hÉireann.

Tá comhshaol seasmhach caidrimh thionsclaíoch agus méadú i toilteanais na bhfostóirí, na n-oibreoirí agus na gceardchumann díospóidí a fhéadfadh tarlú a réiteach ar leibhéal an áit oibre nó, más gá, trí úsáid a bhaint as na seirbhísí um réiteach díospóide atá ar fáil, mar an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus an Chúirt Oibreachais, fós ina chomhdhéantasach tábhachtach de leas eacnamaíochta na hÉireann. Sa chomhthéacs seo, léiríodh feabhas mór ar chomhshaol an chaidrimh thionsclaíoch 2006 leis na méideanna is ísle i dtéarmaí laethanta a cailleadh agus líon na ndíospóidí ar cuireadh tús leo ó rinneadh tiomsú ar staitisticí ar dtús i 1923. I 2006 cailleadh 7,352 lá de thoradh díospóidí tionsclaíocha, i gcomparáid le 26,665 lá i rith 2005.

Dúshlán tábhachtach ag Éirinn é deimhin a dhéanamh de go mbeidh leorsholáthar saothair ann, agus go bhforbrófar lucht oibre ardscoilúil, agus inoiriúnaithe d'fhonn rathúlacht leanúnach eacnamaíochta na tíre a chinntiú. Fócas tábhachtach i rith 2006 ab ea é grúpaí difhostaithe agus neamhghníomhacha a ghníomhú, agus rannpháirtíocht na mban sa lucht oibre a mhéadú. Cé go bhfuil fás tagtha ar ár ráta fostaíochta do mhná le blianta beaga anuas, tá scóip ann fós do bhreis feabhais, go háirithe maidir le mná atá níos sine. Go ginearálta, dúshlán mór atá ann maidir leis an daonra a bheith ag dul in aois agus an laghdú dá réir sa daonra in aois oibre. Cé go bhfuil ráta fostaíochta na hÉireann d'oibrithes níos sine, ar 53 faoin gcéad, níos mó faoi láthair ná sprioc an AE 2010 de 50 faoin gcéad, chuathas i mbun athchóirithe áirithe chun oibrithes atá níos sine a spreagadh le fanúint nó le fillleadh ar an bhfórsa oibre. I measc na n-athchóirithe sin tá ardú na haoise scoir d'iontrálaithe nua san earnáil phoiblí go dtí 65; "próiseas um ghníomhú" mhargadh an tsaothair a fhairsingiú (trína ndéanann an tseirbhís fostaíochta poiblí teagmháil le daoine atá difhostaithe) go daoine atá 55-64 bliain d'aois; agus deireadh céimnithe a chur leis an Líuntas Réamhscoir. Ina theannta sin, tá tús curtha le roinnt scéimeanna chun fostóirí a spreagadh le fostaithe le míchumas a choimeád agus a earcú.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord Pinsin ar leibhéal agus ar acmhainneacht chlúdach pinsin agus beidh seo ina thoisic thábhachtach le cothromaíocht a chinntiú idir fheabhas ar ioncaim scoir agus cumasú oibrithes níos sine le leanúint orthu ag obair. Dúshlán leanúnach is ea é do mhargadh saothair na hÉireann na scileanna atá riachtanach chun ár n-eacnamaíocht a chur chun cinn lena bheith ina ceann atá feachtbhunaithe agus á brostú ag an nuálaíocht a thabhairt isteach ó Iasmuigh den Limistéir Eacnamaíochta Eorpach (LEE), mar nach féidir a fhoinsú laistigh den LEE. Bhí forfheidhmiú an chórais do chineál an chárta ghlais do náisiúnaithe ardscoilúla neamh-LEE agus an córas athbhreithnithe um cheadúnais oibre do phostanna a raibh ganntanas saothair seachas ganntanas scileanna i gceist leo, an-tábhachtach chun deimhin a dhéanamh de go leanfadh oibrithes imirceacha ag cuidiú go dearfach lenár n-eacnamaíocht agus lena bheith rannpháirteach i bhforbairt ár n-infreastruchtúr.

Is é an dúshlán atá ann don tomhaltóir in eacnamaíocht atá ag fás ar luas lasrach, ná deimhin a dhéanamh de ná sáraítear a leas eacnamaíochta. Bainfear amach é seo trí úsáid a bhaint as pholasaí tomhaltóra agus iomaíochta ar bhealach a cheadaíonn don eacnamaíocht fás agus ag an am céanna a dhéanfaidh cosaint leasa na dtomhaltóirí. I rith 2006 lean an tÚdarás Iomaíochta lena chuid staidéir ar earnálacha éagsúla na heacnamaíochta rud a chuir le feasacht ar an gcaoi ar féidir le hiomaíocht (nó easpa iomaíochta) cur isteach (go dochrach) ar an tomhaltóir. Ar thaobh an tomhaltóra de, lean Bord na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí lena chláracha feasachta ar shaincheisteanna éagsúla tomhaltóra. Tá dréachtú déanta ar reachtaíocht laistigh den Roinn chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú ar bhonn reachtúil. Ina theannta sin, déanfaidh an reachtaíocht an Treoir um Chleachtas Éagóracha Tráchtála a thrasú agus déanfaidh nua-aoisiú suntasach ar an dlí tomhaltóra. Lasmuigh den iliomad tiomantas i Ráiteas Straitéise 2005-2007, bhí an Roinn rannpháirteach go dian in ullmhúcháin dá n-ionchur sa Phlean Náisiúnta Forbartha (PNF) 2007-2013 a sheol an Rialtas in Eanáir 2007. Beidh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i bhfeighil infheistíochta 13.7 billiún san iomlán in Eolaíocht, Fiontraíocht agus Nuálaíocht agus i gCaipiteal Daonna faoin PNF nua. Seo a leanas príomhfhócas na hinfeistíochta sin:

- Poist le hardluach a chruthú agus a choinneáil;
- Easpórtálacha na hÉireann a fhás trí fhiontraíocht na hÉireann agus trí chuideachtaí infheistíochta díreacha iasachta;
- Scileanna breise a mhúineadh d'oibrithe tríd an Straitéis Náisiúnta um Scileanna; agus
- An chistíocht um Straitéis na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a dhúbailt.

Tá an infheistíocht seo de €13.7 billiún comhdhéanta de €7.7 billiún chun an lucht oibre a thraenáil agus breis scileanna a mhúineadh dóibh, €3.3 billiún d'Infheistíocht Fiontraíochta agus €2.7 billiún mar chuid den infheistíocht fhoriomlán de €8.3 billiún in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus i Nuálaíocht.

Ar deireadh, ba é 2006 an pointe leath slí de Ráiteas reatha Straitéise na Roinne seo, a chlúdaíonn an idirthréimhse 2005 – 2007. Tá seachadadh na dtiomantas sa Straitéis sin rithábhachtach d'fhás leanúnach ar n-eacnamaíochta. Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach an dul chun cinn a rinneadh maidir leis seo i 2006.

Achoimre ar na hEochairnithe a Baineadh Amach i 2006

Cuaille 1 – Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás

- Rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus i seoladh Straitéis chuimsitheach *Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-13* a dhéanann soláthar d'fhorbairt leanúnach ar chóras ardchaighdeán dhomhanda taighde le tacaíocht ón infreastruichúr ábharthach fisiciúil agus daonna, agus trí struchtúir leathan a bhunú ar leibhéal oibríochta, chun a fhorfheidhmiú a thabhairt chun cinn ar bealach a chuimsíonn an Rialtas go hiomlán.
- Foilseachán *Thuarascáil an Fhórait um Ghnólachtaí Beaga*. Tá trí phríomhchuspóir i moltaí an Fhórait: comhshaol níos fearr a chruthú d'fhiontair bheaga; fás fhiontair bheaga a spreagadh; agus breis fiontair agus fiontair níos fearr a thosú.

Cuaille 2 – Obair agus Foghlaim Ardchaighdeán

- An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006, a rith an tOireachtas a bhunaíonn creat reachtúil inar féidir polasáí gníomhach, bainistithe eacnamaíochta imircí a fhorfheidhmiú agus a dhéanann soláthar ar chosaintí tábhachtacha nua d'oibríthe imirceacha in Éirinn.
- Rannpháirtíocht i gcríochnú tuarascála Shainghrúpa Forfás ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin dar teideal '*Scileanna an Lae Amárach – I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna*'.
- Foilseachán ar *Phlean Earnála um Dhaoine le Míchumas* na Roinne.
- Rannpháirtíocht sna cainteanna a chríochnaigh le Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta nua na hÉireann, *Towards 2016*, a aontaíodh idir an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta. Déantar soláthar ar phacáiste nua um ghéilleadh do chearta fostaíochta sa chomhaontú chomh maith le reachtaíocht nua agus bunú Údarás nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta.
- Tíocfaidh na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus ag an Obair (Tógáil) i bhfeidhm ar an 6ú Samhain 2006. D'éascair na rialacháin seo ó phróiseas cuimsitheach athbhreithnithe a thosaigh ag Coiste Comhairleoireachta Tógála an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (USS) i 2002.

Cuaille 3 – Slite Chun go nOibreoidh Margaí agus Rialacháin Níos Fearr

- Achtú ar an *tAcht (Leasú) Iomaíochta 2006* a rinne cúlghairm ar an Ordú um Chleachtais Shriantacha (Earraí Grósaeireachta) 1987. Chomh maith le deireadh a chur leis an Ordú um Earraí Grósaeireachta, rinne an tAcht forálacha an Achta Iomaíochta, 2002 a dhaingniú.
- Críoch leis an dréachtú den Scéim Ghinearálta um Bille nua Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe do Chuideachtaí, ag an nGrúpa Athbhreithnithe um Dhlí Cuideachta, bille ina bhfuil tuairim is 1,300 alt.

Cuaille 4 – Seachadadh Gnó, Nua-aoisiú agus Fócas Custaiméara

- *Plean Gníomhaíochta um Nua-aoisiú Towards 2016* a réiteach ag leagan amach spriocanna agus tionscnaimh soiléire a ndéanfaidh an Roinn iarracht ar iad a sheachadadh mar leanúint dár gclár oibre nua-aoisithe i rith an chéad chéim den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta is déanaí. Cinnteoidh an Plean Gníomhaíochta forbairt leanúnach ar Roinn a bheidh níos solúbtha, nua aoisí agus níos aclaí ag seachadadh a spriocanna misin agus gnó dá custaiméirí/páirtithe leasmhara.
- Foilsiú an chéad *Straitéis Traenála agus Forbartha* na Roinne. Is aidhm don Straitéis deimhin a dhéanamh de go mbeidh an deis ag gach ball foirne na hinniúlachtaí atá riachtanach lena gcuspóirí gnó a bhaint amach a fhorbairt i rith na tréimhse 2006 go 2008, agus dá réir ag cuidiú le spriocanna gnó na Roinne a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí Tras-Rannógacha

- Comhaontú maidir le hionchur €13.7 billiún an Rialtais sa *Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013*. Seoladh an PNF nua in Eanáir 2007.

Achoimre ar na hEochair –Thosaíochtaí a Aithníodh sa Ráiteas Straitéise

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Bunaíodh an Grúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) chun roghanna polasaí a fhorbairt do straitéis fiontraíochta na hÉireann d'fás agus d'fhostaíocht sna deich mbliana atá amach romhainn. Foilsíodh a dtuarascáil – *Ahead of the Curve, Ireland's Place in the Global Economy* – in Iúil 2004. Tar éis a foilsithe d'aontaigh an Rialtas ar phlean gníomhaíochta a leanfadh í. Tá an plean gníomhaíochta seo mar bhonn d'fhorfheidhmiú mholtaí an GSF agus déanfaidh an Grúpa Comhairleoireachta Fiontraíochta monatóireacht ar an bpróiseas. Leanadh d'fheidhmiú an phlean i 2006 agus meastar go gcríochnóidh an grúpa a chuid oibre in 2007.

Gnólachtaí Beaga

Foilsíodh Tuarascáil an Fhórait um Ghnólachtaí Beaga ar an 16ú Bealtaine 2006 agus rinne soláthar don Rialtas ar athbhreithniú den chomhshaol do ghnólachtaí beaga in Éirinn. Mhol an Fóram tacar moltaí a dearadh leis an uasmhéid d'acmhainn cuidithe a fháil ó earnáil na nGnóthas Beaga agus Meánacha (GBM) d'eacnamaíocht na hÉireann.

Tá an-dhul chun cinn déanta cheana féin ar fhorfheidhmiú mholtaí an Fhórait a thiteann laistigh de shainchúram an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus táthar ag súil go gcabhróidh na tionscnaimh nua agus feabhsaithe a ndearnadh seachadadh orthu mar fhreagra ar Thuarascáil an Fhórait, chun acmhainn iomlán na h-earnála a scaoileadh.

Infheistiú i dTaighde agus i bhForbairt

D'fhan an fhorbairt ar eacnamaíocht feasachta mar eochair-thionscnamh polasaí ag an Rialtas agus ag an Roinn i 2006. Tá na struchtúir nua um chomhordú agus rialachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ETN) atá curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ó dheireadh 2004, ina bhfuil ról lárnach ag an Roinn, tar éis cuidiú le forbairt ar pholasaí níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí san eochair-réimse seo. Ar an 18ú Iúil 2006, d'fhoilsigh an Rialtas a *Straitéis chuimsitheach Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta* don tréimhse 2006-2013, a d'forbair an Coiste Idir-Rannach um ETN faoi stiúir an Fho-Choiste Chomh-Aireachta ar a raibh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Micheál Martin

TD ina chathaoirleach. Déanann an Straitéis soláthar ar fhorbairt leanúnach ar chóras ardchaighdeán taighde, le tacaíocht ón infreastruchtúr riachtanach fisiciúil agus daonna. Tá meicníochtaí sonraithe sa Straitéis chomh maith chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfar an luach is mó is féidir tráchtála dár n-infheistiú shuntasach i dtaighde. Maidir le fiontraíocht, leagann an Straitéis amach struchtúir agus meicníochtaí chun feabhas a chur ar thacaíochtaí do thionscail agus le spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí páirt níos mó a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha. Comhpháirt lárnach den bPlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 is ea an Straitéis, le hinfeistiú de €8.2 billiún in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht chun an eacnamaíocht feasachta a sheachadadh agus Éire a chur ar chomhchéim le feidhmiúcháin taighde agus forbartha i dtíortha cinnireachta ar fud na cruinne.

Ceisteanna um Imirce Eacnamaíochta

Cuirtear polasaí um imirce eacnamaíochta le chéile laistigh de chomhthéacs ina bhfuil an fhócas dírithe ar fhreastal ar ár riachtanais scileanna, ar an gcéad dul síos ar scileanna breise a mhúineadh dár lucht oibre cónaithe agus ar an dara dul síos, ar uasmhéadú acmhainne náisiúnaithe ón Limistéir Eacnamaíochta Eorpach (LEE) chun ár n-easpaí scileanna a líonadh.

Sa chomhthéacs seo, is aidhm don pholasaí um imirce eacnamaíochta deimhin a dhéanamh de go mbeidh córas sofhreagrach, bainistithe agus scileanna-bhunaithe um cheadanna fostaíochta againn chun freastal ar na riachtanais scileanna sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ina éagmais.

Tháinig An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2007 agus tháinig na socruithe nua imirce eacnamaíochta i bhfeidhm ar an 1ú Feabhra 2007. Chuimsigh sna socruithe seo nua cárta glais do phostanna a mbaineann ganntanas saothair leo, socruithe athbhreithnithe um cheadúnas oibre, scéim nua aistrithe idir-chuideachta agus scéim um cheadúnas oibre do chéilí agus do chleithiúnaithe.

Foghlaim Ar Feadh Saoil

Lean an infheistíocht suntasach i bhfoghlaim ar feadh saoil do dhaoine d'aois oibre i 2006 le €440 milliún leithdháilte do raon de chláir. Chuimsigh seo €141 milliún le nuasciliú a dhéanamh ar dhaoine i bhfostaíocht.

Tá tiomantas déanta sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, *Towards 2016* chun acmhainní a mhéadú a thuilleadh agus le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta Scileanna a chuirfidh creat straitéiseach d'fhorfheidhmiú straitéise scileanna agus traenála i bhfeidhm suas go dtí an bhliain 2020.

Rinne an Roinn cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha a chríochnaigh tuarascáil Sainghrúpa Forfás ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin dar teideal '*Scileanna an Lae Amárach – I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna*'.

Daoine le Míchumas

Bhí an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar cheann de shé Roinn Rialtais a d'fhoilsigh Plean Earnála faoin Acht um Míchumas 2005 chun soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí do dhaoine le míchumas. Sheol an Rialtas na sé Phlean Earnála ar an 21ú Iúil, 2006, mar eochair eilimint den Straitéis Náisiúnta Míchumais.

Clúdaíonn Plean Earnála na Roinne an tréimhse 2006 – 2010. Tá roinnt eochairthionscnamh cuimsithe ann atá dírithe ar: chomhionannas deiseanna a chur chun cinn sa mhargadh oscailte saothair do dhaoine le míchumas; breis forbartha a dhéanamh ar an gclár príomhshruithaithe oibre laistigh den Roinn agus a gníomhaireachtaí; cabhrú le daoine le míchumas chun a neamhspleáchas eacnamaíochta agus sóisialta a mhéadú; agus níos mó cuimsithe sóisialta a chur chun cinn. Ina theannta sin tá moltaí sa Phlean chun seirbhísí inrochtana ag an Roinn agus a gníomhaireachtaí a sholáthar do na ceithre bliana atá le teacht.

Daoine Dífhostaithe agus Daoine Dífhostaithe go Fadtéarmach

Tá éagsúlacht clár agus tacaíochta traenála do mhargadh an saothair á sholáthar ag FÁS i gcónaí de bhreis ar sheirbhísí socrúcháin agus gairmthreoracha.

Tar éis a measta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, FÁS agus An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, tá na moltaí atá sonraithe san athbhreithniú den Straitéis Coisctheach² á bhforfheidhmiú ag FÁS agus ag An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Grúpa Straitéise Tomhaltóra

Ba é príomh-mholadh an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóra, a cheadaigh an Coiste Ard-Leibhéal Idir-Rannach, ná an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú. Maidir leis seo, rinneadh dréachtú ar reachtaíocht ag déanamh soláthair do bhunú na gníomhaireachta nua (an Bille um Chosaint Thomhaltóirí) i rith 2006 agus a foilsíodh go luath i 2007 agus bunófar an Gníomhaireacht nua ar bhonn reachtúil sa chéad leath de 2007.

Polasaí Iomaíochta

Rinneadh cúlghairm ar an Ordú um Chleachtas Shriantacha (Earraí Grósaeireachta) 1987 trí achtú an Achta Iomaíochta (Leasú) 2006 i Márta 2006. Déanann an tAcht daingniú chomh maith ar fhorálacha an Achta Iomaíochta, 2002, trí chosc ar leith a chur ar íosmhéid na bpraghasanna miondíola ag soláthróirí (cothabháil ar an bpraghas athdíola), leithcheal sa trádáil ghrósaeireachta agus trí liúntais fógraíochta agus "airgead aitheantais" a íoc. D'iarr an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD ar an Údarás Iomaíochta athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí san earnáil ghrósaeireachta i bhfianaise an chomhshaoil nua rialacháin, agus anailís ar fhorbairtí san earnáil ghrósaeireachta ag díriú ar threochtaí na bpraghasanna, an struchtúr an mhargaidh agus na bacainní iontrála sa leath deiridh de 2007.

Comhaontuithe Comhpháirtíochta Náisiúnta

Lean an Roinn lena rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas Comhpháirtithe Sóisialta i rith na bliana trína bheith rannpháirteach in idirbheartaíocht maidir comharba ar an Dul Chun Cinn a Choinnéail. Thosaigh na cainteanna seo i Mí Feabhra agus daingníodh an comhaontú creata Comhpháirtíochta Sóisialta deich mbliana – I dTreo 2016 – ar an 5ú Meán Fómhair 2006. Léiríonn an comhaontú an chomhfhís agus an chreat

2 www.entemp.ie/labour/services/napstrategy.htm

chomhaontaithe do rathúlacht leanúnach na hÉireann chun a cuspóirí uailmhianacha eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach. Go háirithe, déanfaidh an pacáiste nua um ghéilleadh do Chearta Fostaíochta a ndéantar soláthar dó sa chomhaontú, a chuimsíonn reachtaíocht nua chomh maith le bunú Údarás nua Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, gealltanais a thabhairt don chosaint láidir is gá do chaighdeáin fostaíochta, agus ag an am céanna ag déanamh deimhin de go leanfaidh Éire de sholáthar scothchomhshaoil do ghnó agus do chruthú post. Leagtar amach na sonraí i gCuaille 2 – “Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin” – den Tuarascáil seo. Tá roinnt tiomantas eile sa Chomhaontú a thagann laistigh de shainchúram na Roinne seo agus déantar iad seo a phlé in Ailt eile den Tuarascáil seo.

Diminsean Idirnáisiúnta

Lean an Roinn uirthi ag déanamh deimhin d’fhorbairt margáí easpórtála na hÉireann i gcónaí. Ainneoin is deacrachtaí eacnamaíochta i gcuid dár n-eochairmhargáí, tuigtear ós na figiúirí is déanaí (chomh fada le Deireadh Fómhair 2006) ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) go dtiocfaidh fás ar thuairim de 3 faoin gcéad ar luach easpórtálacha na n-earraí marsantachta don bhliain, i gcomparáid le 2005. I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn maith go háirithe i margáí na mBallstát nua an AE agus san Áise. Bhí farasbarr trádála na hÉireann breá sláintiúil arís eile i 2006. Cé nach bhfuil fáil fós ar shonraí easpórtála seirbhíse do dheireadh 2006 ón bPOS, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an earnáil seo ag fás i gcónaí agus is ionann é agus tuairim is 40 faoin gcéad d’iomlán na n-easpórtálacha faoi láthair.

I 2006, lean Éire de bheith ina Leasbhall den Chomhlacht Rialachais den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) de bhíthin a tofa do théarma trí bliana i Meitheamh 2005. D’fhreastal toscaireacht tríthaobhach comhdhéanta den Rialtas agus Comhpháirtithe Sóisialta ar an 94ú Comhdháil EIS i bhFeabhra 2006. Ghlac an Chomhdháil leis an gCoinbhinsiún Muirí 2006, rud a dhéanann comhdhlúthú ar na caighdeáin uile muirí EIS roimhe seo.

Dílárú

Ó d’fhógair an Rialtas an chlár díláraithe, tá an-dul chun cinn déanta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

chun Aonaid Ghnó a ullmhú le 250 éigin pearsanra de chuid na Roinne a aistriú go Ceatharlach.

Mórfhorbairt ab ea an chinneadh i 2006 tabhairt faoi réamhaistriú go Ceatharlach, le háisiú a dhéanamh do bhaill na foirne ar mhian leo aistriú níos luaithe ná mar a cheadóidh an dáta measta do chríochnú an bhuanfhoirgnimh. Tá an obair sa réimse seo ag dul chun cinn go maith agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis a dheimhniú go bhfuil tagtha chun réitigh acu le forbróir chun soláthar a dhéanamh ar chóiríocht i rith an chéad leath de 2007. Ceadóidh an réamhaistriú seo le tuairim is 80-100 ball foirne le dílárú sa chéad leath de 2007.

Lean den obair chomh maith ar sholáthar a dhéanamh ar oifigí buana na Roinne tar éis gur ceannaíodh suíomh suntasach feicéalach i lárbaile Cheatharlach i 2005. Ó thaobh na foirne de, thosaigh an sannadh foirne do “Phoist Cheatharlach” i 2006 agus faoi dheireadh an bliana, bhí 95 duine sannta agus ullamh le dílárú. Tá sé i gceist go gcríochnófaí an próiseas seo faoi dheireadh 2007, chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfar leorthraenáil ar an bhfoireann roimh an aistriú substaintiúil go Ceatharlach.

Clár Oibre um Nua-Aoisíú

Bhuail ceithre Ghrúpa Oibre um Thionscnamh Bainistíochta Straitéisigh (TBS) na Roinne – (1) Ardchaighdeán Seirbhíse Custaiméara agus Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht; (2) Bainistíocht Airgeadais; (3) Bainistíocht Acmhainní Daonna; agus (4) Bainistíocht na gCóras Feasachta – lena chéile go rialta i 2006 chun a gclár oibre a chur chun cinn agus an clár oibre um nua-aoisíú a chur chun cinn ar fud na Roinne. Bunaíodh grúpaí eile dá leithéid chomh maith, mar ba chúig, ar bhonn téamach e.g. Dílárú. Chuir obair na nGrúpaí le cur chun cinn roinnt gníomhaíochtaí um nua-aoisíú i rith 2006, ag áireamh forfheidhmiú na Straitéise um Acmhainní Daonna, críochnú roinnt tograí suntasacha TEC agus measúnú ar na himpleachtaí a bheadh ag an Tionscnamh nua um Luach ar Airgead agus Athchóiriú ar phróiseas na Meastachán.

I rith na bliana 2006, chuir an Roinn dhá thuarascáil isteach go dtí Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na

Státseirbhíse ag sonrú an dul chun cinn a rinneadh maidir le seachadadh na dtiomantas a bhí sonraithe inár bPlean Gníomhaíochta faoi Dhul Chun Cinn a Choinneáil, a cuireadh le chéile faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta deireanach. Thug an Ghrúpa faomhadh don dá thuarascáil.

I rith 2006 réitigh an Roinn Plean Gníomhaíochta um Nua-aoisiú chomh maith ag leagan amach spriocanna agus tionscnamh soiléire a ndéanfaidh an Roinn iarracht ar iad a sheachadadh mar chuid dár gclár oibre um nua-aoisiú i rith an chéad chéim den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta is déanaí – I dTreo 2016 – ag cur leis an gclár um nua-aoisiú atá sonraithe inár bPlean Gníomhaíochta um Dhul Chun Cinn a Choinneáil.

Rialachán Níos Fearr

Bunaíodh an Fóram um Rialachán Gnó ag deireadh 2005. Is é an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a dhéanann rúnaíocht ar an bhFóram. Tá an Fhóram comhdhéanta de dhaoine agus d'ionadaithe gnó d'eochair-Ranna Rialtais, agus tá sé mar fhócas ag an bhfóram an costas um ghéilleadh nó an costas riaracháin a bhaineann le rialacháin, ar ghnó a laghdú. I 2006 d'iarr an Fhóram ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach agus fuarthas tuairim is 40 ceann mar fhreagra agus rinne an fóram cás-staidéir ar tionchar rialacháin ar shampla de sé ghnólacht. Rinne an Fóram staidéar píolótach ar shlite chun an chostas riaracháin a ghabhann le dhá rialachán ar leith a laghdú. Rinne an fhóram iniúchadh ar thaighde nó ar gníomhaíochtaí eile, go hidirnáisiúnta chomh maith, maidir leis an tromualach a ghabhann le rialacháin ar an earnáil ghnó. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh, déanfaidh an Fhóram tuarascáil a sheoladh go dtí an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta sa chéad ráithe de 2007.

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Lean IdirThrádáil Éireann ag forbairt eochairghrásáin gnó in oileán na hÉireann agus thug tacaíocht do raon leathan tionscnamh dírithe ar fheabhas a chur ar acmhainn na ngnónna a bhfiontar a fhás ar bhonn uile-oileáin.

Críochnaíodh *'Staidéar Cuimsitheach ar an Eacnamaíocht Uile-Oileáin'*. Leagann an staidéar réasúnaíocht shoiléir agus láidir eacnamaíochta amach do ghníomhaíocht eacnamaíochta uile-oileáin. Tá tús curtha le tionscnamh nua trasteorann, Tionscnamh Geatabhealaigh an Iarthuaiscirt, chun an t-uasmhéid acmhainne do Réigiún an Iarthuaiscirt a bhaint amach.

CUAILLE 1

Fiontraíocht, Nuálaíocht, Fás



Iomaíochas

Cuspóir

Iomaíochas a chur chun cinn d'fhonn leibhéal táirgiúlachta a bhaint amach in Éirinn a bheadh comhionann leis na heacnamaíochtaí is mó atá chun tosaigh sa domhan trí thosaíocht a thabhairt d'idirghabhála polasaí i réimsí fiontraíochta, infheistíochta i dtaighde agus i bhforbairt pholasaí iomaíochta agus tomhaltóra, athchóiriú rialúchán, forbairt acmhainne daonna agus athchóiriú ar an earnáil phoiblí. Ag teacht leis seo beidh fócas ar iomaíochas costais d'fhonn praghsanna coibhneasta a thabhairt ar ais a thiofadh leo sin i dtíortha comparadóra; agus trí thiomantas oibriú lenár bpáirtithe san AE ar ghníomhaíochtaí chun spriocanna iomaíochais Lísipóin a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Coinneoidimid próifíl ard ar cheisteanna agus ar dhúshlán iomaíochais le linn na tréimhse straitéise trí thuirisc a thabhairt don Rialtas gach sé mhí.

Tabharfaimid tuarascáil bhliantúil don Rialtas ar an Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais agus ar Dhúshlán na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus déanfar athleanúint gníomhbhunaithe ar na moltaí.

I gcomhthéacs an iomaíochais idirnáisiúnta, shocraigh tuarascálacha tagarmharcála mar Bhlianiris Iomaíochais Dhomhanda na hInstitiúide um Fhorbairt Bhainistíochta an Fhórait Eacnamaíochta Domhanda, gur choimeád agus gur fheabhsaigh Éire a hardchéimíúlacht fhoriomlán náisiúnta i 2006.

Leanann an Roinn ag cur a ceisteanna iomaíochais chun cinn go gníomhach trí ghrúpaí idir-rannacha agus trí oibriú le Forfás agus leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI), ar a bhfuil oifigeach sinsearach Roinne ag freastal mar bhall den Chomhairle. I rith 2006 thug an Roinn tuarascáil don Rialtas freisin ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm mholtaí 2005

na CNI. Cuireadh a lán de mholtaí 2005 na Comhairle i bhfeidhm de réir pholasaí an Rialtais.

Aontaíodh i dTuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2005 CNI, a foilsíodh i rith 2006, gur lean ardfheidhmíocht eacnamaíochta na hÉireann, le tacaíocht ó shruth leanúnach infheistíochta isteach agus fás láidir ar fhostaíocht. Thug an CNI tuairisc gur ardaigh na bunthiománaithe fáis seo Éire 10 n-ionad go dtí an 11ú ionad i léigthábla an OECD a thomhaiseann OTN per capita³. Tá táirgiúlacht ina heilimint riachtanach, i dtéarmaí iomaíochais náisiúnta, maidir le caighdeán mhaireachtála a ardú. Thug an CNI tuairisc gur tháinig ardú dhá ionad ar fheidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann ar rangú an OECD, go dtí an 14ú ionad do tháirgeacht san uair an chloig.⁴ Rinne feidhmíocht láidir na heacnamaíochta ráta dífhostaíochta na hÉireann a rangú sa dara háit is fearr i measc eacnamaíochtaí an OECD.⁵

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid ainilís téamach nó earnála ó am go chéile, de réir mar is gá, ar cheisteanna iomaíochais.

I rith 2006, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Forfás ar roinnt dá Ghrúpaí Stiúrtha, as ar foilsíodh réimse de staidéir agus anailíseanna ar bhainistíocht fuíollábhair, spleáchas ar ola, nuálaíocht seirbhísí agus tagarmharcáil leictreonach ar praghsanna⁶. Scrúdaigh na tuarascálacha seo gnéithe tráthúla agus tábhachtacha den iomaíochas agus thaispeáin roghanna úsáideacha polasaí a bheadh chun leasa an iomaíochais ar an leibhéal náisiúnta agus gnóilachta.

³ Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2006, Comhairle Iomaíochta Náisiúnta, l.19 fig.2.1.

⁴ Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2006, Comhairle Iomaíochta Náisiúnta, l.39 fig.3.2.

⁵ Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2006, Comhairle Iomaíochta Náisiúnta, l.56 fig.3.53.

⁶ Is féidir na foilseacháin seo a rochtain ag http://www.forfas.ie/publications/_year/_2006.html

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tabharfaimid tacaíocht ghníomhach, mar chuid den deonachán náisiúnta do Straitéis Liospóin, do ghlacadh go héifeachtach agus do chur i bhfeidhm na réimsí agus na hionstraimí polasaí, a aontaíodh tar éis athbhreithniú meántéarma Liospóin, a thit laistigh de raon na Roinne. Mar chuid den ghealltanas feabhas a chur ar “úinéireacht” pháirtí leasmhar náisiúnta ar an gclár, áireoidh seo caidreamh tráthúil agus éifeachtach leis an gCoiste Oireachtais ar Ghnóthaí an AE ar cheisteanna a éiríonn. Áireoidh sé freisin comhpháirtíocht éifeachtach le foirne tras-Rannach ar chlár oibre an AE, agus Liospóin ach go háirithe.

D’fhonn “straitéis Liospóin” a bhaint amach d’fhás agus jabanna, ghlac an Roinn an phríomhfhreagracht – i gcomhairle le Ranna eile iomchuí Rialtais – i ndrúachtú na bpolasaithe micreacnamaíochta agus fostaíochta, in ullmhúchán do chur isteach an Tuarascála ar Dhul Chun Cinn ar Chlár Náisiúnta Athchóirithe Liospóin (CAN) go dtí an Coimisiún Eorpach.

Bhí an Roinn lánbhainteach leis na hathbhreithnithe leanúnacha agus leis na próisis fhaireachais tíre maidir leis na heilimintí iomaíochais agus fostaíochta den CAN, chomh maith le freastal ar na cruinnithe athbhreithnithe phiaraí sa Bhruiséil.

Ghlac an Coimisiún leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar “Liospóin” ar an 12ú Nollaig, 2006. Thuairisc an Coimisiún go bhfuil an-dul chun cinn déanta ag Éirinn i gcur i bhfeidhm ár CAN agus maidir le gealltanais a déanadh ag Comhairle Earraigh na hEorpa 2006 – ar chruinniú de Cheannairí Stáit agus Rialtais é. Scrúdóidh na Comhairlí éagsúla eanála an Tuarascáil, sula a gcuirtear faoi bhráid Chomhairle Earraigh na hEorpa é i 2007, a dhéanfaidh cinneadh ar na gníomhaíochtaí a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun Clár Oibre Liospóin a chur chun cinn.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú ghlac an Roinn páirt ghníomhach sa chóras d’Iniúchadh an Oireachtais ar mholtaí an AE, agus dhéileáil le breis agus 103 moladh ar ar ullmhaíodh nótaí eolais a cuireadh faoi bhráid an

Oireachtais. Tarchuireadh sé cinn déag de na moltaí seo chuig Comhchoistí éagsúla an Oireachtais go ndéanfaí tuilleadh iniúchadh orthu. Chuir an Roinn tuarascálacha sé mhí do 2006 faoi bhráid an Oireachtais freisin faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.

Ina theannta sin, d’éirigh leis an Roinn 18 Treoir ón AE a thrasú (agus thrasuigh cuid de Threoir amháin) chuig an dlí dúchais i rith na bliana. Tá 16 Treoir ann faoi láthair atá ag fanacht ar thrasúimh sa tréimhse go dtí 2010. Baineadh amach ráta de 1.2 “easnamh trasuimh” tríd na Ranna do Threoracha don mhargadh inmheánach i mí na Nollag in ionad an sprioc de 1.5 a leag na Ballstáit amach do Threoracha atá dhá bhliain nó níos lú thar téarma.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tabharfaimid tacaíocht réamhghníomhach d’iarrachtaí Chomhairle Iomaíochais an AE a bheith ina bpríomhthiománaí ar athchóirithe a bhaineann le hiomaíochas ar leibhéal an Aontais.

Déanadh réimse oibre comhordaithe, líonrú, bailiú eolais agus ceist-thionchar freisin le tagairt ar leith do Chomhairle Iomaíochais an AE. Chuige sin leanamar, i gcomhoibriú lenár mBuanionadaíocht sa Bhruiséil, ag glacadh páirt ghníomhach in idirbheartaíochtaí an AE go mbeadh tionchar againn ar thorthaí chéimeanna reachtaíochta agus neamhreachtaíochta an AE. I rith na bliana, i gcomhthéacs cheisteanna Iomaíochais an AE, chuireamar fócas ar: iomaíochas agus táirgiúlacht; rialachán níos fearr agus simpliú ar reachtaíocht an AE; neartú polasaí nuálaíochta agus Clár T & F; agus an margadh inmheánach. Ghlac an Roinn ról tosaíochta san idirbheartaíocht ar an Treoir Seirbhíse, REACH (Rialachán nua Ceimiceán) agus athchóiriú ar Chúnaimh Stáit.

Ghlacamar páirt ghníomhach i rith na bliana, mar chuid dár n-ionchur don Chomhairle Iomaíochais, sa Ghrúpa Ardleibhéil ar Iomaíochas agus Fás agus sa Ghrúpa Polasaí Fiontraíochta.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid le comhairliúchán agus le feacht ar cheisteanna a mbíonn tionchar acu ar earnála áirithe fiontraíochta agus leanfaimid lenár n-iarrachtaí go dtabharfaí aghaidh ar na ceisteanna seo chomh fada agus is féidir é ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta.

D'oibrigh an Roinn in éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar athruithe ar threoirlínte maidir le táillí forbartha áitiúla agus, mar chuid dá próiseas comhairliúcháin phoiblí ar an bPáipéar Glas ar Pholasáí Fuinnimh, sholáthair sí peirspictíocht iomaíochais don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. De bharr inní maidir leis na himpleachtaí iomaíochais a bhaineann le méaduithe ar phraghas fuinnimh, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an gCoimisiún um Rialú Fuinnimh (CRF) faoi impleachtaí iomaíochais a ghníomhaíochtaí. Mar thoradh air sin, déanfar socruithe nua i rith 2007 chun béim a leagan ar thábhacht an iomaíochais i gcomhthéacs freagrachtaí neamhspleácha, reachtúla an CRF.

Sholáthair ár dtacaíocht agus ár gcur chun cinn ar chlár oibre an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) agus ar mholtaí na Comhairle Náisiúnta iomaíochais na príomhuirlisí chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochais a mbíonn tionchar acu ar an earnáil fiontraíochta ar an leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal an AE thacaíomar le agus leanaimid ag cur gníomhaíochtaí i bhfeidhm faoi phríomheilimintí "Chlár Oibre Liospóin" a bhaineann leis an earnáil fiontraíochta tríd an gClár Athchóirithe Náisiúnta.

I 2006, bhuail an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, agus oifigigh, le comhlachtaí agus eagraíochtaí ionadaíochta, as roinnt earnálacha, chun plé a dhéanamh ar fhachtóirí a mbíonn tionchar acu ar iomaíochas gnó agus pléadh na ceisteanna seo leis na húdaráis iomchuí, ar leibhéal baile agus AE.

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Cuspóir

Moltaí thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) a chur i bhfeidhm de réir chinneadh an Rialtais.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Rachaimid chun cinn, ag teacht le cinní an Rialtais agus leis an bplean aontaithe gníomhaíochta, le moltaí na tuarascála ag an GSF a chur i bhfeidhm.

Úsáidfimid an Sainghrúpa, a cuireadh le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí an GSF, chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú i mbaint amach an chuspóra seo.

Tuairisceoidimid don Rialtas dhá uair in aghaidh na bliana ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm mholtaí an GSF agus tabharfar tuairisc ar na gníomhaíochtaí seo i dtuarascáil bhliantúil na Roinne.

Tá sainordú ag an nGrúpa Comhairleach Fiontraíochta⁷, a bhfuil an tUas. Michael Buckley ina chathaoirleach air, tuairisc a thabhairt don Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta. Thug an Cathaoirleach tuarascáil don Aire dhá uair i rith na bliana atá faoi athbhreithniú ar stádas feidhmiúcháin an GSF. D'aithin na tuarascálacha seo an móiminteam leanúnach agus an ghníomhaíocht feidhmiúcháin sa Roinn, agus a Gníomhaireachtaí atá freagrach as clár oibre an GSF a bhrú ar aghaidh. In éineacht leis an luathobair feidhmiúcháin a déanadh i rith 2005, déanadh tuilleadh dul chun cinn suntasach i rith 2006, ag áireamh foilsíú Straitéise náisiúnta d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíochta (ag clúdach eilimintí eolaíochta agus teicneolaíochta de chlár an GSF); críochnú réimis nua inimirce scileannabhunaithe leis an taca reachtúil a bhaineann leis; achtú reachtaíochta thánaisteach chun éascú a dhéanamh ar chomhordú Fhiontraíocht Éireann ar ghníomhaíochtaí na mBord Fiontraíochta Cathrach

⁷ Tá teacht ar phreaseisiúint ag fógairt ballraíocht an ghrúpa agus cuspóirí ar fáil ag <http://www.ntemp.ie/press/2005/20051009.htm>



Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus Joe Macri, Cathaoirleach Fhóram na nGnólachtaí Beaga ag seoladh Thuarascáil Fhóram na nGnóthas Beaga.

agus Contae (BFC); méadú suntasach ar infhaighteacht síolchaipitil agus chaipitil fhiontraíochta do chomhlachtaí nua-thosaíochta agus cinn atá ag méadú; agus athruithe tábhachtacha ar shocruithe cánach faoin Scéim Méadaithe Gnó chun feabhas a chur ar an timpeallacht do chaipiteal riosca ag fiontair bheaga agus meánacha.

Gnóthas Beag

Cuspóir

A chinntiú gurb ann do timpeallacht fhabhrach d'fhás agus d'fhorbairt ghnóthais bheag in Éirinn.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanfaimid athbhreithniú ar an timpeallacht do ghnóthais bheaga in Éirinn, maidir leis na fachtóirí a éascaíonn fás agus forbairt ghnóthas.

Déanfaimid deimhin de go mbeidh caidreamh oscailte agus éifeachtach ann le hearnáil na ngnóthas beag trí chruinnithe Comhstádais le Gnóthais Bheaga.

Chuir an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála Fóram Gnóthas Beag (FGB) le chéile i mí Iúil 2005 chun an timpeallacht atá ann faoi láthair do Ghnóthas Beag in Éirinn a mheas agus chun comhairle a thabhairt ar leorgacht agus oiriúnacht fhreagairtí polasaí poiblí. Foilsíodh Tuarascáil an Fhóram i mBealtaine 2006. Tá trí phríomhchuspóir ag baint le moltaí an Fhóram:

- Timpeallacht níos fearr a chruthú d'fhiontraíochtaí beaga trí rialachán níos fearr, le fheabhas ar rochtain ar eolas, le soláthar infrastruchtúir riachtanach agus le srianadh a chur i bhfeidhm ar tháill rialtais áitiúil;
- Ag spreagadh fáis trí thacaíochtaí feabhsaithe do riachtanais chaipitil ghnólachtaí nua-thionscanta agus luathstaide na hearnála, ag soláthar tacaíochta do thionscnaimh fhorbartha bhainistíochta agus ag spreagadh saothrú nuálaíoch agus éifeachtach na teicneolaíochta;
- Ag tabhairt spreagadh do níos mó gnólachtaí nua-thionscanta agus do chinn níos fearr, trí thionscnaimh a chuirfeadh fiontraíocht chun cinn ar fud an tsocháí agus a thabharfadh tacaíocht d'fhiontraíthe ionchais.

Ag am foilsithe, aontaíodh go gcuirfí eagraíocht Feidhmiúcháin le chéile chun monatóireacht a dhéanamh

ar dhul chun cinn i dtéarmaí feidhmiúcháin, agus chun spreagadh a thabhairt do sholáthar tráthúil ar na moltaí, agus go gcoimeádfaí an Fóram chun an ról seo a chomhlíonadh. Glacadh leis an moladh seo agus aontaíodh freisin go mbuailfeadh an Eagraíocht Feidhmiúcháin leis an Aire agus le hArd-Rúnaí an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála dhá uair in aghaidh na bliana go dtí 2009.

I bhfianaise an chur chuige seo, agus ag cur san áireamh go raibh ionadaithe ó fhorhóir na n-eagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ar Chomhbhord na nGnóthas Beag ag Fóram na nGnóthas Beag, ceapadh go mbeadh sé oiriúnach go gcuirfí gach cruinniú eile den Chomhbhord ar fionraí.

Faoi dheireadh 2006, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn agus in áiteanna eile maidir le cur i bhfeidhm Thuarascáil Fhóram na nGnóthas Beag, ar a raibh:

- Tionscnaimh nua a sholáthródh Dearbháin Nuálaíochta, Deontais Sealbhaithe Eolais agus Iniúchtaí TFC a d'fhógair an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin, TD i Samhain 2006, agus a seoladh go luath i 2007, ar chostas timpeall €5m.
- Bhí foráil do mhéadú ar thairseach an iniúchta san Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ighnéitheacha 2006. Tháinig an teorainn athcheartaithe seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2007.
- Bhí an pacáiste céimeanna a d'fhógair an tAire Airgeadais ar an 6 Nollaig 2006 i gCáinainéis 2007 dírithe ar:
 - Feabhas a chur ar Scéimeanna Méadaithe Gnó agus Síolchaipitil go dtí 2013 (faoi réir ag faomhadh Choimisiúin an AE ar Rialacha Státchúnaimh);
 - Laghdú a dhéanamh ar Ualach Riaracháin na nGnóthas Beag maidir le híocaíocht Cánach Corparáide, Réamhcháin agus an gá atá le Deimhniú Imréitigh Cánach, trí na tairsigh atá ann faoi láthair, a chuireann a leithéid de riachtanais ann, a mhéadú. Ina theannta sin, iarradh ar na Coimisinéirí Ioncaim tuilleadh deiseanna a scrúdú maidir leis an ualach géilliúlachta cánach a laghdú do gach gnólacht, idir bheag agus mhór; agus
- Na Tairsigh Chuntasaíochta Airgid Thirim CBL agus Láimhdeachais Chlárúcháin CBL a mhéadú ón 1 Márta 2007 chun riarachán a shimpliú agus chun riachtanais chaipitil oibre na nGnóthas Beag a laghdú.

Leanfaidh na céimeanna thuas ag tabhairt tacaíochta agus ag forbairt spiorad na fiontraíochta in Éirinn agus is fíorthreisiúcháin iad don 250,000 Gnóthas Beag atá ag feidhmiú in Éirinn agus don 800,000 duine atá fostaithe acu.

Ar na tacaíochtaí eile d'Earnáil na nGnóthas Beag a seachadadh i 2006, bhí:

- Ciste Feabhsaithe Táirgiúlachta (CFT) Fhiontraíocht Éireann (FÉ), arb ann dó chun infheistíocht chliant FÉ a spreagadh i dtreo ghníomhaíochtaí atá dírithe ar leibhéil táirgiúlachta a mhéadú. Tá sé i gceist go mbeidh feabhas inbhuanaithe táirgiúlachta neadaithe, tríd an tacaíocht seo, i gcuideachtaí faighteora, agus onnmharaithe a mhéadú dá réir sin nó bonn a bhunú ón ar féidir leo a n-onnmharaithe a fhorbairt. Ar na gníomhaíochtaí atá clúdaithe ag an gciste tá infheistíocht chaipitil i dtrealamh innealra/uathobrithe, oiliúint bhainisteoireachta/fhoirne agus sealbhú teicneolaíochta. Faomhadh 151 cuideachta i 2006 faoin scéim CFT. Ba é €29 milliún an méid airgid a faomhadh – €17 milliún do Shealbhú Caipitil & Teicneolaíochta agus €12 milliún d'Oiliúint.
- An Líonra Píolótach Tionscalbhunaithe, trínar thug FÉ tacaíocht do chéim áisithe Líonra na 16 Líonra agus a d'fhaomhaigh cistiú togra do 5 líonra tionscalbhunaithe. Bhí Líonraí Tionscalbhunaithe ar cheann de mholtaí an Phlean Gníomhaíochta Straitéise Fiontraíochta agus dearadh é chun acmhainn na líonraí a bhunú le feidhmiú mar fheithicil chun forbairt fiontraíochta agus eacnamaíochta a bhaint amach in Éirinn.

Tugann Fiontraíocht Éireann (FÉ) spreagadh freisin d'fhiontraíocht ar leibhéal an phobail trína thacaíocht d'Ionaid Fiontraíochta Pobail. Soláthraíonn na hIonaid seo

timpeallacht tacúil d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn agus cabhraíonn le forbairt na fiontraíochta ar an leibhéal áitiúil. I rith na bliana, rinne FÉ faomhadh ar dheontais de €7 milliún ar 24 togra Ionad Fiontraíochta Pobail ar fud na tíre, ar chostas iomlán tógála timpeall €26 milliún.

Caiteachas Poiblí ar Fhorbairt Fiontraíochta

Cuspóir

Dianmhonatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an chaiteachais poiblí ar fhorbairt fiontraíochta agus ar éifeacht a ghníomhaireachtaí ina thaobh seo.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid maoirseacht ar chúrsa bun-athbhreithnithe buiséide ar gach clár gníomhaireachta.

Bhí cainteanna ag an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála le Fiontraíocht Éireann (FÉ) ar athbhreithnithe ar chaiteachas poiblí, agus mar thoradh orthu sin tá plean gníomhaíochta curtha le chéile ag FÉ ag tabhairt imlíne ar na hathbhreithnithe a déanadh don tréimhse 2006-2007. Déanadh seacht n-athbhreithniú i 2006, ag áireamh athbhreithniú iomlán ar an gClár Dírithe Onnmharaithe (CTO), athbhreithniú tionchair ar thograí ar tugadh tacaíocht dóibh i 2002, athbhreithniú ar dhul chun cinn an Chláir Díolacháin Idirnáisiúnta agus bun-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí ar ar áiríodh aonaigh thrádála, misin trádála agus taighde margaidh. Ag tosú i 2005 di, éilíonn an Roinn go leagfaí beartais feidhmíochta amach i dtograí do chistiúchán FÉ. Ar na ceadanna a thug an Roinn d'Fhiontraíocht Éireann tá riachtanais fhollasacha do thomhas feidhmíochta. Cinntíonn an fhorbairt nuálaíoch seo gur féidir na scéimeanna a thomhas, ó thús, de réir na gcuspóirí atá leagtha síos. Leanfar leis an tionscnamh seo nuair agus de réir mar a fhaightear tograí nua.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Freagróimid do dhúnadh suntasach ar chuideachtaí lena chinntiú go ngníomhóidh gach Gníomhaireacht iomchuí Stáit ar bhealach tráthúil agus comhordaithe d'fhonn go bhfeidhmeoidh an Stát ar an mbealach is éifeachtaí maidir lena ndúnadh.

I 2006, rinne an Roinn maoirseacht ar idirghabhála ghníomhaireachtaí Stáit atá faoina coimirce mar fhreagra ar dhúnadh cuideachtaí agus ar an gcailliúint jabanna a lean é. Orthu seo bhí beartais ar oiliúint, athoiliúint agus anailís scileanna d'oibríthe chun iad a aclú le leas a bhaint as deiseanna fostaíochta in earnála nua agus i gcinn atá ag teacht chun cinn.

I mí Iúil 2006, sheol an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, tuarascáil an Ghrúpa Idir-Rannach ar Dhún na nGall⁸, a ndearna an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála cathaoirleacht air. Thug an tuarascáil, a déanadh i gcomhthéacs chailliúint jabanna i nDún na nGall, sonraí ar na príomhghníomhaíochtaí a cuireadh sa tsiúl i dtéarmaí tacaíochta a thabhairt don timpeallacht cruthaithe jabanna i nDún na nGall.

Gníomhaíocht Fhiontraíochta

Cuspóir

Iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an ráta gníomhaíochta fiontraíochta d'fhonn feabhas a chur ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus ar iomaíochas cuideachtaí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tacóimid le ÚFT Éireann maidir le soláthar roinnt suíomh tionsclaíoch ar dshonraíochta, a bheadh dáilte go réigiúnach le cur ar a chumas a bheith san iomaíocht do thograí ardluach sna hearnála Bithchógasaíochta agus TFC.

Tá curtha go mór ag ÚFT Éireann le hacmhainn torthúlachta na réigiún trí chur i bhfeidhm an chlár náisiúnta infheistíochta in infrastruchtúr riachtanach

8 <http://www.ntemp.ie/publications/index.htm>.

forbartha páirceanna gnó agus le suímh a sholáthar do mhórhograí ar a mbeadh TFC agus bithchógasaíocht. I 2006, déanadh mórbair thógála in Órán Mór, Co na Gaillmhe agus i nDún Dealgan, Co Lú ar shuímh dianáirgiúlachta. Fuair an ÚFT cead pleanála freisin do mhórfhorbairt chiorcaid chónasctha ag Caisleán na Gráinnisí, Cluain Dolcáin, Co Bhaile Átha Cliath, a bhfuil margaíocht á dhéanamh anois air ar fud na cruinne.

Thug ráitis a rinne cuideachtaí mar Google agus Wyeth Research, agus comhlachtaí airgeadais mar BISYS (i bPort Láirge), IFS (Droichead Átha), AXA (Baile Átha Luain) agus PFFC (Loch Garman agus an Uaimh) le blianta beaga anuas le fios cé chomh daingeanbhunaithe agus atá Éire anois mar roghálathair ardfeidhmíochta agus ardluacha d'infheisteoirí iasachta.

I rith 2006, rinne ÚFT Éireann idirbheartaíocht maidir le 89 togra nua infheistíochta, ar a raibh 46 infheistíochtaí T&F, i suímh réigiúnacha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá an ÚFT tosaithe anois ar chleachtadh scóipeála don chéad tráinse eile de shuímh straitéiseacha, ag tacú leis an bPlean Forbartha Náisiúnta reatha agus teacht leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. Pléifidh an ÚFT an chéad chéim eile de thionscnamh na Suíomh Straitéiseacha leis an Roinn, agus leis an Roinn Airgeadais, i rith an chéad leath de 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tabharfaimid tacaíocht do na gníomhaireachtaí forbartha tionsclaíochta le soláthar chlár a chabhródh leis an earnáil fiontraíochta fás agus forbairt trí thacaíochtaí airgeadais, clár forbartha cumais bhainistíochta agus gníomhaíochtaí chun fiontraíocht agus cultúr fiontraíochta a chur chun cinn ar fud na heacnamaíochta.

Fiontraíocht Éireann

Tá na príomhspricanna d'Fhiontraíocht Éireann (FÉ) don tréimhse 2005-2007 leagtha amach ina Ráiteas Straitéise⁹, "Claochlú Tionscalaíochta na hÉireann".

⁹ Is féidir teacht ar ráiteas straitéise Fhiontraíocht Éireann da teideal "Transforming Irish Industry" ar shuíomh idirlín EI ag http://www.enterprise-ireland.com/about_us/organisation/enterprise+ireland+strategy+2005-2007.htm

Thuairisc Fiontraíocht Éireann an-fheidhmíocht i 2006, mar ar sháraigh nó ar bhain Cliant-chuideachtaí FÉ gach sprioc straitéiseach amach. Thuairisc FÉ an-fheidhmíocht onnmharaithe ag cliant-chuideachtaí i 2006. Is iad na réamhtháscairí ná gur bhain cuideachtaí na hÉireann ionaid láidre amach sna margáí idirnáisiúnta rud a bhainfidh amach €1bn i ndíolacháin nua onnmharaithe faoi dheireadh 2006, nuair a chinnteofar sonraí deireanacha na bliana. Bunaíodh cúig cuideachta is seachtó, le hardacmhainn fáis onnmharaithe, i rith na bliana. Soláthraíodh ochtó naoi tagairt eochairdhíolacháin do chliant ghnólachtaí nua-thionscanta agus bhí seachtó naoi acu seo i margáí céad uaire onnmharaithe. Ina theannta sin, bhuaigh cliant-chomhlachtaí conarthaí suntasacha nua díolacháin chéad uaire onnmharaithe le luach €125 milliún le cabhair ó FÉ. Tá céad caoga haon cuideachta i mbun tograí suntasacha feabhsaithe táirgiúlachta agus iad ag infheistiú €80 milliún le tacaíocht ó FÉ. Tá 141,000 fostaithe i gcuideachtaí a bhfuil tacaíocht acu ó FÉ arb ionann é agus méadú de 1,200 i 2006.

Tá cliant-chomhlachtaí sa 'Phunann Scálaithe' sa tóir go gníomhach ar straitéisí fáis tapaidh domhanda chun tairsigh comhaontaithe scála de €10 milliún, €15 milliún agus €20 milliún a bhaint amach. I 2006, thug FÉ tacaíocht d'ocht mhór-infheistíochta ag cuideachtaí scálaithe. Sheol FÉ céim nua sa straitéis tógála pobail le caipiteal iomaíochais fiontraíochta le fógra an Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, maidir le hionchur de €175 milliún chun tacaíocht a thabhairt do chistí príobháideacha caipitil fiontraíochta.

Rinne an Roinn áisiú freisin ar athruithe eagraíochtúla laistigh de FÉ, m.sh. clár deonach fágála ag ceadú earcú ar scileanna nua, chun cabhrú leis a mhisean a bhaint amach.

ÚFT Éireann

Tá Infheistíocht Dhíreach Iasachta (IDI) ina phríomh-chomhpháirt de rath eacnamaíochta na hÉireann agus leanfaidh ÚFT Éireann ag forbairt tairiscintí nua luacha agus próiseas oibre a thiocfaidh le hiomaíochas straitéiseach na hÉireann i margadh atá ag éirí níos iomaíochtaí. Úsáidfí an Ghníomhaireacht uirlis éagsúla chun IDI a chur chun cinn agus chun freagairt do

riachtanais chliant nua agus na gcliainnt atá ann cheana féin. Orthu seo beidh réimse de tháirgí airgeadais chun tacú le hinfheistíochtaí agus seirbhísí cliaint, mar sholáthar eolais agus comhairle, áisiú, ionadaíocht agus réiteach maoinne/infrastruchtúir.

Ar na príomh-infheistíochtaí ag client-chuideachtaí nua ÚFT nó cinn a bhí ann cheana féin i 2006 bhí mór-infheistíocht ag Amgen, tograí casta T&F ó Cisco, GlaxoSmithKline agus PepsiCo, agus infheistíochtaí ardháilíochta ó Eli Lilly, IBM, Netgear, Sandisk, Trend Micro, Northern Trust, Cordis, USCI, Ebay agus Google, i measc cinn eile. Léiríonn na hinfheistíochtaí seo an forás suntasach atá ar an éiceachóras gnó in Éirinn atá ar siúl faoi láthair agus freisin atá tar éis Éire féin a bhunú mar láthair ardfheidhmíochta, ardluacha do dhea-infheistíochtaí i réimse de theicneolaíochtaí atá chun tosaigh.

Chaith cuideachtaí le tacaíocht an ÚFT beagnach €15 billiún in eacnamaíocht na hÉireann i rith 2006 ón a ndíolachán bliantúil de €77 billiún agus d'íoc siad timpeall €2.8 billiún i gCáin Chorporáide. Tháinig méadú ar an bhfostaíocht iomlán i gcuideachtaí le tacaíocht ón ÚFT de 3,795 i 2006 á tabhairt go 135, 487 ar fad.

An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann

Tacaíonn Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) le fiontraíocht, trádáil agus le tomhaltóirí trí sholáthar éifeachtach ar sheirbhísí den chaighdeán is airde i réimsí Caighdeán, Méadreolaíochta Dlí, Agrément, Deimhniúcháin agus Méadreolaíochta Eolaíochta agus Tionsclaíochta.

I rith 2006, lean an ÚCNÉ ag tabhairt tacaíochta láidir go gníomhach, go háirithe i réimse deimhniúcháin agus caighdeán, do ghníomhaíocht eacnamaíochta go ginearálta agus cuireann sé le cumas fiontair táirgí agus seirbhísí le diminsean náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt.

Boird Fiontar Contae agus Cathrach

Is é ról na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFC) foinse tacaíochta a sholáthar do mhicrea-fhiontraíocht sa chéim tosaithe agus méadaithe, chun acmhainn

an mhicrea-fhiontair dhúchais a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ar an leibhéal áitiúil. Soláthraíonn na BFCanna sraith Clár chun a ról a chomhlíonadh. I rith 2006 rinne an Roinn áisiú ar sholáthar na gClár seo trí chaiteachas Caipitil beagnach €19 milliún a sholáthar do thacaíocht agus d'fhorbairt mhicrea-fhiontar ar fud na Tíre.

Soláthraíodh cúnamh airgeadais do thograí micrea-fhiontair le Deontais Chaipitil, Deontais Fostaíochta agus Deontais Staidéir Fhéidearthachta go príomha. Soláthraíodh cúnamh neamhairgeadais trí raon leathan seirbhísí comhairle agus eolais ghnó, traenáil cumais bhainistíochta agus cláir fhorbartha, tionscnaimh traenála e-Thráchtáil etc. I dteannta na ngníomhaíochtaí seo lean na BFCanna ag cur cultúir fiontraíochta chun cinn go gníomhach tríd an Scéim Náisiúnta Dámhachtainí Fiontair agus, go háirithe laistigh d'earnáil an oideachais, tríd an Scéim Náisiúnta Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn. Sholáthair an Roinn €250,000 do ghníomhaíochtaí eile chun cultúr fiontraíochta a chur chun cinn i measc páistí scoile sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2006. Ina theannta sin, dhírigh na BFCanna ar fiontraíocht ban a chur chun cinn trína líonraí Mná i nGnó.

Maidir le cúnamh airgeadais i rith 2006:

- d'éisigh na BFCanna faomhadh deontais de €14.4 milliún ar an earnáil mhicrifhiontair agus d'éisigh íocaíochtaí deontais ar níos mó ná €10.6 milliún. Eisíodh faomhadh agus íocaíochtaí deontais maidir le caiteachas tacaíochta togra mar Dheontais Chaipitil, Deontais Staidéir Féidearthachta agus Deontais Fostaíochta;
- Faomhadh 894 togra do chúnamh airgeadais ó na BFCanna agus fuair 892 togra cúnamh deontais; agus
- Cruthaíodh 2,000 jab i bhfiontraíochtaí a fuair cúnamh ó FBC.

Maidir le cúnamh neamhairgeadais, ghlac os cionn 19,800 duine páirt sna cúrsaí éagsúla Traenála agus Forbartha Bainistíochta a bhí á dtairiscint ag na BFCanna i 2006 agus ghlac os cionn 10,000 mac Léinn páirt sa scéim Náisiúnta Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn sa scoil bhliain 2005/2006.

IdirThrádÉireann

Is féidir le cur chuige uile-oileáin maidir le forbairt fointraíochta dul go mór chun sochair gnó. Lean IdirThrádÉireann, an eagraíocht trádála agus forbartha gnó uile-oileáin, le forbairt agus le saothrú na ngréasán comhoibritheacha gnó uile-oileáin agus thug tacaíocht do réimse togra chun luach a chruthú agus buntáiste iomaíochta a bhaint amach do ghnóthaí agus eagraíochtaí rannpháirteacha.

Thug IdirThrádÉireann tacaíocht do roinnt gréasán sainearnála gníomhacha i rith 2006, mar iad sin atá ag oibriú i mbiteicneolaíocht agus sna heolaíochtaí saoil (BioMedIreland), bogearraí ríomhaireachta (Gréasán Bogearraí agus Gnó Bogearraí Soghluaiste Uile-Oileáin), plaitigh (Gréasán Polaiméir agus Plaisteach) agus gréasán eile gnó mar Ghréasán Eolaíochta agus Teicneolaíochta an Iarthuaiscirt.

Tá IdirThrádÉireann ag díriú ar réimsí mar úsáid airgeadais ghnáthscaire mar uirlis d'fhás cuideachta (Gréasán Gnáthscaire), réitigh sraithsholáthair ar fud an oileáin (Logistics XP), agus saothrú acmhainní tagarmharcála (Gréasán Dea-Chleachtais Uile-Oileáin).

Sholáthair IdirThrádÉireann tacaíocht freisin trí Ghréasán Phobail Sainleasa mar mhicrifhiontraíochtaí (Micro Trade), Comhpháirtíocht Taighde na SA/Éireann atá ag cruthú nascanna idir na SA agus institiúidí taighde agus taighdeoirí ar oileán na hÉireann, agus Ollscoileanna Éireann arb eagraíocht ardleibhéal í a chuireann comhoibriú chun cinn idir ollscoileanna ar fud an oileáin.

Ina punann eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta áirítear togra aistrithe teicneolaíochta uile-oileáin FUSION, an togra comhoibritheach agus forbartha uile-oileáin INNOVA agus tairseach taighde uile-oileáin expertiseireland (www.expertiseireland.com).

Bhí an clár ACUMEN i gceist ina phunann díolacháin agus margaíochta, clár a dearadh chun trádáil trasteorann a spreagadh i measc fiontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le clár ceannaitheora-soláthróra Network & Getwork, an tairseach soláthair poiblí Go-Source (www.go-source.com), agus clár traenála Go-Tender do

FBManna chun saineolas a fhorbairt ar sholáthar poiblí. Lean IdirThrádÉireann freisin lena chlár taighde gnó agus eacnamaíochta agus d'fhoilsigh nó rinne urraíocht ar roinnt Tuarascálacha gnó uile-oileáin i 2006.

I rith na bliana, chabhraigh IdirThrádÉireann le breis agus 2,600 cuideachta forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais agus ar a gcumas gnó a dhéanamh ar bhonn uile-oileáin, agus bhí níos mó ná 300 cuideachta ag obair laistigh dá gclár forbartha trádála agus gnó, agus dá 16 gréasán gnó uile-oileáin. Seasann luach comhiomlán forbartha trádála agus gnó a dtograí i 2006 (le sonraí suntasacha fós á mbailiú) ag €28 milliún.

Sholáthair an Roinn ionchur suntasach don 'Staidéar Cuimsitheach ar an Eacnamaíocht Uile-Oileáin', d'fhonn réimsí a aithint ina mbeadh tuilleadh comhoibrithe de dhíth. Leagann an treoirphlean do chomhoibriú eacnamaíochta uile-oileáin amach an réasúnaíocht eacnamaíochta do chomhoibriú Thuaidh/Theas, chomh maith le moltaí coinchréiteacha do thionscnaimh eacnamaíochta. At na tionscnaimh seo tá: idirghabhála d'fhonn tacú le taighde agus forbairt agus d'fhorbairt na heacnamaíochta eolais; comhoibriú ar chur chun cinn trádála agus infheistíochta; agus comhoibriú feabhsaithe i dtacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gnó. Sholáthair IdirThrádÉireann an Rúnaíocht don staidéar.

Tá Rialtais na hÉireann agus na Breataine tiomanta do chomhchur chuige chun an acmhainn is mó a bhaint as réigiún an Iarthuaiscirt. Tá tionscnamh nua trasteorann, Tionscnamh Gheatabhealaigh an Iarthuaiscirt, ar bun ina bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí ar a bhfuil scrúdú ar an acmhainn do chomhinfeistíocht i bpríomhthograí infrastruchtúir, agus comhanailís agus comhghníomhaíochtaí ag gníomhaireachtaí i réimsí mar chur chun cinn trádála agus infheistíochta, scileanna/traenáil, breis agus ardoideachas, forbairt nuálaíochta agus gnó.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid iarracht ar shochar ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa a uasmhéadú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm airgeadais agus fisicigh na hEarnála Táirgiúlachta.

Is í an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála an tÚdarás Bainistíochta do Chlár Feidhme na hEarnála Táirgiúlachta 2000-2006, a sholáthraíonn d'infheistíocht €4.5 billiún le linn saolré an Chláir, i réimsí a chlúdaíonn Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht Teicneolaíochta (TFNT), chomh maith le hinfheistíocht Dhúchais agus Iasachta. Déantar monatóireacht leanúnach ar an gClár i rith na bliana, agus tionóladh dhá chruinniú den choiste monatóireachta i rith 2006.

Rinne an tÚdarás Bainistíochta, in éineacht le Bainsiteoirí Beartais .i. Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí eile atá freagrach as gníomhaíochtaí nó tograí indibhidiúla a sholáthar, athbhreithniú beartas-leibhéal ar na figiúirí caiteachais a fuarthas don chlár go dáta (.i. go deireadh 2005), agus déanadh roinnt ceartuithe dá bharr ar na figiúirí a tugadh roimhe sin. Cuireadh tuarascáil ar na figiúirí athcheartaithe faoi bhráid an Choiste Mhonatóireachta, agus déanadh faomhadh uirthi ag cruinniú an fhómhair.

I mí na Nollag, rinne an Coiste Monatóireachta faomhadh freisin ar iarratas chuig Coimisiún na hEorpa aontú le comhchistiú ar roinnt beartas nach bhfuil comhchistiú á dhéanamh orthu faoi láthair, chomh maith le beartas amháin nua. Ceadóidh seo beartais sa bhreis le cistiúchán AE a tharraingt anuas do TFNT i réigiún na Teorann, Láir Tíre agus an Iarthair (TLTI), mar a raibh an tarraingt anuas faoi bhun na sprice de dheasca easpa cumais glacadh chuige féin leis.

Ghlac Coimisiún an AE go foirmeálta le Tuarascáil Feidhmiúcháin Bhliantúil 2005 an Choiste Monatóireachta i mí na Nollag 2006.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid iarracht a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach ag Éirinn sa Chlár Ilbhliantúil Fiontair agus Fiontraíochta 2001-2005 agus a chomharba.

Cuireadh síneadh leis an gClár Ilbhliantúil Fiontair agus Fiontraíochta (CIFF) 2001 – 2005, go dtí deireadh 2006 agus bhí plean frámaíochta ann do ghníomhaíochtaí a bhí dírithe ar:

- Fás agus iomaíochas gnó a fheabhsú in eacnamaíocht eolasbhunaithe idirnáisiúnaithe;
- Fiontraíocht a chur chun cinn;
- Simplíú agus feabhsú na frámaíochta riaracháin agus rialúcháin do ghnó i dtreo is go dtiocfaidh rath ar thaighde, nuálaíocht agus cruthú gnó ach go háirithe;
- Ag feabhsú na timpeallachta airgeadais do ghnó, go háirithe Gnóthais Bheaga agus Mheánacha (GBM); agus
- Rochtain níos éasca a thabhairt do ghnó ar sheirbhísí, cláir agus gréasáin tacaíochta pobail agus comhordú na n-áiseanna seo a fheabhsú.

Bhí an Roinn gníomhach le linn 2006 ar an gCoiste Montatóireachta um Chlár Fiontraíochta a rinne bainistiú ar CIFF 2001 – 2005. Cheadaigh an Coiste Clár Oibre ar a raibh roinnt togra Cleachtais is Fearr mar:

- Riachtanais chórais chuntasaíochta ó thaobh na ngnóthas beag de;
- Samhail d'fhonn an t-ualach rialúcháin thar chomhréir ar FBManna a laghdú;
- Ag cur fiontraíochta chun cinn sna meáin chlosamhairc;
- Ag tacú le hIdirnáisiúnú na GBManna;
- Tionchar Ghrúpaí Comharchumann ar Iomaíochas Bhall a gCeirde agus nGnóthas Beag; agus
- Rialúchán ar Mhicrichreidmheas.

Shocraigh an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann sna tograí thuas.

Clár Iomaíochais agus Frámaíochta Nuálaíochta (CIN) 2007-2013

Glacadh leis an gClár seo, atá ann in ionad an CIFF 2001-2005, i nDeireadh Fómhair 2006 agus tugann sé roinnt de thionscnaimh scartha an AE atá ann cheana féin sna réimsí Nuálachta, maoiniú GBM, TFC, éifeacht teileachumarsáide agus fuinnimh le chéile faoi chomhfrámaíocht bhuiséid agus riaracháin, dírithe ar aithint agus leathadh 'an Cleachtas is Fearr' i bpríomhréimsí roghnaithe polasaí fiontair agus fiontraíochta. Deánfaidh an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ar Choiste Bainistíochta an Chláir Fhiontraíochta agus Nuálachta a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chláir i rith na tréimhse go 2013.

Úsáid TFC ag Gnóthais Bheaga & Mheánacha

Cuspóir

Spreagadh a thabhairt do GBManna níos mó úsáide agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as TFC i ngach earnáil den eacnamaíocht

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Thar tréimhse na straitéise seo, rollálfaimid amach an straitéis eGhnó, a sheol an Roinn i mí na Nollag 2004. Deánfaidh Grúpa Oibre trasRannach/ Gníomhaireacht maoirseacht ar fheidhmiúchán an chláir oibre seo.

Seoladh an Straitéis Náisiúnta eGhnó¹⁰ ar an 30 Nollaig, 2004. Tá sraith moltaí sa Straitéis chun teacht thar bhacanna ar úsáid níos éifeachtaí TFCanna ag GBManna agus micrifhiontair agus chun an úsáid is mó TFC a spreagadh i measc GBManna agus micrifhiontair. Bunaíodh Grúpa Oibre Idir-Rannach/Gníomhaireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán na moltaí seo agus tá dul chun cinn mór déanta ina thaobh sin go dtí seo.

Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn feidhmiúcháin na straitéise faoi bhráid an Aire Trádála & Tráchtála, Michael Ahern TD, in Aibreán 2006 ag tabhairt imlíne

¹⁰ www.entemp.ie/enterprise/support/ebusinessstrategy.htm

ar dhul chun cinn ar 13 moladh na Straitéise. Go dtí seo tá aghaidh tugtha go cuimsitheach ar 9 gcinn de na 13 moladh. Cuireann an tuarascáil ar dhul chun cinn béim ar réimsí d'fhócas agus iarracht leanúnach atá ag dul ar aghaidh agus leanann an Roinn, in éineacht leis na Gníomhaireachtaí ag tiomáint na Straitéise.

Forbairt Réigiúnach & Gníomhaireachtaí Forbartha

Cuspóir

A chinntiú go bhfuil straitéisí na gníomhaireachtaí forbartha fiontair go soiléir agus go hinfhíoraithe ag cur le forbairt chothrom réigiúnach.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Éileimid ar na gníomhaireachtaí forbartha fiontair athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a straitéisí forbartha réigiúnacha agus oibreimid leis na gníomhaireachtaí seo agus aghaidh á tabhairt ar thorthaí na n-athbhreithnithe.

Fiontraíocht Éireann

Tá straitéis nua comhtháite agus soiléir réigiúnach 2006-2013 forbartha ag Fiontraíocht Éireann (FÉ). Bhí an-tionchar air seo ag athbhreithniú ar an straitéis réigiúnach FÉ a bhí ann roimhe sin "Ag Tiomáint Fáis ar Fhiontraíocht Réigiúnach (2001)". Tiomáinfidh an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (SNS) cur chuige FÉ ar fhorbairt fiontraíochta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath sa toadhchá. Beidh fócas ghníomhaíochtaí chriticiúla agus straitéise réigiúnach FÉ ar chuideachtaí atá bunaithe a fhás, ar thiomáint ar chruthú chuideachtaí nua agus ar sholáthar an infrastruchtúir fiontraíochta atá riachtanach. Oibreoidh FÉ freisin leis na hOllscoileanna agus leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta chun uasmhéadú a dhéanamh ar an gcomhoibriú idir thionsclaíocht agus an saol acadúil chun cnuasaigh de chuideachtaí ardeicneolaíochta a fhorbairt sna Réigiúin. Beidh fócas FÉ ar chuideachtaí a fhás agus a fhorbairt ar fud Réigiúin na hÉireann. Beidh fócas suntasach i gcónaí ar iomaíochas a thiomáint i T&F inchuideachta agus ar nuálaíocht, ar fhorbairt bhainistíochta agus ar thraenáil le

linn PFN 2007-2013. Léiríonn an tairiscint ar chistiúchán ó FÉ an ngá atá le spreagadh a thabhairt do ghníomhaíocht sna Réigiúin le meá na tacaíochta ag roinnt leis na Réigiúin is lú forbartha eacnamaíochta.

ÚFT Éireann

I rith 2006 rinne ÚFT Éireann athbhreithniú ar a straitéis réigiúnach. Ba iad príomhchuspóirí an athbhreithnithe ná:

- Imlíne a thabhairt ar straitéis réigiúnach an ÚFT ó 2000 agus ar athruithe agus ceartuithe iomchuí ar an straitéis go dtí 2005; agus
- Measúnú foriomlán a sholáthar ar thionchar agus éifeacht na straitéise trí thagairt do phríomhtháscairí feidhmíochta agus do thaithí ar an talamh.

Seo a leanas na príomhnithe a bhain straitéis réigiúnach an ÚFT amach go dáta:

- Cuireadh croí-chomhpháirteanna na straitéise nua réigiúnaí ar ghlac an ÚFT leis i bhFeabhra 2001 i bhfeidhm go sásúil.
- Tá 9 n-oifig ag an ÚFT anois lasmuigh de Bhaile Átha Cliath; tá 6 cinn acu i réigiún chuspóir a haon.
- Tá dilárú déanta ar phríomhaonaid ghnó mar na Réigiúin, Maoin, Pleanáil agus AE, TFC, Teicneolaíochtaí-Míochaine agus Gnólachtaí trádála Domhanda go Baile Átha Luain, Port Láirge agus Sligeach.
- Tá freagrachtaí náisiúnta chomh maith le réigiúnach ar na hoifigí i mBaile Átha Luain, Port Láirge agus Sligeach.
- Tá dul chun cinn mór déanta san obair i dtéarmaí suíomh straitéiseacha a sholáthar agus tá críochnaithe geall leis le tógáil gréasán de pháirceanna gnó i raon leathan de shuímh réigiúnacha.
- Tá an-dul chun cinn déanta maidir leis an sprioc de 50 faoin gcéad de gach jab úrnua a sheachadadh sa réigiún TLTI.
- Tá an clár oibre forbartha réigiúnach ina ghné lárnach de straitéis an ÚFT agus d'oibriúcháin an ÚFT.

- Tá an ÚFT ag obair go gníomhach chun feabhas a chur ar an Éiceachóras Gnó i raon de limistéir, ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, chun cur le tarraingteacht na hÉireann mar roghashuíomh d'Infheistíocht Díreach lasachta (IDI) ardteicneolaíochta/tosaigh.

Tá an clár oibre forbartha réigiúnach anois ag croí mhisean an ÚFT agus tagann sé le cuspóirí pholasaí an Rialtais mar a léirítear é tríd an SNS agus trí phrionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta. Leanann an straitéis a bhfuil cur síos uirthi san athbhreithniú ag fás ag freagairt do thaithí ar an talamh agus do dhul chun cinn go dáta. Tá diminsin agus tionchair réigiúnacha agus suímh an IDI lárnach anois do ghnó an ÚFT.

Ag dul ar aghaidh, beidh breis dúshláin ann a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu mar chuid d'feidhmíochán na straitéise réigiúnaí, ach is bunsaith láidir do chur chun cinn sa todhchaí iad na struchtúir agus na próisis ghnó atá curtha ann.

Cúnamh Réigiúnach

I rith 2006, rinne an Roinn idirbheartaíocht ar Mhapa Cúnaimh Réigiúnach nua na hÉireann do 2007-2013, mar a gcoimeádfaidh Éire scóip suntasach cúnaimh infheistíochta a dheonadh. Rinne Coimisiún na hEorpa faomhadh ar an "Mapa" nua i nDeireadh Fómhair, 2006. Agus limistéir á n-ainmniú ina bhfeadfaí leanúint ag tabhairt cúnaimh, bhí ar Éirinn cloí le riachtanas docht an AE gur mó a bheadh na limistéir a roghnófaí ná limistéir eile i ngá go comparáideach le forbairt eacnamaíochta. Faoin Mapa nua, tá Réigiún na Teorann, an Láir Tíre agus an Iarthair rangaithe mar "réigiún forbartha eacnamaíochta" agus leanfaidh sé le bheith incháilithe do chúnamh réigiúnach i rith 2007-2013. Tá foréigiún an Oirdheiscirt (Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Tiobraid Árann Theas) incháilithe freisin do chúnamh réigiúnach i rith 2007-2013 ar bhonn chritéir na dífhostaíochta mar atá sainithe ag Coimisiún na hEorpa. Beidh foréigiún an Mheániarthair (an Clár, Luimneach agus Tiobraid Árann Thuaidh) agus Ciarraí i dteideal chúnamh do ghnóthais bheaga agus mheánacha amháin i rith 2007-2013 agus do ghnóthais mhóra i rith 2007-2008. Saineofar Contae Chorcaí do chúnamh réigiúnach do ghnóthais bheaga, mheánacha agus mhóra do 2007-2008. Ina

theannta sin, tá ceantar na ndugáí i gCorcaigh sainithe mar cheantar athghiniúna uirbeach agus beidh sé i dteideal chúnaimh do ghnóthais bheaga agus mheánacha go dtí deireadh 2013. Cé nach mbeidh Baile Átha Cliath agus foréigiún an Mheánoirthir (an Mhí, Cill Mhantáin agus Cill Dara) i dteideal chúnaimh réigiúnach níos mó tar éis 2006, beidh siad fós cáilithe do chineálacha eile cúnaimh Stáit, cúnamh do ghnóthais bheaga agus mheánacha san áireamh, cúnamh do Thaighde, d'Fhorbairt agus do Nuálaíocht, cúnamh Traenála agus cúnamh do Chaomhnú an Chomhshaoil, a bheidh ar fáil i gcónaí i ngach ceantar.

An Timpeallacht Fhioscach

Cuspóir

A chinntiú go leanann an timpeallacht fhioscach ag fás i dtacaíocht le fiontraíocht agus dea-fhostaíocht.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Oibreimid leis na Gníomhaireachtaí Fiontraíochta chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar mholtaí fhioscacha lena chinntiú go mbeidh Éire ina suíomh tarraingteach do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhfuil tóir orthu.

I 2006 rinne an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála suirbhé in éineacht le Forfás agus Fiontraíocht Éireann ar os cionn 1,000 gnóthas beag agus meánach (GBManna) chun anailís a dhéanamh ar choinníollacha an mhargaidh do GBManna na hÉireann maidir le rochtain ar airgeadas seachtrach agus caipiteal cothromais. Úsáideadh torthaí an tsuirbhé chun measúnú a dhéanamh ar rochtain agus/nó fadhbanna, mar a fheictear do GBManna iad maidir le foinsí a riachtanais chaipitil fhorbartha don neastodhcháí.


Rinne an Roinn Airgeadais in éineacht leis an Roinn seo agus le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú freisin ar an Scéim Méadaithe Gnó (SMG) agus ar an Scéim Sólchaipitil (SSC) i 2006. Mar chuid den athbhreithniú seo, déanadh suirbhé ar 1,300 cuideachta a bhain leas as na scéimeanna. Rinne Fiontraíocht Éireann anailís agus staidéar freisin ar shonraí taifead ioncaim.

Sholáthair torthaí oibre an tsuirbhé seo fianaise chun tacú le leanúint agus feabhsú na SMG agus na SSC a fógraíodh i gCáinainéis 2007, a dhéanfaidh cosaint ar chumas na gcuideachtaí dúchais maoiniú a fháil agus a chabhróidh le gnóthais caipiteal a chruinniú agus iad i mbun riosca fiontraíochta. Cabhróidh scéimeanna SMG agus SSC le tionsclaíocht agus fostaíocht dúchais a chruthú d'Éirinn don todhcháí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid athbhreithniú ar an gcreidmheas cánach T&F a tugadh isteach le déanaí lena chinntiú go n-oibríonn sé mar spreagadh éifeachtach do chuideachtaí chun T&F a mhéadú.

Rinne Grúpa Stiúrtha neamhfhoirmeálta ar a raibh oifigigh ón Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an scéim creidmheasa cánach Taighde & Forbartha (T&F) 20 faoin gcéad, roimh cháinainéis 2007. Mhol an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála go láidir go ndéanfaí achtú ar an scéim creidmheasa cánach T&F chun go spreagfaí cuideachtaí I cur lena gcaiteachas T&F, ó bhliain go chéile, thar fhráma ama sé bliana ag tosú i mbonnbhliain 2003, seachas an timthriall trí bliana atá anois ann. Baineadh seo amach trí chur leis an mbonnbhliain – 2003-lenar déanadh tomhas ar mhéaduithe caiteachais ar feadh 3 bliana eile go dtí 2009. Fógraíodh an t-athrú seo i gCáinainéis 2007. Déanfaidh an creidmheas cánach T&F feabhsaithe cóiríocht anois do na hamanna fada lena dtimthriallanna forbartha ar deacair a thuar i dtionscail T&F. Cuireadh feabhas níos mó ar an gcreidmheas cánach ón 1 Eanáir 2007, mar ar thabhaigh cuideachtaí caiteachas ar obair fochonraitheoireachta T&F go dtí páirtithe nach raibh baint acu leo, agus beidh seo anois incháilithe faoin scéim creidmheasa cánach suas go dtí 10 faoin gcéad den chaiteachas incháilithe T&F in aon bhliain amháin. Tá seo anuas ar an soláthar atá ann cheana féin sa scéim maidir le fochonraitheoireacht le hollscoileanna.



Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag seoladh na Straitéise Nua d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus nuálaíocht, 2006-2013.

Ag Cur Infheistíochta i dTaighde & i bhForbairt Chun Cinn

Cuspóir

Polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na spriocanna i dTógáil Eacnamaíochta Eolais na hÉireann, i Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Infheistíocht a chur chun cinn i T&F go dtí 2010 a bhaint amach. Is é an sprioc foriomlán ná go gcuirfeadh an fheidhmíocht feabhsaithe i ngnó, in ardoideachas agus san earnáil phoiblí T&F le glanchaitheas ar T&F ag ardú go 2.5 faoin gcéad den OTN faoi 2010.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid forbairt agus úsáidfidimid na struchtúir agus na meicníochtaí do chomhordú agus do chur i bhfeidhm polasaí náisiúnta d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht In Éirinn, ar an mbealach is mó buntáiste.

Comhordú agus Rialachas ar ETN

Lean an Córas nua Comhordaithe agus Rialachais d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN), ar ghlac an Rialtas leis i Meitheamh 2004, ag oibriú go héifeachtach i 2006. Cinntíonn an fhrámaíocht straitéiseach seo sineirge leanúnach, comhleanúnachas agus comhordú polasaí níos struchtúrtha sa timpeallacht chasta seo atá ag teacht chun cinn.

Ar na socruithe struchtúrtha seo tá Fochoiste Comh-Aireachta tiomnaithe, le tacaíocht ó Choiste Idir-Rannach (CIR) d'oifigigh sinsearacha, leis an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála sa chathaoir ar an dá cheann. Tháinig an Fochoiste Comh-Aireachta le chéile in Aibreán 2006 faoi Chathaoirleacht an Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, agus tháinig an CIR le chéile go rialta i rith na bliana.

Fógraíodh ceapachán an Ollaimh Patrick Cunnigham mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais ar an 19 Nollaig 2006. Beidh ról lárnach ag an Oll. Cunningham i monatóireacht, measúnú agus i soláthar Straitéise an ETN.

D'fhoilsigh an Coiste Comhairleach Eolaíochta mórthuarascáil ar athrú céime a bhaint amach do Thaighde Sláinte in Éirinn agus rinne an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála agus an tAire Sláinte agus Leanaí formhuiniú air seo ar an 23 Samhain, 2006 ag léiriú nádúir thrasRannach na gceisteanna seo, agus ag tabhairt aghaidh ar an acmhainn do Thaighde Sláinte ar cuireadh béim air i Straitéis nua ETN an Rialtais.

Straitéis ETN 2006-13

I bhFeabhra 2005, chuir an Fochoiste Comh-Aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht mar chúram ar an gCoiste Idir-Rannach Straitéis a chur ar fáil ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN) agus bhí seo ina mhórchuid de chlár oibre an CIR i 2005 agus sa luathchuid de 2006. Sheol an Taoiseach, an Tánaiste agus na hAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Airgeadais, Oideachais agus Eolaíochta agus Talmhaíochta agus Bia Straitéis chuimsitheach ETN 2006-13 ar an 18 Meitheamh 2006 agus cuireadh fáilte fairsing roimhe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá soláthar sa Straitéis ETN don fhorbairt leanúnach ar chóras taighde den scoth le tacaíocht an infrastruchtúir riachtanach fisiciúil agus daonna, ag dúbailt líon na gcéimithe PhD le linn a saolré. Tarraingeofar taighdeoirí ardleibhéal freisin ón tallann dhúchais agus ó na daoine is cumasaí is féidir a mhealladh ón iasacht. Moltar meicníochtaí sa Straitéis freisin lena chinntiú go mbaintear luach tráchtála chomh fad agus is féidir é as an infheistíocht i dtaighde. Maidir le fiontraíocht, leagtar struchtúir agus meicníochtaí amach sa Straitéis chun feabhas a chur ar thacaí do thionsclaíocht agus chun spreagadh a thabhairt do ghnóthais níos mó baint a bheith acu le gníomhaíocht T&F.

Cé go bhfuil an polasaí foriomlán faoi stiúir an Fhochoiste Comh-Aireachta ar ETN agus a CIR ardleibhéal tacaíochta, tá soláthar sa Straitéis freisin do bhunú struchtúr nua crosghearrtha ar an leibhéal oibriúcháin, chun a feidhmiúcháin a thabhairt ar aghaidh ar bhealach a áiríonn iomlán-an-rialtais. Le cois na Straitéise, bunaíodh dhá Ghrúpa Feidhmiúcháin, Teicneolaíocht Éireann (TÉ) agus an Grúpa Taighde Ardoideachais (GTAO), i 2006.

Bhí an Roinn Oideachais & Eolaíochta sa chathaoir ar an GTAO, leis an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála sa LeasChathaoir. Tá clár substainteach oibre á fhorbairt aige do 2007 dírithe ar thabhairt faoi na cuspóirí atá sa Straitéis don Earnáil Ardoideachais, chomh maith le méadú ar líon na PhD. Is iad na réimsí tosaigh ar a bhfuil GTAO dírithe ná: eochairtháscairí a fhorbairt do thomhas feidhmiúcháin Straitéise ETN; gairmréimeanna taighde; agus forbairt acmhainne san earnáil ardoideachais.

Ag teacht le moltaí na Straitéise, tá Teicneolaíocht Éireann (TÉ) bunaithe ag an Roinn le rannpháirtíocht ó Fhiontraíocht Éireann, FDI Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás. Tabharfaidh TÉ comhleanúnachas do dhimínsean fiontraíochta na Straitéise agus beidh freagracht ar leith uirthi maidir le maoirseacht agus feidhmiúcháin na ngníomhaíochtaí atá riachtanach chun na spriocanna do Chaiteachas Gnó ar Thaighde agus Forbairt (CGTF) a leagadh amach sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta (SETN) 2006-2013 a bhaint amach. Ar na tionscnaimh SETN atá á dtiomáint ag TÉ faoi láthair tá simpliú ar Scéimeanna Deontais T&F, neartú na nOifigí Aistriúcháin Teicneolaíochta (OAT) sna hOllscoileanna agus moladh d'ionaid inniúlachta a fhorbairt.

Gníomhaíocht Straitéiseach

Oibreoidimid le ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann chun athbhreithniú, agus athrú a dhéanamh nuair is gá, ar na cláir d'Fhiontraíocht Éireann agus ÚFT Éireann atá dírithe ar chumas T&F a gcliaintchuideachtaí a neartú, ag forbairt chomhoibríthe T&F i measc na gcuideachtaí seo agus idir chuideachtaí agus eagraíochtaí T&F ardoideachais agus na hearnála poiblí, agus ag éascú tráchtálaíochta na taighde a éiríonn as na foinsí seo.

Is é is cuspóir don Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta ná céim mhór a thógáil chun tosaigh sa réimse T&F, agus go n-aithneofaí Éire mar threoraí aitheanta seachas í a bheith suntasach ag teacht chuig an réimse criticiúil seo go déanach. Déanfar rath a mharcáil de réir fhachtóirí mar bhunathrú ar cháilíocht agus chainníocht na taighde a rinne gnóthas agus an

méadú ar aschur eolais iomchuí eacnamaíochta. D'oibrigh Fiontraíocht Éireann (FÉ) agus ÚFT Éireann i rith 2006 ar shimpliú a dhéanamh ar thacaíocht T&F a thabhairt do ghnóthais trí scéim amháin T&F inchoideachta a thabhairt isteach. Tá seo á fhorbairt lena chinntiú go mbeidh cur chuige níos iomláine agus níos córasaí ann chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí.

Thug FÉ clár nua isteach freisin chun na hOifigí Aistrithe Teicneolaíochta (OATanna) sna hinstiúidí ardoideachais a neartú. Cuirfidh an cistiúchán €30m seo ar chumas OATanna maoin intleachtúil a aithint, a chosaint agus a úsáid chun leasa tionsclaíochta na hÉireann nuair is féidir é.

I rith 2006, agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh acu an leibhéal comhoibrithe idir thionslaíocht agus an earnáil tríú leibhéal a mhéadú, bhunaigh Fiontraíocht Éireann Gréasáin nua Tionscail-Threoraithe. Is é a bhí i gceist sa phróiseas seo ná cnuasaigh ghnóthas a thabhairt le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar chláir oibre taighde a bhí tábhachtach dóibh sa mheántéarma. Úsáidtear na cláir oibre taighde seo ansin chun coimisiúnú a dhéanamh ar

taighde ardchaighdeán fheidhmeach, ag tabhairt deise do na cuideachtaí rochtain a bheith acu ar áiseanna sa chomhshaoil taighde agus freisin mic léinn taighde, a fuair traenáil sna teicneolaíochtaí, a fhostú. Mar thoradh air sin tugadh tacaíocht do thaighde a raibh luach €3.64 milliún uirthi.

Tagann infheistíocht in Ionaid Chothaithe Fiontair sna hInstitiúidí Teicneolaíochta leis na tionscnaimh nuálaíochta agus teicneolaíochta a sheachadadh sna réigiúin. Rinne FÉ faomhadh go dáta ar 16 ionad cothaithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochta, a raibh 14 ionad acu ag oibriú faoi dheireadh 2006. Bhí 318 duine fostaithe i bhfiontair nua sna hionaid chothaithe ag deireadh 2006. Chaith Fiontraíocht Éireann €7.14 ar an gclár i 2006. Neartóidh na hIonaid Chothaithe Fiontair seo acmhainní infreastruchtúrtha na réigiún d'fhonn cuideachtaí nua ardacmhainne, ardteicneolaíochta a fhás.

Tá raon tacaíochtaí tugtha le chéile ag Fiontraíocht Éireann faoin gCiste Tráchtálaíochta mar chuid dá fócas méadaithe ar éascú agus fheabhsú tráchtálaíochta na taighde. Déantar iarracht leis an gCiste seo tacaíocht a



An Dr Brian Foley, Coláiste na Tríonóide, an Dr Ita Rickardson, Ollscoil Luimnigh, an Dr Pat Fottrell, Cathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Michael Ahern, TD, Aire Trádála agus Tráchtála, an Dr Mary Kelly, FEÉ agus an Dr Ruth Davis, Coláiste na hOllscoile Corcaigh ag fógairt dámhachtana forbartha (do Mhná) na Institiúide Taighde Eolaíochta agus Innealtóireachta.

thabhairt do thaighde acadúil agus a smaointe a fhorbairt níos cóngaraí don mhargadh. Tugadh tacaíocht do níos mó ná 150 togra i 2006 le caiteachas de €24.99 milliún. Maireann na tograí seo idir bhliain amháin agus trí bliana go tipiciúil agus déantar athbhreithniú orthu go rialta lena dhéanamh amach ar chóir an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a chosaint agus a aistriú. Ina theannta sin, soláthraíodh tacaíocht de luach €1.2 milliún i 2006 tríd an Scéim Cistiúcháin Maoine Intleachtúil chun Maoin luachmhar Intleachtúil a chosaint.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid maoirseacht agus measúnú ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus a dháileadh ar acmhainní suntasacha dírithe ar chumas taighde a thógáil chomh maith leis an mbarr feabhais is gá chun taca a chur faoi iomaíochas sa todhchaí.

Trí infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh i ndaoine, i smaointe agus i gcomhpháirtíochtaí atá riachtanach do thaighde atá fós gan déanamh sna réimsí straitéiseacha de Bhitheicneolaíocht agus Teicneolaíocht Chumarsáide Faisnéise, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) ag tógáil taighde, in Éirinn, a n-aithnítear a feabhas ar fud an domhain agus a bhfuil tábhacht suntasach náisiúnta ag baint léi. I 2006, rinne FEÉ cistiú ar 468 fócaíocht – os cionn €139.86 milliún – ar 15 institiúid tríú leibhéal ar fud na tíre. Faoi dheireadh 2006, bhí breis agus €740 geallta ag FEÉ thar níos mó ná 1,300 togra chun tacaíocht a thabhairt do níos mó ná 1,400 duine ó bunaíodh é i 2000.

I rith 2006, d'éisigh FEÉ Glaonna do Mholtaí d'Ionaid nua Innealtóireachta Eolaíochta agus Teicneolaíocht (IIE Tanna), chomh maith le clár nua do dhámhachtana do Chnuasach Taighde Straitéiseach (CTS). Táthar ag súil le cinnte móra cistiúcháin ar na tograí seo i 2007, ach go mbainfeadh na tograí riachtanais iomchuí cáilíochta agus straitéiseacha FEÉ amach.

Tá acmhainn sa dá chlár seo nascanna láidre a bhunú idir eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtíocht tríd an saol acadúil agus an saol tionsclaíochta. Tabharfaidh a leithéid de thograí aghaidh ar cheisteanna riachtanacha taighde idirdhislipíneacha, cothóidh siad forbairt chuideachtaí nua teicneolaíochta agus cinn atá ann cheana atá bunaithe in Éirinn agus meallfaidh siad tionsclaíocht a bhfuil d'acmhainn innti cur go mór le hÉirinn agus lena heacnamaíocht.

Ina theannta sin, rinne FEÉ cinneadh straitéiseach Ionad Barr Feabhais i mBitheolaíocht Chórais do thaighde a bhunú agus d'éisigh Glao ar Mholtaí chuige sin d'fhonn an próiseas agus cinntí cistiúcháin a chríochnú i 2007. Is cur chuige leathan cumasaithe é Bitheolaíocht Chórais do mhórán réimsí taighde a bhfuil feidhmiúchán fairsing ag roinnt leo agus tá sé ceannródaíoch maidir le comhtháthú bitheolaíochta, ríomhaireachta agus míochaine. Ceadóidh na tionscnaimh nua seo, in éineacht leis an réimse clár atá ann, do FEÉ tuilleadh dá straitéis a chur i bhfeidhm chun cistiú a dhéanamh agus leas a bhaint as deiseanna nua taighde den scoth.

Cinneadh i 2006 go ndéanfaí Athbhreithniú Luach ar Airgead (LAA) i 2007 chun na Príomhchláir FEÉ a scrúdú agus spriocmholtá a dhéanamh, nuair is cuí, ar éifeacht fhoriomlán na dtacaí gníomhaireachta i dtógáil chórais taighde den scoth in Éirinn le fócas ar luach ar airgead an chláir faoi mar atáthar á oibriú agus ar úsáid éifeachtach a bhaint as airgead poiblí. Tógfaidh athbhreithniú LAA ar aschur mheasúnú Brooke ar chéad bhlianta oibriúcháin FEÉ do 2001-2005.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid feabhas ar an leibhéal feasachta ar eolaíocht i measc daoine óga, agus i measc an phobail go ginearálta, tríd an gclár feasachta comhtháite a bunaíodh le déanaí, Aimsigh Eolaíocht & Innealtóireacht, agus leanfaimid le monatóireacht agus le tacú le dul chun cinn an Stáisiúin Taiscéalaíochta, an ionad idirghníomhach eolaíochta agus foghlama atá le hoscailt i 2006.

Cláir Fheasachta Fhionnta Eolaíochta & Innealtóireachta

Is clár comhtháite feasachta é Fionnadh Eolaíochta & Innealtóireachta atá dírithe ar chur le feasacht an phobail ar eolaíocht agus ar tharraingteacht na heolaíochta mar ghairmréim. Tá an clár ag feidhmiú go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar an laghdú atá ag teacht ar líon na mac léinn atá ag roghnú ábhar eolaíochta ag an dara agus an tríú leibhéal, ar treocht é a mbeidh tionchar substaintiúil aige ar chumas na hÉireann, má fhágtar gan srianadh é, leanúint leis an aistriú go heacnamaíocht eolas-bhunaithe.

Déanann Forfás bainistiú ar an gclár thar ceann na hOifige Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta. Déanadh é a fhorbairt in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, FÁS agus Instiúid Innealtóirí na hÉireann i gcomhairliúchán len a lán grúpaí atá páirteach i gcur chun cinn na heolaíochta ar fud na tíre. Bhí leithdháileadh buiséid de €4 milliún ag an gclár do 2006. Ar na príomhthionscnaimh ar thug an clár tacaíocht dóibh bhí an tSeachtain Náisiúnta Eolaíochta, cláir do dhaltai agus do mhúinteoirí bun agus meánscoile, cláir theilifíse agus clár uailmhianach urraíochta do ghníomhaíochtaí feasachta eolaíochta ar fud na tíre.

Stáisiún Taiscéalaíochta

Leanadh le forbairt ar áis idirghníomhach eolaíochta Stáisiún Taiscéalaíochta ag Geata Heuston i rith na bliana. Meastar go mbeidh doirse an Stáisiúin Taiscéalaíochta ag Geata Heuston ar oscailt don phobal i 2009.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Oibreimid lena chinntiú go ndéanfaidh Éire uasmhéadú ar a rannpháirtíocht agus a híostarraingt faoin Séú Clár Frámaíochta (CF6) 2002 – 2006 atá ann faoi láthair agus lena chinntiú go mbeidh ár dtosaíochtaí le feiceáil i ndearadh an tSeachtú Clár Frámaíochta, a bheidh ar siúl ó 2007.

D'éirigh le taighdeoirí agus cuideachtaí Éireannacha os cionn €200 milliún a fháil ón Séú Clár Frámaíochta (CF6). Ba iad taighdeoirí Ardoideachais na príomhtairbhithithe agus fuair siad 70 faoin gcéad den chistiúchán. Fuair Tionsclaíocht Phríobháideach 20 faoin gcéad den chistiúchán ar bhain dhá thrían de le Gnóthais Bheaga agus Mheánacha (GBManna) agus trian le corparáidí Innáisiúnta (CINanna). Fuair eagraíochtaí taighde poiblí agus eagraíochtaí eile an 10 faoin gcéad a bhí fágtha.

Thosaigh CF7 ar an 1ú Eanáir 2007 agus buiséad os cionn €50.5 billiún aige don tréimhse 2007 go dtí 2013. Dearadh é chun tógáil ar ar bhain a réamhtheachtaí amach maidir le Limistéar Taighde Eorpach a chruthú agus é a thabhairt níos faide i dtreo eacnamaíochta agus sochaí eolais a fhorbairt san Eoraip. Soláthróidh CF7 deis luachmhar do thionscail Éireannacha, d'institiúidí tríú leibhéal agus d'eagraíochtaí taighde dul i ngleic le taighde cheannródaíoch agus forbairt agus tógáil a dhéanamh ar ghréasáin taighde agus gnó.

D'fhonn rannpháirtíocht na hÉireann i CF7 a uasmhéadú, tá córas neartaithe tacaíochta náisiúnta curtha ann ag an Roinn chun rannpháirtíocht na hÉireann sa chlár nua a spreagadh agus a éascú. Tá Oifig CF7 bunaithe. Tá an oifig seo bunaithe i bhFiontraíocht Éireann agus Stiúrthóir Náisiúnta nuacheaptha do CF7 i gceannas uirthi, a chinnteoidh go nglacfar le cur chuige comhordaithe i ngach comhpháirt de CF7 chun gur féidir uasmhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann trí chéile. Is é príomhchúram na hoifige é tacaíocht a thabhairt d'obair ghréasáin daingeanfhócais de Phointí Teagmhála Náisiúnta agus de thoscáirí choiste an chlár agus go bhfeidhmeodh sí mar chéad ionad cuarta do dhaoine a bheadh ag teacht chuig an gclár den chéad uair.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Saothróimid tionscnaimh a sholáthróidh cúnamh do thaighdeoirí soghluaiste agus tabharfaimid modhanna meara oibre isteach chun feabhas a chur ar na coinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre (neamh LEE) agus a dteaghlai.

Aithníodh soghluaiseacht taighdeoirí mar thosaíocht d'Éirinn sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta. Déanann an Roinn páirtchistiú (in éineacht le Coimisiún an AE agus Cumann Ollscoileanna na hÉireann) ar an Ionad Náisiúnta Soghluaisachta agus Tairseach a sholáthraíonn ionad ilfhreastail do thaighdeoirí atá ag iarraidh a ngairmréim a chur chun cinn trí ghluaiseacht ar go, nó as Éirinn.

I 2006, thug an Roinn socrú isteach do mhearcheandúnas oibre do thaighdeoirí agus d'eagraíochtaí taighde-ghníomhach (chomh maith leo sin atá le bheith fostaithe i dtionsclaíocht) a bhfuil tacaíocht acu ó chistiúchán poiblí.

Leanann an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar shocruithe d'fheidhmiúchán Treoir an AE maidir le coinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre, a chuirfear i bhfeidhm faoi Dheireadh Fómhair 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cothóimid tionscnaimh atá dírithe ar fheabhas a chur ar chomhoibriú Thuaidh/Theas ar ETN, in éineacht le tríú tíortha nuair is cuí.

Thionól Comhpháirtíocht Taighde SA/Éireann cruinníú dá Ghrúpa Stiúrtha i Washington, agus ceardlanna ar éirigh leo ar fhiobrós chisteach agus nanaitheicneolaíocht i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, le rannpháirtíocht taighdeoirí ardleibhéal as Éirinn, Thuaidh agus Theas, agus as na SA. Sheol an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Ambasadóir na SA agus Ard-Rúnaí Thuaisceart Éireann comhghlao ar mholtaí ag Teach an Ambasadóira i mí Iúil 2006.

Bhí rannpháirtíocht ghníomhach idir na rúnaíochtaí agus an Coiste Idir-Rannach agus a chomhpháirt sa Tuaisceart agus an Chomhairle Comhairleach Eolaíochta agus a chomhpháirt sa Tuaisceart, d'fhonn caidreamh a fhorbairt idir na struchtúir seo a bheadh chun leasa dóibh araon.

Tá oifigeach ar leith den céad uair i bhfrámaíocht náisiúnta na hÉireann do CF7, atá dírithe ar fheabhas a chur ar chomhoibriú Thuaidh/Theas faoin mbeart seo.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid measúnú, forbairt agus cur i bhfeidhm ar pholasaí maidir le rannpháirtíocht na hÉireann in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a bhaineann le spás, i gcomhthéacs ár mballraíocht de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), agus na nascanna atá ag méadú idir an Aontas Eorpach agus GSE.

Tá Éire ina ball de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) ó 1980. Is é straitéis na hÉireann faoi láthair é tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht i gCláir GSE trí ghnólachtaí nuálaíochta teicneolaíochta Éireannacha ar féidir deiseanna gnó inbhuanaithe a theacht astu trí:

- Tacaíocht a thabhairt do T&F inmheánach agus forbairt ar an maoin intleachtúil a bhaineann leis laistigh de chuideachtaí Éireannacha;
- Úsáid a bhaint as rannpháirtíocht sa GSE chun cuideachtaí Éireannacha a shuíomh i slabhraí soláthair tionsclaíochta na hEorpa agus i margaí domhanda spáis agus aeraspáis.
- Nuálaíocht teicneolaíochta a chothú chomh maith le haistriú teicneolaíochta go margaí neamhspáis; agus
- Tacaíocht a thabhairt do thaighde straitéiseach, atá bainteach le tionsclaíocht, laistigh den earnáil 3ú leibhéal.

Ag teacht leis an straitéis náisiúnta, bhí méadú ar rannpháirtíocht chuideachtaí Éireannacha, i 2006, i bhforbairt teicneolaíochtaí nuálaíochta do chlár Spáis na hEorpa, chomh maith le roinnt cuideachtaí nua-thionscanta ardacmhainne. Meastar gur fiú níos mó ná €25 milliún an gnó a d'éirigh as rannpháirtíocht na hÉireann sa GSE.

Tá naoi bhfoireann ollscoile gníomhach faoi láthair i gclár GSE i réimsí éagsúla eolaíochta mar eolaíochtaí beatha, ardábhair, optaleictreonaic agus réaltfhisic.

Lean tionchar na hÉireann ar fhorbairt Pholasáí Spáis na hEorpa agus ar an gclár atá le cur faoi bhráid Chomhairle na nAirí le faomhadh a dhéanamh air i 2007.

Maoin Intleachtúil

Cuspóir

A chinntiú go dtagann ár bhfrámaíocht reachtúil ar mhaoin intleachtúil le forbairtí i gcleachtas agus oibleagáidí maoine intleachtúla ag éirí as comhaontaithe AE agus idirnáisiúnta.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Ag aithint an tábhachta atá le frámaíocht nua-aimseartha maoine intleachtúil mar fhoinsé do bhuntáiste iomaíochais, cinnteimid go bhfanfaidh reachtaíocht maoine intleachtúil cothrom le dáta agus go ngéillfidh sí dár n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

Acht (Leasú) na bPaitinní 2006

Ag teacht lenár dtiomantas reachtaíocht maoine intleachtúil na hÉireann a choimeád sa chéad chéim go hidirnáisiúnta, d'achtaigh an tOireachtas Acht (Leasú) na bPaitinní, 2006 (Uimh. 31 de 2006) i Nollaig 2006. Tá ceithre aidhm leis an reachtaíocht:

- Leasuithe chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha áirithe sa Chomhaontú ar Ghnéithe Bainteach le Trádáil ar Chearta Maoine Intleachtúil "Chomhaontú GTMIanna";
- Leasuithe de bharr athbhreithnithe ar Choinbhinsiún Paitinní na hEorpa;
- Forálacha chun éifeacht a thabhairt do Chonradh Dlí na bPaitinní a críochnaíodh faoi choimirce Eagraíocht Mhaoine Intleachtúil an Domhain, gníomhaireacht na NA a riarann conarthaí idirnáisiúnta i réimse na maoine intleachtúil; agus

- Leasuithe ilghnéitheacha riachtanacha ar reachtaíocht maoine intleachtúil, (Paitinní, Trádmharc, Dearadh agus Cóipcheart), trí shoiléiriú nó trí cheartú den chuid is mó.

Ceart Athdhíolta Ealaíontóra

Tháinig rialúcháin ag trasuí Treoir 2001/84/EC an AE ar cheart Athdhíolta Ealaíontóra i bhfeidhm i Meitheamh 2006. Dearadh na Rialacháin – Rialacháin (Ceart Athdhíolta Ealaíontóra) an Chomhphobail Eorpaigh 2006 – chun córas íocaíochta a sholáthar d'ealaíontóirí nuair a athdhíoltar a saothar bunaidh trí thrádáil ealaíona.

Forfheidhmiú ar Chearta Maoine Intleachtúil

Tháinig Rialúcháin (Forfheidhmiú ar Chearta Maoine Intleachtúil) an Chomhphobail Eorpaigh 2006 i bhfeidhm i mí Iúil 2006 agus tugann siad éifeacht do na gnéithe sin de Threoir 2004/48/EC an AE nach bhfuil ar fáil cheana féin faoi dhlí na hÉireann. Is é cuspóir is na teorach ná go mbeadh céimeanna faoisimh, laistigh den Chomhphobal, ag teacht le chéile ar bh'féidir le sealbhóirí cearta Maoine Intleachtúil dul ina muinín maidir le gníomhaíocht a sháraíonn a sainleasa Maoine Intleachtúil.

Ceart iasachtaithe poiblí

Déanadh obair ullmhúcháin i 2006 ar reachtaíocht chun ceart lasachtaithe Poiblí a thabhairt isteach maidir le leabhair a thug Leabharlanna Poiblí na hÉireann ar iasacht. Is é is aidhm do seo ná soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí d'údair a dtugann leabharlanna poiblí a gcuid saothair amach ar iasacht mar a éilíonn Treoir Cíos agus Iasachta an AE – 92/100/AE. Tá sé i gceist go n-achtófaí an reachtaíocht seo i 2007.



*Michael Ahern TD Aire
Trádála agus Tráchtála agus
Charlie Culley, Bainisteoir
Ginearálta, Richard Keenan
7 Co, Astraláis ag Turas
Trádála Fiontraíocht Éireann
ar an Astráil.*

Trádáil Idirnáisiúnta

Cuspóir

Uasmhéadú a dhéanamh ar na leasa d'Éirinn a bhaineann le críoch rathúil a bheith ar idirbheartaíocht Chlár Oibre Forbartha Doha, go háirithe maidir le rochtain ar an margadh, maoin intleachtúil agus rialacha trádála.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid comhordú ar príomh-shainleasa na hÉireann maidir le ceisteanna a éiríonn faoi fhrámaíocht Chomhpholasaí Tráchtála an AE agus déanfaimid iarracht ar thionchar a bheith againn, trínár rannpháirtíocht ar Choiste 133 agus na struchtúir a bhaineann leis, le hoscailt leanúnach ar mhargaí agus léirscaoileadh ar fhorbairtí polasaí trádála, ag áireamh críoch rathúil ar bhabhta Doha den idirbheartaíocht.

I rith 2006, lean rannpháirtíocht na hÉireann agus ár sainleas á chur chun cinn ag cruinnithe polasaí trádála an AE (Airteagal 133 agus coistí eile) agus leanadh de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí

ag an Eagraíocht Trádála Domhanda. Tá sainleasa straitéiseacha trádála na hÉireann le feiceáil go hiomlán i gComhpholasaí Tráchtála an AE.

I rith na bliana, cuireadh idirbheartaíocht san Eagraíocht Trádála Domhanda ar Chlár Oibre Forbartha Doha (COFD) ar fionraí, go háirithe de dheasca easaontaithe maidir le léirscaoileadh trádála earraí Talmhaíochta. I dtreo dheireadh 2006, déanadh athsheoladh ar an idirbheartaíocht agus tá iarrachtaí á ndéanamh faoi láthair dul chun cinn a dhéanamh ar cheisteanna conspóideacha agus críoch sásúil a bheith leis an mBabhta.

Acmhainn & Cumas Onnmhairithe a Fhorbairt

Cuspóir

A chur ar chumas onnmhairteoirí Éireannacha leas a bhaint as na deiseanna trádála atá ar fáil i margaí ar fud an domhain agus córas a chruthú do bhainistiú éifeachtach ar chóras ceadúnais onnmhairithe na hÉireann.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Oibreimid i gcomhoibriú le Ranna eile Rialtais, le Fiontraíocht Éireann agus le gníomhaireachtaí eile a bhfuil cúram orthu onnmhairithe a chur chun cinn d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar leasa mhargaí an domhain dár n-onnmhairithe. Áireófar bealaí forbartha air seo mar ar féidir leis na cliaint atá i gceist – ar onnmhaireoirí iad féin – ábhar is cúram dóibh a chur in iúl agus moltaí a dhéanamh ar conas a fhéadfaí polasaí, tacaí agus nósanna imeachta riaracháin a cheartú nó a athrú chun leasa i dtreo is go mbeadh toradh ar iarrachtaí leanúnacha an Stáit feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht onnmhairithe.

Threoraigh an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, agus na hAirí Trádála agus Tráchtála, Michael Ahern TD, agus Gnóthaí Oibre, Tony Killeen TD, 24 mísean ar leith trádála thar lear i rith 2006. Eagraíodh iad seo in éineacht le Fiontraíocht Éireann agus d'áirigh sé rannpháirtíocht Státchuart an Uachtaráin ar an Araib Shádach agus an Iordáin; mórMhísean Trádála ar an India faoi cheannas an Taoisigh; 18 mísean trádála ar thíortha éagsúla san Eoraip agus misin freisin ar réigiúin eile ar a raibh an Aifric Theas, Ceanada agus an Astráil.

Rinne na Misin Trádála seo éascú do chuideachtaí Éireannacha maidir le tús a chur nó forbairt a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí le páirtithe atá ann nó a fhéadfadh a bheith ann i spriocmhargaí éagsúla. Léiríonn réimse na margáí a roghnaíodh an gá atá le tacaíocht a sholáthar i margáí tábhachtacha bunaithe, agus le cabhair a thabhairt do chuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainn onnmhairithe agus éagsúlú trí rochtain a fháil ar mhargaí atá ag teacht chun cinn go háirithe na cinn in Iarthar na hEorpa agus san Áise.

Cé nach raibh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar fáil don bhliain iomlán nuair a cuireadh an tuarascáil seo i gcló, is é is dóichí go mbeidh luach timpeall 3 faoin gcéad níos airde ar onnmhairithe earraí marsantachta i 2006 ná an t-iomlán de €88 billiún in 2005. Is san AE atá ár margadh is mó onnmhairithe i gcónaí, le níos mó ná 60 faoin gcéad den iomlán ann. Bhí onnmhairithe chuig na Stáit Aontaithe, arb é an margadh aonair onnmhairithe is mó atá againn, ag timpeall 19 faoin gcéad den onnmhairiú iomlán.

Tionóladh an dara cruinniú den Fhóram Trádála Náisiúnta (FTN), ar fóram comhairleach é a dearadh chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara ionchur a bheith acu i bpolasaí trádála na hÉireann agus i gclár taighde trádála Fhorfás, ar an 11ú Deireadh Fómhair 2006. Soláthraíonn an grúpa seo fóram chun plé a dhéanamh ar an gclár oibre d' fhorbairt polasaí trádála sa toadhchá, comhordaithe ag Forfás, le hionchur ón Roinn. Dhaingnigh an cruinniú seo a ról agus aithnítear sa tionscail anois gur gréasán luachmhar atá ann. Ag an gcruinniú sin, rinne roinnt de na haoichainteoirí láithreoireacht ar cheisteanna éagsúla trádála.

Tá athstruchtúrú déanta ar an gCoiste Tuillimh Choigríche (CTC), a thugann ionadaíocht do na Ranna agus do na Gníomhaireachtaí iomchuí, chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht agus feidhmeoidh sé mar fhócas do gach Roinn agus Gníomhaireacht a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú. Tionóladh cruinniú den CTC athchóirithe ar an 29 Samhain 2006 mar ar aontaíodh go leanfadh an Coiste lena ról fiúntach agus ag aithint ag an am gcéanna go bhfuil gá le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar a modus operandi agus ar a struchtúr.

I 2006, tionóladh seisiún fhoimeálta de na Comhchomisiúin leis an tSín agus leis an Rúis. Déanadh dul chun cinn ar réimse de cheisteanna a bhaineann le trádáil. Is fóraim fhoirmeálta Déthaobhacha Idir-Rialtasacha iad na Comhchoimisiúin seo a cuireadh ar bun chun déileáil le gach gné d'fhorbairt trádála idir thráchtáil agus seirbhísí. Is é an ról atá acu tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú eacnamaíochta agus gnó, chomh maith le comhoibriú eolaíochtuil agus teicneolaíochta agus fóram a sholáthar chun ceisteanna idir an dá thír atá i gceist a phlé.

Leanfaidh an Roinn ag forbairt polasaí trádála na hÉireann maidir leis an AE agus le Frámaíochtaí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) Bimíd rannpháirteach ar Choiste Infheistíochta an ECFE agus in dhá chlár AE chun cúnaimh a thabhairt do thíortha áirithe i Lár agus in Iarthar na hEorpa agus i Lár na hÁise, .i. Ionstraim um Chúnaimh Réamh-Aontachais (ICR – a raibh PHARE air roimhe seo) agus Ionstraim Polasaí Comharsanachta na hEorpa (IPCE – a raibh TACIS air roimhe seo).

Cuireadh an Scéim Árachais Chreidmheasa Onnmhairithe, a bhí á soláthar ag an Roinn sna blianta roimhe sin, ar fionraí i 1998. Bhí cuid de na fiacha a bhí ag dul don Stát fós gan díol agus ceapadh roimhe sin nárbh fhéidir iad a fháil ar ais. Mar sin féin, déanadh iarrachtaí ar iad a fháil ar ais le blianta beaga anuas agus tá ag éirí go sármhaith leo. Aisghabháladh €1.3 milliún i rith 2006.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tabharfaimid nósanna oibre athcheartaithe isteach chun tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag misin trádála thar lear d'fhonn táscairí feabhais a aimsiú chun tagarmharcáil a dhéanamh ar na torthaí sa todhchaí.

I ndiaidh comhairliúcháin idir an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála agus Fiontraíocht Éireann (FÉ), cuireann Fiontraíocht Éireann tuarascáil ar dhul chun cinn le chéile ar gach misean trádála Aireachta thar lear chun éascú a dhéanamh ar anailís níos fearr ar na fachtóirí a thugann rath agus ar thorthaí na misean seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do na mórmhisin mar a mbíonn acmhainní suntasacha i gceist. Cinntíonn an obair seo gur féidir leis an Roinn agus le FÉ luach na misean seo, a dearadh chun go mbeadh ról tábhachtach acu i bhfeabhsú feidhmíochta onnmhairithe na hÉireann, a uasmhéadú.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid moltaí an Athbhreithnithe ar an gCóras Ceadúnais Onnmhairithe i bhfeidhm, chomh maith le reachtaíocht nua a thabhairt isteach.

Rinne an Rialtas faomhadh ar an Scéim Ghinearálta den Bhill Rialaithe Onnmhairithe i mí Iúil 2006 agus tosaíodh ar obair ar dhréachtú théacs dlíthiúil d'fhonn go bhfoilseofaí an Bille go luath i 2007. Bhí seo ar cheann de na chéad phíosaí reachtaíochta a cuireadh faoi réir Anailíse ar Thionchar Rialacháin (ATR) ag teacht le cur i bhfeidhm Straitéise "Rialaithe Níos Fearr" an Rialtais. Freisin i mí Iúil, rinne an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, Rialacháin chun éifeacht a thabhairt do Rialachán Chomhairle an AE ar rialú trádála in earraí a fhéadfaí a úsáid do

phionós báis, céasadh nó tairíde nó pionós eile a bheadh cruálach, mídhonna. Tháinig Rialachán na Comhairle i bhfeidhm ar an 30 Iúil 2006.

Déanadh dul chun cinn substaintiúil ar chóras iarratais ar cheadúnas onnmhairithe ar-líne a fhorbairt agus meastar go mbeidh sé ar fáil i Márta 2007. Seoladh Treoir Úsáideora nuashonraithe d'Onnmhairiú Earraí Míleata agus Dé-Úsáide ag an gcéad Seimineár um Rialachán Onnmhairithe a tionóladh ag Farnleigh i Meitheamh 2006.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Oibreoidh seo i dtreo feidhmiúcháin na Straitéise nua Áiseach don tréimhse atá romhainn.

Sheol an Taoiseach, an tUas Bertie Ahern, TD, an dara céim den Straitéis Áiseach don tréimhse 2005-2009, go hoifigiúil in Aibreán 2005. Leagann seo síos spriocanna agus tosaíochtaí méadú a dhéanamh ar thrádáil agus ar nascanna eacnamúla le príomheacnamaíochtaí na hÁise. Bunaíodh Grúpa Ardleibhéil Straitéise Áiseach, le hionadaíocht ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí iomchuí maidir leis na spriocanna ar leith a leagadh amach sa Straitéis a bhaint amach. Tá Ard-Rúnaí na Roinne Fiontair, Fostaíochta agus Trádála ina chathaoirleach ar an nGrúpa Ardleibhéil agus tháinig siad le chéile dhá uair i rith na bliana. Ba fhorbairt suntasach i rith 2006 é an mórMhisean Trádála ar an India faoi threoir an Taoisigh, in éineacht leis an Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, i mí Eanáir. Ina theannta sin, thug an tAire Martin cuairt ar an tSín agus ar an tSeapáin chun trádáil leis na tíortha sin a chur chun cinn. Ar na sainfhorbairtí a bhaineann le spriocanna na Straitéise seo tá: 30 cuideachta Éireannach breise ag bunú láithreachta sna tíortha tosaíochta; méadú suntasach ar líon na mac léinn tríú leibhéal ag teacht go hÉirinn; agus méadú suntasach ar onnmhairithe bia agus deoch. I rith 2006 d'eagraigh Fiontraíocht Éireann 46 teagmhas chun onnmhairithe a chur chun cinn ansin.

Margadh Inmheánach

Cuspóir

Feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú, agus trí réimeas a fhorbairt chun Margadh Inmheánach a chruthú i seirbhísí, agus trí thrasúiomh tráthúil ar Threoracha an AE.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid ag obair i dtreo Mhargadh éifeachtach Inmheánach d'Earraí agus Seirbhísí a chruthú. Beidh fócas ar leith thar thréimhse na straitéise seo ar thús a chur le trasúiomh Threoir an AE ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach.

Treoir Seirbhísí

Saincheist leathan atá sa Treoir Seirbhísí chun sairse a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse a seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha an AE nó bunú i mBallstát eile. Cé nach gclúdaíonn an Treoir gach seirbhís (agus nach mbeidh tionchar aige ar dhlí oibreachais), is ionann iad sin atá clúdaithe ag an Treoir agus 40 faoin gcéad de OTI, timpeall dhá uair níos mó ná déantúsaíocht. Ghlac Comhairle na nAirí leis an Treoir i mí na Nollag 2006.

Tá obair ar siúl anois ar thrasúiomh na Treorach agus tá trí bliana ag na Ballstáit (ón 28ú Nollaig 2006) chun í a thrasúiomh. Chuir Coimisiún na hEorpa Grúpa le chéile chun cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit leis an bpróiseas trasúimh. Tiocfaidh sé le chéile den chéad uair i bhFeabhra 2007.

Lean an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála lena hobair chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar an dréacht-Treoir i rith 2006. Beidh comhairliúcháin den chineál céanna ar siúl le páirtithe leasmhara i rith 2007 ar thrasúiomh na Treorach.

Athbhreithniú ar an Margadh Inmheánach

In Aibreán 2006, sheol Coimisiún na hEorpa comhairliúcháin poiblí ar conas ba cóir don Mhargadh Inmheánach (nó Aonair) freagairt do dhúshlán nua sa todhchaí. Dob aidhm leis díospóireacht phoiblí a spreagadh ar pholasaí an Mhargaidh Aonair sa

todhchaí. Táthar ag súil leis go n-áireofar torthaí an chomhairliúcháin poiblí san athbhreithniú bunúsach ar an Margadh Aonair, a lorgaíodh i dTeachtaireacht an Choimisiúin le Comhairle na hEorpa dar teideal Clár Oibre an tSaoránaigh Ag Baint Torthaí Amach don Eoraip (10ú Bealtaine 2006). D'fhreagair an Roinn seo, thar ceann na hÉireann, don chomhairliúcháin poiblí. D'fhoilsigh an Coimisiún na freagraí, a raibh 1,400 acu ann, ar an 20ú Meán Fómhair agus arís ar an 30ú Deireadh Fómhair.

D'fháiltigh aighneacht na hÉireann roimh bhéim Chomhairle na hEorpa ar an tábhacht a bhaineann le muinín an tomhaltóra agus gnólachta as an Margadh Aonair a neartú. Mar náisiún trádála, ní thig le Margadh Aonair atá ag feidhmiú go hiomlán ach leas na hÉireann a dhéanamh. Is é an príomhchuspóir, dar linn, ná go n-oibreodh sé ar bhealach cothrom, trédhearcach agus tráthúil. Bhí sé níos tábhachtaí, áfach, go mbeadh fócas ar an *acquis communautaire*¹¹ atá ann a chur ag obair ná go nglacfaí níos mó céimeanna, mura léireofaí go soiléir go gcuirfidis le feidhmiú an Mhargaidh Aonair. Leag an aighneacht béim freisin ar ról na mBallstát in oibriú an Mhargaidh Aonair trí riachtanais chomhoibrithe riaracháin bheartais an AE a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go héifeachtach, agus trí thionscnaimh mar SOLVIT. Go deimhin, mura dtabharfaí dóthain ama do na Ballstáit an *acquis* atá ann a “shocrú síos” go hiomlán, bhí baol ann go gcaillfeadh na saoránaigh/tomhaltóirí agus gnólachtaí muinín as an togra.

Tá an obair leanúnach ar an Athbhreithniú ar an Margadh Inmheánach. Bunaíodh Grúpa Ad Hoc Oibre d'oifigigh ó na Ballstáit chun fíricí a aimsiú ar an iliomad uirlis atá ann cheana féin ar an leibhéal náisiúnta chun go bhfeidhmeoidh an Margadh Aonair níos fearr i gcleachtas. Tugann an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála ionadaíocht d'Éirinn ar an nGrúpa Oibre, a tháinig le chéile den chéad uair ar an 7 Nollaig 2006.

¹¹ *Téarma Fraincise ag tagairt do chorpas cnuasaithe de dhlite an Chomhphobail is ea **acquis communautaire**, ag cuimsiú cuspóirí an AE, rialacha substainteacha, polasaithe agus, go háirithe an reachtaíocht bhunaigh agus thánaisteach agus cásdhlí – ar chuid iad ar fad de réimeas dlí an AE.*

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cinnteoimid géilliúntas agus feidhmiúchán tráthúil ar dhlí an Mhargaidh Inmheánaigh AE in Éirinn trí oibriú le Ranna eile Rialtais chun dlúthmhonatóireacht a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar cheart-trasuíomh agus fhógra gach Treorach Margaidh Inmheánaigh.

Trasuíomh na dTreoir

Is ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht maidir lena chinntiú go gcuirtear rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh i bhfeidhm i gceart. Is chun a gcomhleas é a chinntiú go bhfeidhmíonn an Margadh Inmheánach i gceart chun leasa a saoránach agus a ngnólachtaí. Mura gcuirtear rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach, beidh drochthionchar aige ar a gcuireann siad le fás agus iomaíochas na hEorpa.

Tugann Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh, a fhoilsíonn Coimisiún na hEorpa dhá uair in aghaidh na bliana, taifead ar fheidhmíocht na mBallstát i dtrasuíomh Threoracha an Mhargaidh Inmheánaigh de réir an spriocdháta a leagadh síos i ngach Treoir. Teipeann ar Bhallstáit nach ndéanann Treoracha a thrasuíomh i gceart ná in am an tiomantas a thug siad do na Ballstáit eile a chomhlíonadh.

Tá Éire, tríd na Ranna go léir, agus de bharr tréaniarrachta, tar éis dul thar sprioc easnaimh 1.5 faoin gcéad an AE le ráta de 1.2 faoin gcéad.

Clár SOLVIT ar bhacanna a bhaint den Margadh Aonair

Díríonn SOLVIT ar chásanna ina gcuireann údaráis phoiblí sna Ballstáit dlí Margaidh Inmheánaigh an AE chun mífheidhme. Tá Ionad SOLVIT na hÉireann ("SOLVIT Éireann") bunaithe sa Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála agus tá sé ar cheann de 30 Ionad SOLVIT, ceann i ngach Ballstát den AE agus sa Limistéar Eacnamaíochta Eorpach (LEE). Chruthaigh Coimisiún na hEorpa SOLVIT i 2002 chun na fadhbanna a bhíonn ag saoránaigh nó gnólachtaí an AE le rialtóirí poiblí na mBallstát a réiteach.

Tháinig méadú i rith 2006, ar fhiosrúcháin go SOLVIT Éireann i gcomparáid le blianta roimhe sin. Déileáil le 11 cás i 2005 agus tháinig méadú air seo i 2006 go 19, ar chuir SOLVIT Éireann tús le 7 gcás agus 12 ag na hIonadaí eile SOLVIT. Ina theannta sin, dhéileáil SOLVIT Éireann le líon mór fadhbanna agus ceisteanna breise a bhí ag saoránaigh agus gnólachtaí. Ar na ceisteanna agus na cásanna a ardaíodh le SOLVIT Éireann i rith 2006 bhí: na rialacha a bhaineann le hearraí a díoladh ar mhargadh Bhallstáit eile; lucht gairme ar mhian leo clárú sa Bhallstát seo nó i gceann eile; ceisteanna cánach; ceisteanna árachais; ceisteanna leasa sóisialacha; cearta pinsin, agus ceisteanna ar chearta [cónaithe] Chonradh an AE. Thosaigh SOLVIT Éireann ar shraith de chruinnithe le húdaráis inniúla na hÉireann i rith 2006, chomh maith le húdaráis inniúla do na gairmeacha, chun iad a chur ar an eolas maidir le SOLVIT agus tábhacht an acquis dá ngníomhaíochtaí. Leanfar leis an sraith cruinnithe seo i 2007.

Tagann na hIonadaí SOLVIT le chéile i bhformáid cheardlainne gach cúig mhí chun a dtaithe a chur i dtoll a chéile, chomh maith leis an gcleachtas is fearr agus chun fadhbanna a phlé, etc. Rinne SOLVIT Éireann óstaíocht ar an 17ú ceardlann de chuid SOLVIT i mBaile Átha Cliath ar an 23ú agus an 24ú Samhain 2006.

Is féidir breis eolais ar SOLVIT, maraon le sonraí teagmhála gach Ionad SOLVIT, a fháil ag: http://europa.eu.int/solvit/site/index_en.htm.

Ctmf (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise)

Soláthraíonn Oifig CTFM (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise) an Choimisiúin Eorpaigh tacaíocht tógála institiúide i ngach réimse de reachtaíocht an AE d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'ailiú, do chur i bhfeidhm agus d'forfheidhmiú na reachtaíochta sna Ballstáit nua, sna Tíortha ar Iarrthóirí iad, na Balcáin Thiar agus an Pobal Turcach Cipireach sa chuid thuaidh den Chipir. Soláthraítear cúnamh CTFM freisin do Stáit atá comhcheangailte leis an AE trí Pholasáí Comharsanachta na hEorpa, agus don Rúis mar a bhfuil comhghnásanna deonacha.

Soláthraíonn CTMF cúnamh teicniúil gearrthéarmach a bhfuil bainistíocht lárnach air i réimse comhfhogasaithe, feidhmiúcháin agus forfheidhmithe reachtaíochta an AE. Freagraíonn sé d'iarratais ar chúnamh atá brostaithe ag éileamh ó na Tíortha Tairbhíocha, na Ballstáit nua, Stáit Chomharsanachta na hEorpa agus Seirbhísí an Choimisiúin.

Soláthraíonn saineolaithe ó earnáil phoiblí na mBallstát cúnamh CTMF. Tá bunachar sonraí cruthaithe ag Coimisiún na hEorpa ar a leithéid de shaineolaithe ar féidir leo gluaiseacht go tapaidh i bhfreagairt d'iarratais ar chúnamh. Tá méadú leanúnach ar líon na saineolaithe Éireannacha a úsáideann CTMF – 63 i 2002, 93 i 2003, 99 i 2004 agus 144 i 2005. Beidh an figiúr do 2006 ar fáil i lár mid-2007. Tá pointe teagmhála náisiúnta ag CTMF i ngach Ballstát agus is í an Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann.

Inbhuanaitheacht & Iomaíochas

Cuspóir

Inbhuanaitheacht agus iomaíochas a chomhtháthú agus a chinntiú go gcuireann forbairt ar pholasáí comhshaoil ar leibhéal náisiúnta agus AE feabhas ar iomaíochas, go gcothaíonn sé fiontraíocht agus go spreagann sé nuálaíocht.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Rachaimid i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar chainteanna ar leibhéal an AE maidir le seasamh an AE ar athrú aeráide don tréimhse iar Kyoto (2012 ar aghaidh), ag iarraidh cur chuige cothrom, a chuireann ceisteanna iomaíochais agus comhshaoil san áireamh, a chinntiú.

Chuir an Roinn leis an díospóireacht ar pholasáí iar 2012 ar leibhéal náisiúnta trí rannpháirtíocht ar an bhFoireann Idir-Rannach ar Athrú Aeráide. Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i gceannas na Foirne ar a bhfuil páirtithe leasmhara ón Rialtas sa réimse athraithe aeráide, is iad sin na Ranna Fiontair,

Fostaíochta agus Trádála, Iompair, Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíochta agus Bia agus Gnóthaí Eachtracha.

B'éilimint lárnach é seasamh an AE ar athrú aeráide don tréimhse iar Kyoto den athbhreithniú ar Straitéis Forbartha Inbhuanaithe an AE. Rinne an Roinn seo deimhin de go ndéanfaí machnamh ar an Straitéis Fhorbartha Inbhuanaithe ag an gComhairle Iomaíochais, agus chuir sí le Conclúidí na Comhairle Iomaíochais ar athcheartú na Straitéise, ag cinntiú dá réir sin go mbeadh breithniúcháin iomaíochais le feiceáil sa Straitéis athcheartaithe.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Comhlíonfaimid ár ról tosaigh san idirbheartaíocht ar mholtaí CMÚSC ar cheimicáin.

Glacadh le Rialachán CMÚSC (Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Cheimeacán) ar an 18 Nollaig 2006 ag an dara léamh tar éis breis agus 3 bliana idirbheartaíochta. Tíocfaidh sé i bhfeidhm ar an 1ú Meitheamh 2007, agus beidh gá le réamhchlárú cheimiceán le Gníomhaireacht nua Ceimiceán na hEorpa i Heilsincí faoi dheireadh na Samhna 2008. Is é an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte an t-údarás inniúil náisiúnta do CMÚSC, agus tá breis foirne agus cistiúcháin faighte ag an Roinn chun a chur ar a cumas an ról sin a chomhlíonadh. Príomhchúram a bheidh ann an tionscail a chur ar an eolas maidir lena hoibleagáidí faoi CMÚSC, agus beidh baint ag an ÚSS le feachtais faisnéise do thionsclaíocht, i gcomhoibrú le heagraíochtaí ionadaíochta agus le gníomhaireachtaí fiontraíochta rialtais. Tá roinnt tacaíochta airgidis tugtha ag an Roinn, tríd an ÚSS, do CGFÉ don togra seo. Bunóidh an ÚSS deasc chabhrach eolais do ghnóthais bheaga agus mheánacha.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid orainn ag obair ar chur i bhfeidhm Straitéise Forbartha Inbhuanaithe na Roinne a chuireann roimhe cosán a sholáthar d'fhiontraíocht chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar fheidhmiúchán Straitéise Forbartha Inbhuanaithe 2003 – 2005 na Roinne.¹² Chlúdaigh an Straitéis ceithre chuaille: (1) Athrú Aeráide, (2) Inbhuanaitheacht Iomaíochais, (3) Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus (4) Inbhuanaitheacht Roinne. Tugann an Athbhreithniú taifead ar fheidhmiúchán Straitéise Forbartha Inbhuanaithe na Roinne, ag soláthar eolais ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i ngach ceann de na ceithre chuaille, na torthaí a baineadh amach agus teacht chun cinn chomhthéacs polasaí do chlár oibre forbartha inbhuanaithe.

Lean an Roinn ag obair le Fiontraíocht Éireann atá freagrach as réimse tionscnamh atá ceaptha chun feabhas a chur ar fheidhmiúchán chomhshaoil thionsclaíocht na hÉireann, m.sh. Forearraí Chomhshaoil, Córais Bhainistíochta Comhshaoil, an suíomh gréasáin environcentre.ie agus Togra BEST an AE ar Shruthlíniú ar Riachtanais Rialacháin a Bhaineann leis an Timpeallacht do Chuideachtaí, ar foilsíodh an tuarascáil deireanach de i mBealtaine 2006. Ina theannta sin, bhí an Roinn rannpháirteach i bpainéal formheasta do dhámhachtainí tuarascála inbhuanaithe Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhniú Cairte (CCDC).

Gníomhaíocht Straitéiseach:


Rachaimid i mbun idirbheartaíochta ar leibhéal an AE ar réimse tionscnamh comhshaoil a mbíonn tionchar acu ar thionsclaíocht, chomh maith le tionscnaimh ar athrú aeráide agus na moltaí do reachtaíocht nua ar cheimiceáin.

Bhí an Roinn i mbun idirbheartaíochta ar leibhéal an AE ar roinnt tionscnamh comhshaoil i 2006. Ghlac an Roinn páirt i nGrúpa Oibre an Choimisiúin ar Thrádáil Astuithe, ag dul i mbun chainteanna ar réimse ceisteanna ag éirí as chur i bhfeidhm na Scéime Trádála Astuithe. Bhí an Roinn seo páirteach, in éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, i bhforbairt Phlean Gníomhaíochta Teicneolaíochtaí Comhshaoil (PGTC) an AE. Is comhthionscnamh é an PGTC idir Stiúrthóireacht Comhshaoil agus Taighde Choimisiúin na hEorpa arb é a chuspóir feabhas a chur ar fhorbairt agus ar úsáid níos leithne a bhaint as teicneolaíochtaí comhshaoil trí na sineirgí idir chosaint an chomhshaoil agus fás eacnamúil a thiomnú. Chuir an Roinn le forbairt Ródmhapa Náisiúnta na hÉireann d'Feidhmiúchán an PGTC a foilsíodh in Aibreán 2006.

¹² Tá athbhreithniú ar fheidhmiúchán Straitéis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 2003-2005 ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne : <http://www.entemp.ie/publicatons/trade/2006/reviewimplsusdevstrategy.pdf>

CUAILLE 2

Obair agus Foghlaim Ardchaighdeáin





C-D: Patricia Curtin Ard-Stiúrthóir Cúnta FÁS, Mícheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Rody Molloy, Ard-Stiúrthóir FÁS, Tony Killeen TD, Aire Gnóthaí Saothair ag seoladh Deiseanna FÁS 2006.

Foghlaim Ar Feadh an tSaoil

Cuspóir

Foghlaim ar feadh an tsaol a fhíoradh do líon níos mó daoine sa bhFórsa Saothair.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid idirghníomhú le Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun tionscnaimh um fhoghlaim ar feadh an tsaol a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a dhéanfaidh soláthar ar dheiseanna do dhaoine sa bhfórsa saothair.

Lean an Roinn, i 2006, ag tabhairt na tosaíochta is airde d'fhairsingiú na ndeiseanna foghlama do dhaoine d'aois oibre. Go háirithe, chuidigh an Roinn leis an gclár oibre seo trí infheistíocht a dhéanamh ar nach mór €440 milliún i ngníomhaíochtaí, i gcláir agus i seirbhísí traenála fostaíochta chun cuidiú leo siúd a bheadh ag lorg oibre na scileanna agus na hinníúlachtaí riachtanacha a bhaint amach.

Thug an Roinn ardtosaíocht chomh maith d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na heacnamaíochta sa todhchaí. D'iarr an Roinn ar an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) dul i mbun taighde ar an gcomhthéacs do Straitéis Náisiúnta Scileanna chun an tréimhse go 2020 a chlúdach. Is í an Roinn a rinne cathairleacht ar an nGrúpa Stiúrtha a tháirg an tuarascáil dar teideal 'Scileanna an Lae Amáraigh – I dTreo Straitéis Náisiúnta Scileanna' a fhoilseofar go luath i 2007.

Bhí an Roinn rannpháirteach chomh maith san idirbheartaíocht le teacht ar chomhaontú nua náisiúnta comhpháirtíochta sóisialta, I dTreo 2016, a chuimsíonn tiomantas fócas ar leith a dhíríú ar oibrítheoirí íseal-scileanna agus le háisiú a dhéanamh ar fhoghlaim ar feadh an tsaol go ginearálta.

Traenáil In-Chuideachta (Scileanna Nua a Thabhairt Dóibh Sin i bhFostaíocht)

Cuspóir

Fairsingiú a dhéanamh ar leibhéal na rannpháirtíochta agus na hinfheistíochta i dTraenáil In-Chuideachta, ag díriú go háirithe ar oibrítheoirí íseal-scileanna.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanfaimid riaradh díreach ar thionscnamh traenála chun aghaidh a thabhairt ar Thraenáil In-Chuideachta trí Ghlaoch poiblí ar Mholtaí agus déanfaimid áisiú ar fhorfheidhmiú ar thionscnamh bhreise traenála sa réimse seo ag FÁS, ag baint leasa as airgid CSE agus as an gCiste Náisiúnta Traenála (CNT).

Oibreimid le Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun a chinntiú go gcuimsíonn forbairt polasaí traenála riachtanais fostaíochta na n-oibríthe íseal-scileanna agus déanfaimid deimhin de go leanfaidh FÁS agus Skillnets ag forbairt clár atá dírithe ar oibríthe íseal-scileanna.

Bunaíodh an méadú suntasach in infheistíocht i dtraenáil na ndaoine a bhí fostaíthe a bhaineadh amach i 2005 i 2006, agus déanann an chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, I dTreo 2016. tiomantas chun leanúint leis an treocht seo. Chuir leithdháileadh na n-acmhainní breise seo ó 2005 tús le breis gníomhaíochta sa réimse agus le cur tabhairt isteach cláracha nua. Go háirithe, tá FÁS tar éis an Chlár Céim Amháin Suas a fhairsingiú i méid agus i scóip. Chuimsigh seo tabhairt isteach an Chláir Straitéisigh Chomhghuaillíochta ag cuimsiú oibriú le heagraíochtaí náisiúnta i 2005. I rith 2006 rinne an chlár deireanach seo soláthar ar thraenáil do 11,840 duine thar breis is 29,600 lá traenála.

Forbairt bhreise faoin Chlár Straitéiseach

Comhghuaillíochta ab ea an fógra ar thrí ghlaoch ar léiriú spéise chun cláir nua a bhunú. Dá bhrí sin, bunaíodh clár um thógáil acmhainne i mbainistíocht díolacháin agus i ndíolachán i nDeireadh Fómhair 2006 agus críochnófar go luath in 2008 é. Tá sé beartaithe dhá chlár eile, ceann maidir leis an dhara glaoch agus ceann maidir leis an thríú glaoch, a bheith ag feidhmiú i rith 2007. Beidh an chéad cheann sa réimse a bhaineann le hoibríthe le íseal-scileanna/cháillíochtaí a thraenáil, agus freagróidh an dara ceann do thorthaí na traenála atá sonraithe sna tuarascálacha Gnó Mór is ea Gnó Beag, ullmhaithe ag Fóram¹³ na nGnónna Beaga agus Forbairt Bainistíochta GBM in Éirinn, a d'ullmhaigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháil, Fiontraíocht Éireann agus FÁS¹⁴. Ina theannta sin, d'ardaigh an buiséad do thraenáil printíseachta i 2006 go €113 milliún, ó €101.8 milliún an bhliain roimhe sin. Rinne an cistiú seo soláthar ar thraenáil beagnach 18,000 printíseach i gcaitheamh na bliana.

Ina theannta sin, leanann Clár Traenála Gréasáin Skillsnets (CTG) ag tacú agus ag cistiú traenáil gréasáin fiontarbhunaithe faoi shainordú a bheidh i bhfeidhm siúl go dtí deireadh 2010. Is é Skillsnets Teoranta, cuideachta tacaíochta traenála atá ionadaíoch ar fhostaithe agus ar fhostóirí i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, a dhéanann é a fheidhmiú agus é a sheachadadh. Thug buiséad €8.5 milliún CTG i 2006 tacaíocht do bhreis is 50 gréasán traenála. Méadaíodh buiséad na bliana 2007 go dtí €13.5 milliún agus cuimsíonn seo cistiú um sheachadadh na dtiomantas sa chomhaontú comhpháirtíochta I dTreo 2016.

Déanann Skillnets bainistiú ar an gclár ACCEL chomh maith – Ag brostú scileanna in-chuideachta. I 2006, tugadh faomhadh d'os cionn 55 togra le tacaíocht a fháil agus meastar go gcaithfear an buiséad de €16 milliún go hiomlán thar an tréimhse go 2008.

¹³ www.smallbusinessforum.ie/webopt/sbf060516_full_report_webopt.pdf

¹⁴ www.skillsireland.ie/press/reports/pdf/egfsn060512_sme_report_webopt.pdf

Traenáil agus Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Cuspóir

Feabhas a chur ar thacaíochtaí traenála agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

In éineacht le FÁS déanfaimid forbairt agus rolladh amach ar scéim nua chun tacú le daoine faoi mhíchumas chun dul i mbun fostaíochta lánaimseartha (Scéim Fostaíochta Lánaimseartha).

Rinne FÁS – an tÚdarás Náisiúnta Fostaíochta agus Traenála – rolladh amach ar an Scéim Tacaíochta Pá (STP) i 2006, rud a thosaigh i Meán Fómhair 2005. Faoi dheireadh 2006 ba é líon iomlán na rannpháirtithe sa STP ná 796. Tá sé beartaithe go ndéanfaí athbhreithniú ar an STP i 2007 le hintinn feabhas a chur ar fheidhmiú na scéime.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Gabhfaimid i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara i bhforbairt Phlean Earnála don Roinn, mar atá leagtha síos sa Bhille um Míchumas 2004.

Foilsíodh an Plean Earnála don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, ag clúdach na tréimhse 2006-2010, i 2006¹⁵. Tá roinnt eochairthionscnaimh cuimsithe ann atá dírithe ar chomhionannas deiseanna a chur chun cinn sa mhargadh oscailte saothair do dhaoine le míchumas, breis forbartha a dhéanamh ar an gclár príomhshruthaithe oibre laistigh den Roinn agus a gníomhaireachtaí, cabhrú le daoine le míchumas chun a neamhspleáchas eacnamaíochta agus sóisialta a mhéadú, agus níos mó cuimsithe sóisialta a chur chun cinn. Ina theannta sin tá moltaí sa Phlean chun seirbhísí inrochtana ag an Roinn agus a gníomhaireachtaí a sholáthar dona ceithre bliana atá le teacht.

Cuimsíonn an Phlean moltaí chun Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a fhorbairt dírithe ar rannpháirtíocht rianúil a chur chun cinn le daoine faoi mhíchumas ag an Roinn agus a Gníomhaireachtaí trí:

- Feabhas a chur ar éifeachtach na gclár fostaíochta agus ar an ngairmoiliúint, ag áireamh forfheidhmiú Straitéise Gairmoiliúna FÁS;
- Breis forbartha ar thacaíochtaí chun dhaoine faoi mhíchumas sna earnálacha poiblí agus príobháideacha araon a fhostú sa mhargadh oscailte saothair; agus
- Rátaí rannpháirtíochta na ndaoine faoi mhíchumas a mhéadú ar scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP) thar tréimhse an Phlean, agus ag ardú na teorainneacha rannpháirtíochta FP do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn soláthar a dhéanamh ar bhreis traenála le cuidiú le dul ar aghaidh chun fostaíochta.

Ina theannta sin, déanann an Plean soláthar do:

- Feabhas ar an gcomhoibriú le heochairpháirtithe leasmhara, ag áireamh Fóram nua Comhairleoireachta a bhunú don Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas; agus
- Dlúth-chomhoibriú le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí tábhachtacha eile d'fhonn deiseanna fostaíochta agus traenála do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Déanfaidh an Roinn, i gcomhar leis an bhFóram Comhairleoireachta ar an Straitéis Fostaíochta, monatóireacht ar dhul chun cinn fhorfheidhmiúcháin na mbeartas margaidh saothair atá sonraithe sa Phlean Earnála. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean i 2009.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid iniúchadh ar an scóip atá ann ar fheasacht na bhfostóirí a ardú maidir le daoine faoi mhíchumas a bheith mar acmhainn ag margadh an tsaothair

Lean FÁS air ag cur feasachta chun cinn i 2006 maidir lena thacaíochtaí d'fhostú daoine le míchumas ar bhonn rianúil trí chainéil mar a shuíomh idirlín, coir poist ar leith, léiriúcháin do ghrúpaí ábharthacha, foilseacháin, ailt in irisleabhair, nuachtlitir, bróisiúir agus pacáistí fostóra. Cuirfear san áireamh feasacht bhreise na bhfostóirí maidir le daoine le míchumas a bheith mar acmhainn ag margadh an tsaothair i gcomhthéacs an Fhórim nua Comhairleoireachta ar an Straitéis Fostaíochta.

15 <http://www.entemp.ie/labour/strategy/sectoralplan.htm>

Gairmoideachas agus Traenáil Ghairme ar leibhéal an AE

Cuspóir

Cuidiú, le comhoibriú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le forbairt polasaí AE chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh gairmoideachas agus traenáil ghairme cuidiú níos mó agus níos éifeachtaí do chlár oibre na Liospóine.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Oibreimid chun éifeacht a thabhairt do na moltaí atá sonraithe i gCommunicqué Maastricht Nollaig 2004 ar Oideachas agus ar Thraenáil Ghairme.

Tacóimid le tionscnaimh chun soghluaiseacht fhórsa saothair an AE a mhéadú trí forbairt a dhéanamh ar Chreat nua Cáilíochta Eorpacha agus ar bheartais eile trédhearcachta agus soghluaiseachta.

Lean an Roinn ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le heagraíochtaí ábharthacha eile, chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh na forbairtí agus na treoracha a aontaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta eolasú ar pholasaithe agus chleachtas traenála agus oideachais intíre.

Lean an Roinn chomh maith ag comhoibriú le húdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann chun forbairt agus cur chun cinn breise a dhéanamh ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe

Cuspóir

Iontráil na ndaoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha sa mhargadh saothair a mhealladh agus a áisiú trí sholáthar a dhéanamh ar raon de chlár agus sheirbhísí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfar de forfheidhmiú na Straitéise Coiscithí, ina mbíonn FÁS rannpháirteach le daoine dífhostaithe. Cuirfimid san áireamh moltaí na hathbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar an straitéis seo le hintinn feabhas a chur ar éifeachtach an phróisis.

Déanann an Straitéis Choiscteach soláthar ar rannpháirtíocht rianúil d'fhoireann um Sheirbhísí Fostaíochta do daoine dífhostaithe. Tá an fhócas dírithe ar idirghabháil go luath le daoine á dtarchur ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go FÁS chun cuidiú lena n-imeasctha sa mhargadh saothair agus le soláthar a dhéanamh, nuair is cuí, ar na scileanna riachtanacha chun feabhas a chur ar a gcuid deiseanna fostaíochta.

Suas go dtí Samhain 2006 bhí os cionn 36,000 duine tarchurtha go FÁS agus den méid sin d'fhág 20,600 duine an Beo-Chlár. Tá FÁS fós i mbun rannpháirtíochta leis an gcuid eile acu.

Tar éis Athbhreithnithe na Straitéise Coiscithí a chríochnú, cuireadh tús le cíoradh agus le forfheidhmiú na moltaí. Le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2006 ar aghaidh, go háirithe, rinneadh fairsingiú ar tharchur an Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta dóibh sin atá 55 bliain d'aois agus atá ag fáil focaíochtaí cúnamh/sochair dífhostaíochta le tréimhse sé mhí. Ina theannta sin, tá an tréimhse sula ndéantar idirghabháil laghadaithe ó 6 mhí go 3 mhí ar an mBeo-Chlár do gach aoisghrúpa.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid orainn ag déanamh soláthair ar raon de chlár fostaíochta agus traenála chun rannpháirtithe a chumasú le dul ar aghaidh go fostaíocht.

Déanann FÁS soláthar ar raon seirbhísí dóibh sin atá ag lorg fostaíochta. Is iad na príomhscéimeanna fostaíochta atá ann ná Fostaíocht Phobail agus Tionscnamh Oibre a dhéanann soláthar ar dheiseanna oibre agus/nó traenála le pobail áitiúla. I 2006 bhí os cionn 23,000 áit ar na scéimeanna seo.

Ar an 1ú Eanáir 2006 d'aistrigh freagracht as an gClár Eacnamaíochta Sóisialta ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá ainm nua ar an gclár anois is é sin an Chlár um Sheirbhísí Pobail.

Déanann FÁS soláthar ar sheirbhís socrúcháin agus gairmthreorach agus tá rochtain féinseirbhíse aige chomh maith ar raon leathan d'fhollúntais poist ag áireamh deiseanna do chliaint i mBallstáit eile AE agus sa Limistéir Eacnamaíochta Eorpach.

I 2006 ba é an fócas a bhí ag 'Fairsingiú an Lucht Oibre' FÁS ná príomhshruthú na scéime go gach réigiún FÁS chomh maith le dianiarracht a dhéanamh ar mhná ag filleadh a fháil, le soláthar a dhéanamh ar sheirbhís dóibh agus chun seirbhísí FÁS a leasú chun freastal ar a gcuid riachtanas. I gcaitheamh na bliana reáchtáladh, laethanta earcaíochta 'Roghanna' go náisiúnta do rannpháirtithe agus d'fhostóirí araon. Tá athbhreithniú ar an scéim ar siúl faoi láthair.

Lean Fo-Ghrúpa um Sheachadadh Fostaíochta agus Traenála do bhail Chomhluadar an Lucht Siúil, faoi chathaoirleacht an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, ag teacht le chéile i 2006. I gcaitheamh na bliana, d'oibrigh an Roinn agus FÁS in go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus an tSeirbhís um Cheapacháin Poiblí le soláthar a dhéanamh ar shocrúcháin do Lucht Siúil i Ranna Rialtais tríd an gClár Intéirneachta.

Straitéis Eorpach Fostaíochta

Cuspóir

A bheith rannpháirteach sa chéad chéim eile den Straitéis Eorpach Fostaíochta, a léireofar sa Chlár Náisiúnta Athchóirithe le béim faoi leith ar fostaíocht a chruthú agus ar fhórsa saothair inoiriúnaithe sciliúil a fhorbairt.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuideoimid ar leibhéal AE le hobair an Chomhairle Gnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST) agus grúpaí ábharthacha eile, ag áireamh an Choiste Fostaíochta, chun deimhin a dhéanamh de go léiríonn polasaithe AE spriocanna agus cuspóirí na Roinne. Tabharfar chun críche Pleananna Gníomhaíochta um Fhostaíocht Náisiúnta ar bhonn bliantúil agus cuirfear faoi bhráid Choimisiún na hEorpa iad mar chuid de na socrúithe tuarascála de Chlár na Liospóine.

Seoladh leagan athbhreithnithe de "Straitéis na Liospóine", le fócas ar fhás agus ar phoist, ag Comhairle na hEorpa i Márta 2005. Faoin gcur chuige nua réitigh gach ballstáit Clár Náisiúnta Athchóirithe (CNA) ag sonrú na dúshláin agus na tosaíochtaí gníomhaíochta don tréimhse trí bliana 2005-2008. Cuimsithe i CNA na hÉireann tá raon leathan de pholasaithe agus de thionscnaimh, ag áireamh polasaithe ar an margadh saothair.

Sonraithe i CNA 2006, a cuireadh faoi bhráid Chomhairle na hEorpa i nDeireadh Fómhair 2006, tá tuairisc ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Chláir. Tá measúnú an Choimisiúin ar an CNA sonraithe ina dTuarascáil Bhliantúil um Dhul Chun Cinn a foilsíodh i Nollaig 2006. Deir an Tuarascáil go bhfuil dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh ag Éirinn maidir le polasaithe um fhás agus poist a mhéadú a fhorfheidhmiú. Aithnítear gurb iad na beartais um aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil scoile agus feabhsú scileanna, agus Straitéis Náisiúnta Scileanna a fhorbairt na tréithe is treise maidir leis an margadh saothair.

Molann an measúnú chomh maith gur cheart an fócas a choimeád ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú, ag áireamh infreastruchtúr um chúram leanaí a fhorbairt agus imeascadh níos mó na n-imirceach sa mhargadh saothair agus sa sochaí.

Faoi Chlár na Liospóine tá roinnt spriocanna fostaíochta AE i bhfeidhm do 2010: ráta foriomlán fostaíochta de 70 faoin gcéad; ráta fostaíochta ban de 60 faoin gcéad agus ráta fostaíochta de 50 faoin gcéad d'oibrithe níos sine le haois 55-64. Tá dul chun cinn seasmhach déanta ag Éirinn maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach agus i 2006 sáraíodh na spriocanna do mhná agus d'oibrithe níos sine.

Ag deireadh 2006 ba é an ráta foriomlán fostaíochta a bhí ann ná 68.7 faoin gcéad, ba é an ráta fostaíochta do mhná ná 59.6 faoin gcéad, agus an ráta fostaíochta do dhaoine níos sine ag 53 faoin gcéad.

Saothar Oilte ó Lasmuigh den LEE¹⁶

Cuspóir

Polasaí a chur i bhfeidhm um raon ionstraimí a sholáthar le háisiú a dhéanamh ar earcú pearsanra sciliúil saothair ó lasmuigh den Limistéir Eacnamaíochta Eorpach, nuair nach féidir teacht ar na scileanna atá de dhíth trí ghnáthearcú nó thraenáil.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfidh i bhfeidhm forálacha an Bhille um Cheadanna Fostaíochta atá le hachtú i 2005 chun an réimeas um Chead Fostaíochta a chur ar bhonn cuimsitheach agus slán reachtúil. Foilseoidh páipéar polasaí ar riachtanais ar leith scileanna na hÉireann iarmhéadú an AE, ag cur san áireamh sruthanna na n-imirceach ó na Ballstáit nua.

D'oscail Éire a margadh saothair do náisiúnaithe na ndeich mBallstát breise den AE ar an 1ú Bealtaine 2004. Ón dáta sin ar aghaidh tá cead ag náisiúnaithe ón mBallstáit, de 25 stáit an uair sin, agus an Limistéir Eacnamaíochta Eorpach (LEE) agus ón Eilvéis fillleadh ar Éire agus oibriú gan srian. Ar an 24ú Deireadh Fómhair 2006, rinne an Rialtas cinneadh leanúint leis an éileamh go gcaithfeadh náisiúnaithe na Bulgáire agus na Rúmáine iarratas a dhéanamh ar cheadanna oibre d'fhonn cead a bheith acu i margadh saothair na hÉireann tar éis dhóibh teacht isteach san AE, ach go dtabharfaí tús áite dóibh i gcomparáid le náisiúnaithe ó thíortha neamh-LEE. Caithfidh cead a bheith ag náisiúnaithe neamh-LEE chun oibriú sa Stáit agus caithfidh siad ceadúnas fostaíochta a shaothrú ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Shínigh an tUachtarán An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 ar an 23ú Meitheamh, 2006 agus tá dhá phríomhchuspóir ann:

- Bunaíonn sé creat reachtúil inar féidir polasaí gníomhach, bainistithe agus imirce a fhorfheidhmiú; agus
- Déanann soláthar ar roinnt cosaintí nua tábhachtacha d'oibrithe imirceach in Éirinn.

Tá na socruithe nua um imirce eacnamaíochta, a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Feabhra 2007, agus go mbeidh tairiscint poist mar chuid de, comhdhéanta de:

- Scéim cheadaithe um Chárta Glas do phoist go bhfuil ganntanas scileanna straitéiseacha nó ganntanas scileanna ardleibhéal ag baint leo;
- Scéim athbhreithnithe um Chead Oibre;
- Scéim nua Aistrithe In-Chuideachta; agus
- Scéim um Chead Oibre do Nuachair/Chleithiúnaithe;

¹⁶ An AE móide An Ioruaidh, an Íoslainn agus Lichtinstéin.

Ceadanna Fostaíochta

Cuspóir

Leibhéal feabhsaithe de sheirbhís chustaiméara d'iarrathóirí na gCeadanna Fostaíochta

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid dianiarracht ar thús a chur le háis ar-líne d'iarratais ar leith um Chead Fostaíochta agus bainimid leas as méid laghdaithe d'iarratais i gcomhshaol réamh-mhéadaithe an AE chun soláthar a dhéanamh ar fheasacht níos fearr agus leibhéal níos pearsanta seirbhíse dár gcustaiméirí.

Cuireadh an chéim fhorbartha den togra ar-líne ar fionraí ag feitheamh go dtí go gcuirfí le chéile córas nua um Cheadanna Fostaíochta go luath i 2007. Tosóidh an phróiseas seo arís i 2007.

Go ginearálta, is do dhaoine le hardscileanna agus le tuarastail arda lasmuigh den LEE gur eisíodh Ceadanna Oibre dóibh i rith 2006. Eisíodh 7,300 Cead nua Oibre i 2006, tuairim is an méid chéanna a eisíodh i 2005. Ba é an líon iomlán de Cheadanna Oibre a heisíodh, athnuacháin san áireamh ná, 23,892 léiriú den laghdú iomlán de 12 faoin gcéad i 2006 i gcomparáid le 2005.

Ba é an sprioc ama próiseála le Cead bailí Oibre a eisiúint ná 15 lá oibre. Baineadh amach an sprioc seo sa chéad leath den bhliain ach níor déanadh sa dara leath den bhliain de dheasca sceideal trom oibre ag áireamh pleananna a chur i bhfeidhm le tús a chur le socruithe nua um Cheadanna Fostaíochta le seoladh go luath i 2007.

Cuireadh tús le Scéim um Údarú Oibre/Víosa Oibre i Meitheamh 2000 d'earnálacha ganntanais scileanna mar Chúram Sláinte agus na hEarnálacha Feasachta, Cumarsáide agus Teicneolaíochta. I 2006 eisíodh 2,101 Údarú/Víosaí Oibre go deireadh Meán Fómhair 2006 (na figiúirí is déanaí ar fáil) i gcomparáid le 2,585 i mbliain iomlán i 2005. Is ón bproifisiún leighis a tháinig an chéatadán is mó de dhaoine ag baint leas as an Scéim.

Lean an Roinn ag feidhmiú Scéim Aistrithe In-Chuideachta ar bhonn lamháltais i rith 2006. I 2006 bhain 226 duine leas as an Scéim.

Caiteachas agus Gníomhaíochtaí FÁS

Cuspóir

Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtach chaitheachais agus ghníomhaíochta FÁS d'fhonn cuspóirí straitéiseacha traenála agus margaidh na Roinne a bhaint amach.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Beimid i bhfeighil leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais do ghníomhaíochtaí FÁS agus déanfaimid deimhin de go dtacaíonn siad le cuspóirí straitéiseacha na Roinne.

Rinneadh leithdháileadh ar €974 milliún maidir le gníomhaíochtaí traenála agus fostaíochta FÁS i 2006. €935 milliún an méid a leithdháileadh i 2005. Úsáideadh an chistíocht bhreise don méadú i ghníomhaíocht um thraenáil in-chuideachta, do scéimeanna traenála agus fostaíochta do dhaoine le míchumas agus do thraenáil um chúram leanaí. Rinneadh leithdháileadh ar os cionn €395 milliún do chlár thraenála. Rinneadh leithdháileadh ar €387 milliún d'FÁS maidir le Clár Fostaíochta mar Fostaíocht Pobail, Tionscnaimh Poist agus scéimeanna Fóirdheontas Pá (daoine faoi mhíchumas a fhostú).

Bunaíodh Grúpa Comhpháirtíochta Sóisialta ar cheisteanna Margaidh Saothair i mBealtaine 2005 faoi chathaoirleacht an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Déanann an Ghrúpa soláthar ar fhóram um plé idir Chomhpháirtithe Sóisialta agus Ranna Rialtais maidir le raon fairsing ceisteanna margaidh saothair. Reáchtáil an ghrúpa dhá chruinniú i 2006.

Cuidíonn an Roinn le freagraí a aithint agus a fhorbairt do thosaíochtaí traenála agus fostaíochta, go háirithe tríd a hionchur do Ráiteas Straitéise FÁS 2006-2009 a cheapadh. Mar fhreagra ar shíor athrú na n-éileamh

eacnamaíochta agus an staid ina bhfuil nach mór gach duine fostaithe, is eochairfhócas atá ann traenáil agus scileanna breise a sholáthar d'oibrithe. Tá ról suntasach ag FÁS maidir leis an traenáil seo a sheachadadh, agus bíonn ag comhoibriú le tionscail chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh an traenáil agus curaclam deireadh go héifeachtach le dífhostaíocht fadtéarmach. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne go luath i 2006.¹⁷

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmiúchán FÁS chun deimhin a dhéanamh de go ngéilleann an ghníomhaireacht do threoirilínte straitéiseacha agus rialachais chomparáideacha araon.

Bíonn cruinnithe go rialta ag an Roinn le FÁS chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus le deimhin a dhéanamh de, nuair is cuí, go n-athrítear an straitéis agus an chistíocht ag teacht le hathruithe riachtanas. Déantar monatóireacht go rialta ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht agus déantar athbhreithnithe ar scéimeanna ar leith ar bhonn leanúnach. Ghlac FÁS páirt in "Athbhreithniú Tras Rannach Caiteachais ar Thacaíochtaí do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach". Rinne an Roinn seo comhordú ar mar chuid den dTionscnamh um Athbhreithniú Caiteachais¹⁸. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná measúnú a dhéanamh ar raon na dtacaíochtaí Stáit do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach i rith an tréimhse 1998-2003, agus meastachán a dhéanamh ar an gcuidiú a ndearna siad chun deireadh a chur go héifeachtach agus go foirfe le dífhostaíocht fadtéarmach. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne go luath i 2006¹⁹.

Tá ar FÁS géilleadh do Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus déantar athbhreithniú go rialta ar an ngéilleadh. Tháinig Bord nua FÁS in oifig ar an 1ú Eanáir 2006 do thréimhse chúig mbliana.

¹⁷ <http://www.entemp.ie/publications/labour/2004/reviweactivelabmarket.htm>

¹⁸ Tugtar Athbhreithnithe um Luach ar Airgead ar na hathbhreithnithe anois.

¹⁹ <http://www.entemp.ie/publications/labour/2004/reviweactivelabmarket.htm>

Sonraí an Mhargadh Saothair

Cuspóir

Na sonraí margaidh shaothair is ábharthaí agus is déanaí a chur chun cinn a dhéanfaidh eolasú ar fhorbairt pholasaithe agus tionscnaimh margaidh shaothair.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Réiteoidimid agus déanaimid nuashonrú ar shonraí margaidh shaothair trí anailís mionchruinn de thuarascálacha eacnamaíochta agus trí staitisticí maidir le treochtaí fostaíochta/dífhostaíochta a thiomsú.

Déantar anailís agus nuashonrú go rialta ar shonraí margaidh shaothair ar bhonn na bhfoilseachán agus na dtuarascálacha éagsúla staitisticíúla an PSO (an Phríomhoifig Staidrimh) ar chomhlachtaí mar an ITES (Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) agus FÁS. Déantar monatóireacht ar tháscairí fostaíochta/ margaidh shaothair go rialta chomh maith. Tá achoimre ar na sonraí margaidh shaothair is déanaí, eolasú polasaí, in Aguisín 10.

Ciste Sóisialta na hEorpa

Cuspóir

An t-úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) do chlár 2000-2006 le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh margaidh shaothair.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid monatóireacht ar chaiteachas CSE faoi na clár ábharthacha agus déanaimid gach iarracht an t-úsáid is fearr a bhaint as acmhainní CSE.

Fuair Éire tuairim is €161 milliún i ndeontais CSE i rith 2006, tugadh €52.5 milliún den bhfigiúir seo do ghníomhaíochtaí á rith nó ar son na Roinne seo agus a gníomhaireachtaí. De réir na n-éileamh sna Rialacháin um Chistí Struchtúrtha, rinne Aonad CSE na Roinne seiceáil



Will Thompson, Roinn Saothair agus Pinsean RA, Lenka Zrala, Struchtúr Comhthacaíochta, Poblacht na Seice, Tony Killeen, TD, Aire Gnóthaí Saothair, Shira Mehlman, FÁS agus Karl Held, UKEQUAL Support Structure ag Seoladh Bhanc Smaointe EQUAL.

Déanann an Tionscnamh Comhphobail, EQUAL atá comhfhoinne ag CSE iarracht ar na bunfhoirmeacha leithcheala agus éagothroime margadh an tsaothair a aithint agus ar aghaidh a thabhairt orthu.

rialúcháin ar gach éileamh CSE a fuarthas i 2006, ag áireamh seiceáil ar an mbainistíocht airgeadais agus ar chórais rialúcháin na gcomhlachtaí go raibh éilimh a gcur isteach acu.

Lean Údarás Bainistíochta an Chláir Fheidhmiúcháin um Fhorbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna atá suite sa Roinn, ag déanamh monatóireachta ar fhorfheidhmiú an CF (Clár Feidhmiúcháin) i rith 2006. Thug cruinnithe an Choiste Mhonatóireachta chomh maith le forfheidhmiú sásúil na gcleachtas rialachán airgeadais ag an Údarás Bainistíochta gealltanais maith go raibh na córais chuí bainistíochta i bhfeidhm chun airgead an CSE agus an Stáitchiste a chosaint.

Dearadh Cláir CSE 2007-2013

Cuspóir

Dearadh a dhéanamh ar chláir CSE don tréimhse 2007-2013, laistigh de theorainneacha an AE agus na treoirlínte náisiúnta, a chuireann luach le forbairt chaipitil daonna agus a mhéadaíonn rannpháirtíocht i bhfostaíocht.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Forbroimid, i gcomhar le heochairpháirtithe leasmhara, clá(i)r CSE don tréimhse 2007-2013 a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais aitheanta traenála agus/nó fostaíochta an mhargadh saothair, ag teacht le rialacháin ábharthacha an AE.

I rith 2006 rinne an Roinn ullmhúcháin don chlár CSE 2007-13 ag áireamh:

- Faomhadh a thabhairt do Rialacháin ábharthacha an AE;
- Idirbheartú le Coimisiún an AE ar thosaíochtaí caipitil daonna agus margaidh saothair le bheith foilsithe sa Chreat Straitéiseach Tagartha Náisiúnta; agus
- An Chlár Feidhmiúcháin a réiteach ag áireamh na socrúithe don meastachán ex-ante.

Idirphlé Sóisialta

Cuspóir

Idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar leibhéal AE, náisiúnta agus fiontraíochta.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuideoidimid leis an bpróiseas um idirphlé sóisialta ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta.

Comhairle Gnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra

Déanann an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta comhordú ar ionchur na hÉireann i gComhairle na nAirí Gnóthaí Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST) ar leibhéal an AE. Tá obair na Comhairle faoi shainchúram na Roinne seo, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanáí. I 2006, bhuail an Chomhairle go foirmeálta sa Márta, Mheitheamh agus sa Nollaig. Ina theannta sin, tionóladh Comhairle urghnách i Samhain 2006. Reachtáladh cruinnithe Neamhfoirmeálta Comhairle in Eanáir 2006 i Villach faoi Uachtaránacht na hOstaire agus i Heilsincí in Iúil 2006 faoi Uachtaránacht na Fionlainne. Rinne an tAire Gnóthaí Saothar, Tony Killeen, TD, ionadaíocht ar Éire ag gach cruinniú Comhairle.

Is é atá i gceist le cruinnithe Chomhairle na nAirí ná nuair a bhuaileann na hAirí ó gach Ballstáit den AE agus Coimisiún na hEorpa le chéile chun plé, athbhreithniú agus aontú le polasaithe fairsing an AE i cibé ceantar atá clúdaithe ag an gComhairle ar leith.

Comhairlí Foirmeálta

Ba é an eochaircheist fostaíochta a bhí ar an gclár oibre do Chomhairle na Márta 2006 ná glacadh lena cuidiú le Comhairle Eorpach an Earraigh (Ceannairí Stáit agus/nó Rialtas ag bualadh le chéile). Mar chuid den ullmhúchán seo, thionóil an Chomhairle malartú tuairimí ar an gCruinniú Sóisialta Tríthaobhach (fostóirí, oibríthe agus Ionadaithe Rialtais) um fhás agus fostaíocht atá sceidealaithe do thráthnóna Chomhairle Eorpach an Earraigh. Chuir Coimisiún na hEorpa an Chomhairle

ar an eolas maidir lena thuarascáil ar shocruithe idirthréimhseacha maidir le saorghluaiseacht na n-oibríthe mar atá leagtha amach i gConradh Aontachais 2003, agus chuir an Choimisiún a mholadh i láthair don Chomhairle chun Ciste Eorpach um Dhomhandú a bhunú. Ní fhéadfaí teacht ar réiteach pholaitiúil ar an bpríomh mhír i gclár oibre Chomhairle an Mheithimh – Athbhreithniú ar an Treoir um Amanna Oibre – fiú is téacsanna nua a bheith curtha isteach in iarracht ar theacht ar réiteach maidir leis an “clásal rogha an diúltaithe”. Thángthas ar réiteach pholaitiúil maidir leis an gClár Pobail um Fhostaíocht agus Dlúthpháirtíocht Sóisialta (PROGRESS), agus na Treoirlínte do Pholasaithe Fostaíochta do na Ballstáit. Thacaigh an Chomhairle chomh maith le tuairimí an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Sóisialta ar ‘Flexicurity’ (cothromaíocht idir sholúbthacht margaidh saothair agus cosaint slándála/shóisialta oibre), chomh maith le Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis an AE d’Fhorbairt Inbhuanaithe.

Ag Comhairle Foirmeálta na Nollag, rinne na hAirí plé ar Pháipéar nua Glas an Choimisiúin dar teideal, “Cumarsáid ar Nua-Aoisiú a Dhéanamh ar Dhlí Saothair Eorpach”, doiciméad comhairleoireachta a iarrann plé poiblí a spreagadh ar conas is fearr an Dlí Saothair Eorpach a nuashonrú chun freastal ar na dúshláin atá amach romhainn. Ghlac an Chomhairle Cinntí ar Shárobair, agus aontaíodh le tuairim an Choiste Fostaíochta ar na Cláir Náisiúnta Athchóirithe. Thacaigh an Chomhairle chomh maith le tuairim an Choiste Fostaíochta le feabhas a chur ar tháirgeacht agus ar dhaoine ar imeall an mhargaidh saothair.

Comhairlí Neamhfoirmeálta

In Eanáir 2006 tionóladh Comhairle Neamhfoirmeálta GFPSST i Villach na hOstaire. Ba iad an dá mhír is mó a bhí ar gclár oibre ná Flexicurity agus diminsean sóisialta de Straitéis athbhreithnithe na Liospóine. In Iúil 2006 rinne an Chomhairle Neamhfoirmeálta, a tionóladh i Heilsincí, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na mBallstáit AE, is iad sin domhandú, forbairt teicneolaíochta agus athruithe déimeagrafacha.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanaimid ionadaíocht ghníomhach ar an Roinn sa phróiseas náisiúnta comhpháirtithe sóisialta, ag áireamh cainteanna maidir le cad a thiocfaidh i gcomharbacht ar Dhul Chun Cinn a Choinnéail.

Déanaimid forfheidhmiú ar na forálacha ábhartha den nDul Chun Cinn a Choinnéail agus aon Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbacht laistigh den chreat ama.

Bhí an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta in éineacht leis na Comhpháirtithe Sóisialta agus na Ranna eile Rialtais rannpháirteach sna cainteanna gur chur Roinn an Taoisigh tús leo agus a chríochnaigh le Comhaontú nua Comhpháirtíochta Sóisialta na hÉireann, I dTreo 2016, gur aontaíodh leis i 2006. Chuimsigh seo pacáiste ollmhór de bheartais chearta fostaíochta agus thosaigh an Roinn ag cur na beartais seo i bhfeidhm i rith 2006 mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo faoin dteideal Réiteach Reachtaíochta, um Ghéilleadh agus Díospóide atá sa chaibidil seo níos déanaí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid i bhfeidhm moltaí comhaontaithe ón bhFóram ar Áit Oibre an Todhchaí.

Cuireadh an Chéad Tuarascáil den Ghrúpa Ardleibhéal Forfheidhmithe ar Straitéis Náisiúnta an Áit Oibre – “Ag Oibriú lenár mBuntáiste – “Straitéis Náisiúnta an Áit Oibre” – faoi bhráid an Rialtais agus foilsíodh ar an 3ú Lúnasa 2006 é. Shonraigh an tuarascáil an dul chun cinn déanta go dtí seo maidir le forfheidhmiú na n-eochaireilimintí den Straitéis Náisiúnta an Áit Oibre, i.e. Acmhainn Athraithe a chur chun cinn, Scileanna a Fhorbairt don Todhchaí, Rochtain ar Dheiseanna, Caighdeán an tSaoil Oibre agus an Chiste Tionscnaimh an Áit Oibre. D’eascair Straitéis Náisiúnta an Áit Oibre, a seoladh i 2005, ón bhFóram um Áit Oibre an Todhchaí, a bhunaigh an Rialtas chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht áiteanna oibre na hÉireann le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin ár n-eacnamaíocht feasachta atá ag fás. Is é an phríomhmholadh atá ann ná go mbeidh acmhainn iomaíochta na hÉireann mar eacnamaíocht feasacht-bhunaithe ag brath go mór ar acmhainn na n-eagraíochtaí chun an t-athrú bunaigh a

bhaint amach trí chleachtais nuálacha oibre. Tá an Ghrúpa Forfheidhmithe comhdhéanta d’ionadaithe sinsearacha os na Ranna, Gníomhaireachtaí Stáit agus na Comhpháirtithe Sóisialta ábhartha, le feidhm rúnaíochta ag An tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (INCF). Tá an Tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín an INCF ag, www.ncpp.ie/forum.

Réiteach Reachtaíochta, um Ghéilleadh agus Díospóide

Cuspóir

Soláthar a dhéanamh ar fhorálacha éifeachtacha um réiteach reachtaíochta, um ghéilleadh agus díospóide i réimse na gcearta fostaíochta, ag áireamh sláinte agus sábháilteacht, agus caidrimh tionsclaíoch.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid forálacha éifeachtacha reachtaíochta i láthair chun dualgais an AE agus na EIS a thrasú.

Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006

Tháinig an tAcht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006 i bhfeidhm ar an 24ú Iúil 2006. Is é an fheidhm atá leis an Acht, a dhéanann forfheidhmiú ar Threoir 2002/14/EC an AE dar dáta 11ú Márta 2002, ná soláthar a dhéanamh um chreat ginearálta a bhunú ag leagadh amach an t-íosmhéid riachtanais um cheart ar fheasacht agus ar chomhairleoireacht na bhfostaithe i ngnóthais le ar a laghad 50 fostaí. Déanann sé soláthar ar cheart ginearálta an fhostaí feasacht agus comhairleoireacht a fháil óna bhfostóir ar fhorbairt laistigh den bhfiontraíocht go mbeadh tionchar díreach acu orthu.

An Reacht Eorpach um Chuideachtaí

Ionstraim nua dlíthiúil is ea an Reacht Eorpach um Chuideachtaí a thugann an rogha do chuideachtaí le suimeanna tráchtála i níos mó ná Ballstáit amháin Cuideachta Eorpach a bhunú (glaofar Societas Europea, “SE” ar seo). Tá an Reacht comhdhéanta de Rialachán

agus de Threoir. Ní féidir SE nua a chlárú gan plé a dhéanamh le fostaithe ar dtúis maidir lena rannpháirtíocht sa Chuideachta. Is iad Rialacháin na gComhphobail Eorpacha (Cuideachta Poiblí Eorpach le Dliteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht Fostaí) 2006, a fhorfheidhmíonn Treoir 2001/86/EC an AE dar dáta 8ú Deireadh Fómhair 2001, a dhéanann rialú ar ghnéithe rannpháirtíochta na bhfostaithe in Éirinn. Síníodh ina dhlí na Rialacháin seo ar an 14ú Nollaig 2006.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Tabharfaimid éifeacht reachtaíochta, de réir mar is gá, do thiomantais a eascraíonn faoin gcomhpháirtíocht sóisialta nó chun an chomhshaol caidrimh tionsclaíoch atá ag fás a chur san áireamh.

Leanaimid lorg an tAthbhreithniú Shainordaithe agus um Acmhainní a chur ar fáil an Chigireacht Saothair.

An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta – An Bille um Ghéilleadh do Dhlíthe Fostaíochta 2007

I measc na mbeartas gur aontaíodh leo faoin I dTreo 2016 tá: bunú Oifig nua reachtúil (an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta), atá ag oibriú ar bhonn réigiúnach agus atá tiomanta do ghéilleadh na gCearta Fostaíochta agus faoi stiúir Stiúrthóra ag an leibhéal is airde bainistíochta; méadú faoi thrí ar líon na gCigirí Saothair go dtí 90; soláthar ar thacaíochtaí dlíthiúla, cuntasáíochta agus eile riaracháin don oifig nua chun deimhin a dhéanamh dá feidhmíocht éifeachtach; agus an chur chun cinn réamhghníomach de chearta fostaíochta; agus socruithe feabhsaithe cigireachta. Bhunaigh an Roinn Rannóg nua i ráithe deiridh 2006, Rannóg I dTreo 2016 um Reachtaíocht na gCearta Fostaíochta, atá tiomanta don tasc na tiomantais sonraithe in I dTreo 2016 a sheachadadh, chun reachtaíocht nua a chur i láthair d'fhonn an tÚdarás nua a bhunú agus taca a chur faoi ghéilleadh do chearta fostaíochta – ag áireamh pionóis a mhéadú agus athbhunú agus treisiú a dhéanamh ar ghéilleadh san earnáil um chonarthaí leictreachais. Thosaigh obair ullmhúcháin um dhréachtú na Scéime den Bhille um Ghéilleadh do Dhlíthe Fostaíochta 2007. De réir an tiomantas san I dTreo 2016 meastar go bhfoilseofar an Bille faoi dheireadh 2007.

An Samhail Nua um Ghéilleadh

Ag teacht leis an gComhaontú, tá an reachtaíocht á ullmhú rud a thabharfaidh éifeacht do Shamhail Nua um Ghéilleadh a dhéanann iarracht ar an leas is fearr a bhaint as éifeachtach na hiarrachta ollmhór um ghéilleadh agus a dhéanfaidh simpliú ar na meicníochtaí breithnithe agus cúitimh ar fáil i réimse na gcearta fostaíochta. Cuimseoidh an Samhail cláir oideachais agus feasachta, gníomhaíochtaí um chur chun cinn, méadú ar ghníomhaíocht cigireachta, méadú i bpionóis agus rochtain níos fearr ar chúiteamh.

Acmhainní Nua d'Eagraíochtaí Cearta Fostaíochta

Ag cur san áireamh an méadú ar éilimh fhorfheidhmithe, chúitimh agus chearta um ghéilleadh atá ar eagraíochtaí na gcearta fostaíochta sa mhargadh saothair agus leis an ndearcadh atá ann feabhas a chur ar chomhshaol na gcaidreamh tionsclaíoch agus torthaí seirbhíse custaiméara, déanadh tiomantas chomh maith, faoin gComhaontú I dTreo 2016, cur le foireann na Cúirte Oibreachais agus le foireann Sheirbhíse Choimisinéara na gCearta den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Tugadh tiomantas chomh maith d'acmhainní breise don mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Comhiomarcaíochtaí Suntasacha

Thosaigh dréachtú an Bhille um Chosaint Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Suntasacha agus Ábhair Gaolmhara) 2007 i 2006. Is é príomhchuspóir an Bhille ná Ailt 18 agus 19 de chuid a dó den I dTreo 2016 a fhorfheidhmiú. Faoi Alt 18 den Chomhaontú, tá foráil ann do Phainéal Iomarcaíochta, agus is féidir leo iarratas a chur go dtí an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun comhiomarcaíochtaí áirithe éigeantacha a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais chun a tuairim sin a fháil ar an iomarcaíocht a bheith ionraic nó gan a bheith. Mura bhfuil siad ionraic, is féidir leis an Aire Iacáiste iomarcaíochta reachtúil an fhostóra a dhiúltú, agus beidh fostaithe i dteidliocht cás um Dhífhostú Éagórach a thógaint le feabhas ar chúiteamh faoin leasú atá le déanamh ar an reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach. Faoi Alt 19 den gComhaontú, tá foráil ann um chosaint d'fhostaithe i gcás stailce/frithdhúnta nuair a dhéantar

dífhostú ar gach oibrí. Cuimsíonn sé seo chomh maith leasú ar reachtaíocht um Dhífhostú Éagórach. Cuimsíodh roinnt beartais eile chomh maith chun reachtaíocht um chearta fostaíochta a nuashonrú, go príomha baint an uasteorainn aoise de 66 do theidlíocht reachtúil iomarcaíochta agus forfheidhmiú bhreithiúnas éigeantaigh An Chúirt Bhreithiúnais i gcás “Junk v Kuhnel” ar an 27ú Eanáir, 2005.

Déanfaidh an bheartas seo soláthar nach féidir le fostóirí fógraí indibhidiúla iomarcaíochta a eisiúint go dtí go bhfuil an tréimhse 30 lá fógraíochta agus comhairleoireachta den Acht um Chosaint Fostaíochta 1977 thart.

Athbhreithniú ar an Acht um Gníomhaireacht Fostaíochta 1971

Aontaíodh idir an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta go gcaithfí na socruithe reatha rialachán maidir le gníomhaireachtaí fostaíochta agus oibrithe gníomhaireachta a dhaingniú trí éileamh reachtúil a chur i bhfeidhm go gcaithfeadh ceadúnas a bheith ag gach gníomhaireacht seanbhunaithe nó gníomhach fostaíochta in Éirinn. Dá réir sin, sonróidh an reachtaíocht coinníollacha um cheadúnas a eisiúint. Cuirfidh an reachtaíocht atá molta Cód Cleachtas (CC) i bhfeidhm chomh maith, agus táthar chun Coiste Monatóireachta agus Comhairleoireachta a bhunú. Beidh géilleadh don CC mar choinníoll um cheadúnas a shaothrú. Tarraingíodh Dréacht Cheanteidil den mBille um Rialachán na nGníomhaireachtaí Fostaíochta 2006, ag déanamh soláthar ar cheadúnú a dhéanamh ar gach gníomhaireacht fostaíochta ag feidhmiú in Éirinn, ag áireamh iad sin atá thar sáile agus atá ag feidhmiú ar-líne. I nDeireadh Fómhair 2006, cuireadh timpeall na dréacht cheanteidil roimh ré go dtí na Comhpháirtithe Sóisialta sula bhfoilséofar an Bille go luath i 2007.

Íosphá Náisiúnta

D’aontaigh Comhdháil na gCeardchumann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann faoin I dTreo 2016 go n-athrófaí an t-íosphá le héifeacht ón 1ú Eanáir 2007. Toisc nar tháinig na páirtithe ar chomhréiteach maidir le ráta nua, d’iarr Comhdháil na gCeardchumann ar an gCúirt Oibreachais an cheist a

mheas agus moladh a dhéanamh maidir le ráta nua. Leis an cheist seo á mheas ag an gCúirt Oibreachais chuardar i mbun comhairleoireachta le heagraíochtaí ionadaíochta fostóra agus fostaí araon, ar an 29ú Samhain 2006, agus mhol siad don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, gur cheart an ráta pá de réir an uair a chloig a ardú go €8.30 le héifeacht ón 1ú Eanáir 2007, agus go €8.65 le héifeacht ón 1ú Iúil 2007. Thug an tAire éifeacht do mholadh na Cúirte nuair a síníodh Ordú ar an 20ú Nollaig 2006.

Cód Cleachtas d’Oibrithe Intíre

Iarradh ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, i 2006, Cód Cleachtas a fhorbairt do chearta agus chosaintí reatha fostaíochta na bhfostaithe ag oibriú i dtithe dhaoine eile. Tá an Choimisiún, tar éis a bheith i mbun comhairleoireachta leis na Comhpháirtithe Sóisialta, ag tabhairt a chuid oibre maidir le Cód a ullmhú chun críche agus táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe go luath i 2007.

Cothromaíocht Oibre/Saoil

Lean Obair an Choiste um Chreat Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil i 2006 agus chomh maith le gníomhaíochtaí eile, reáchtáil siad an Lá um Chochothromaíocht Oibre Saoil ar an 1ú Márta 2006. Lean an Choiste a bunaíodh faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime ar faoi I dTreo 2016 agus tá freagrach as tacú agus áisiú a dhéanamh ar pholasaithe a thacaíonn le teaghlaigh ar leibhéal na fiontraíochta trí phacáiste de bheartais praiticiúla gur féidir a chur i bhfeidhm a fhorbairt. Tá an Choiste comhdhéanta d’ionadaithe ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, ó Chomhdháil na gCeardchumann, ón tÚdarás Comhionannais, roinnt Ranna Rialtais ag áireamh Roinn an Taoisigh, An Roinn Airgeadais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus tá faoi chathaoirleacht ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Grúpa um Athbhreithniú ar Phinsin Comhpháirtíochta

D’aontaigh an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta, i gcomhthéacs an I dTreo 2016, go gcaithfí tús áite a thabhairt do cheist na bpinsean. D’aontaigh siad

chomh maith go gcomhoibreoidís chun cur chuige cuimsitheach a chur le chéile do pholasáí sa todhchaí i 2007. Tá Grúpa Athbhreithnithe Comhpháirtíochta Pinsean atá faoi chathaoirleacht ag Roinn an Taoisigh agus a chuimsíonn An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Roinn Airgeadais, An Bord Pinsean, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Comhdháil na gCeardchumann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ag déanamh maoirsiú ar an athbhreithnithe pinsean. Thosaigh obair i 2006 ar roinnt míreanna atá le seachadadh i 2007, ag áireamh Páipéar Glas na bPinsean an Rialtais a bheidh le foilsiú ag deireadh na Márta; Comhairleoireacht oscailte Poiblí le bheith ar siúl sa tréimhse idir an Aibreáin agus Meán Fómhair; Creat Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar Chlár Oibre na bPinsean sa bhfadéarma agus a fhoilseofar i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair; agus athbhreithniú ar fhoráil um rogha na bpinsean atá i dTreoir 2001/23/EC um Aistriú Ghnóthais atá le críochnú ag deireadh 2007 maidir le haistriú cearta oibre pinsin.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint na bhFostaithe ag Aistriú Ghnóthais) 2003

Déanann Rialacháin 2003 forálacha éigeantacha de Threoir um Aistriú Ghnóthais (2001/23/EC) a shíniú isteach i ndlí na hÉireann. Tá soláthar déanta sa Threoir nuair a aistríonn fostaithe i “n-aistriú ghnóthais” ó fhostóir amháin go fhostóir eile, mar atá i gcumaisc/n-éadálacha nó mar atá in aistriú léasa nó chonartha, coimeádann na fostaithe, faoi réir ag eisceachtaí áirithe, coinníollacha seirbhíse sonraithe sna bunchonarthaí fostaíochta. Tugadh tiomantas sa Dhul Chun Cinn a Choinnéail go ndéanadh an Rialtas comhairleoireacht leis na Comhpháirtithe Sóisialta ar rogha na bhforálacha sa Treoir. Déanadh achtú ar cheann de na rogha fhorálacha trí úsáid a bhaint as alt 21 d’Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleacht) 2006, i.e., Airteagal 3.2 maidir leis an rogha soláthar a dhéanamh ar dhualgas ar an aistriú nó (an seanfhostóir) an t-aistrí a chur ar an eolas (an fhostóir nua) maidir leis na cearta agus na dualgais a aistrefar go dtí an aistrí. Ba é an toradh a bhí ar an gcomhairleoireacht ná nach raibh achtú gach rogha foráil, seachas ceann amháin, oiriúnach le hachtú i ndlí na hÉireann. An t-aon roghafhoráil atá fágtha gan chinneadh ná an foráil in airteagal 3.4 den Treoir maidir le

haistriú cearta breise pinsin. Déantar tagairt ar seo thuas i gcomhthéacs an Ghrúpa um Athbhreithniú ar Phinsin Comhpháirtíochta.

Athbhreithniú ar an Acht um Shaoire Cúramóra 2001

Déanadh leasú ar an Acht um Shaoire Cúramóra 2001 san Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin 2006. Rinne an leasú fairsingiú ar uasmhéid theidilíochta saoire an chúramóra ó 65 seachtain go dtí 104 seachtain agus tháinig i bhfeidhm ar an 24ú Márta 2006. Lean an leasú seo an fairsingiú céanna a déanadh ar Scéim Shochair an Chúramóra, á riaradh ag An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, inar méadaíodh an tréimhse um íocaíocht sochair cúramóra a fháil ó 65 seachtain go 104 seachtain chomh maith.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid athbhreithniú ar Threoir an AE um Amanna Oibre i gcomhar le Ballstáit eile, agus i gcomhairleoireacht le Ranna agus Comhpháirtithe Sóisialta ábhartha eile.

Sa chéad leath de 2006 thionól an Chomhairle um Ghnóthaí Fostaíochta, Polasáí Sóisialta agus Sláinte agus Tomhaltóra (GFPSST), faoi Uachtaránacht na hOstaire, díospóireachtaí fairsing maidir le dréachtú a dhéanamh ar Threoir um Amanna Oibre. Cé gur chur na díospóireachtaí ag an Chomhairle GFPSST ar an 1ú Meitheamh 2006 le heilimintí a aithint chun réiteach a fháil ar cheist “rogha an diúltaithe” ní raibh an chomhairle ábalta teacht ar chomhaontú. Thionól Uachtaránacht na Fionlainne Comhairle “neamhspleách” GFPSST ar an sainchomhad seo ar an 7ú Samhain ach ní fhéadfaí teacht ar chomhaontú. Chur an Choimisiún in iúl nach raibh an dara rogha acu, sna cúinsí seo, ach na beartais riachtanacha a ghlacadh chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfadh na Ballstáit forfheidhmiú cheart ar an dTreoir reatha, de réir mar atá le tuiscint ó roinnt rialuithe den Chúirt Bhreithiúnais (CB). Dá thoradh seo d’fhéadfaí tús a chur le himeachtaí sáraithe i gcoinne Bhallstáit, Éire ina measc. Tá tuarascáil á réiteach ag Éire faoi láthair don Choimisiún ar conas atá a cuid reachtaíochta ag géilleadh don Treoir i gcomhthéacs rialuithe an CB (Cúirt Bhreithiúnais).

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Daingneoidimid corpas dhlí na fostaíochta agus forbróimid moltaí, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, maidir le struchtúir agus nósanna imeachta na n-eagraíochtaí cearta fostaíochta.

Cuirfimid feabhas ar an ngéilleadh le reachtaíocht um chearta fostaíochta trí athchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus trí mholtaí a fhorbairt le bheith curtha san áireamh ag an Rialtas.

Bunaíodh an Ghrúpa um Chearta Fostaíochta (GCF), comhdhéanta d'ionadaithe ó roinnt beag Ranna Rialtais, Comhpháirtithe Sóisialta agus Eagraíochtaí um Chearta Fostaíochta, chun na himpleachtaí feidhmiúcháin a bhaineann le clár gníomhaíochta comhaontaithe ag an Rialtas le háisiú a dhéanamh ar shimpliú na nósanna imeachta a mheas agus le soláthar a dhéanamh ar rochtain níos éasca do gach úsáideoir ar sheirbhísí na n-eagraíochtaí um chearta fostaíochta. Faoi dheireadh 2006, déanadh dul chun cinn suntasach maidir le seachadadh na n-eochaireilimintí i gclár oibre an Ghrúpa. Tionóladh díospóireachtaí sa GCF ar cheisteanna mar shainorduithe nua feidhmiúcháin na n-eagraíochtaí um chearta fostaíochta, na méid cásanna gur dóigh go mbeidh na comhlachtaí éagsúla á láimhsiú faoi na socruithe nua, ag áireamh acmhainní pearsanra, in éineacht le simpliú agus luathú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí custaiméara sna comhlachtaí. Bunaíodh Grúpaí Oibre i ngach comhlacht chun imscrúdú a dhéanamh ar cheist seachadta na seirbhísí dá gcustaiméirí agus táthar tar éis feabhsuithe seirbhíse custaiméara a fhorfheidhmiú sna comhlachtaí. Tugadh tús áite do raon ceisteanna atá lárnach d'obair an Ghrúpa le haghaidh plé a dhéanamh orthu sna cainteanna comhpháirtíochta i 2006, áit go ndéantar ionadaíocht ar na Comhpháirtithe Sóisialta (atá mar rannpháirtithe GCF chomh maith). Rinne seo an próiseas breithniúcháin a bhrostu agus, dá réir, sonraíodh tiomantas san I dTreo 2016 go gcaithfeadh an reachtaíocht soláthar a dhéanamh ar shamhail nua um ghéilleadh agus go bhfoirseofaí pionóis méadaithe thar an reachtaíocht um chearta fostaíochta i 2007, mar atá sonraithe níos luaithe sa chaibidil seo.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanaimid achtú ar reachtaíocht nua Sláinte agus Sábháilteachta agus ina dhiaidh sin déanaimid nuashonrú ar na rialacháin ghinearálta iarratais a ghabhann leis chomh maith le roinnt rialacháin sainearnála.

Forbróimid treoirlínte do gach gníomhaí i réimse sábháilteachta, sláinte agus leasa oibre.

Bhí formhór den ghníomhaíocht i réimse sláinte agus sábháilteachta oibre i 2006 dírithe ar athbhreithniú leanúnach na rialacháin agus le hachtú Reachtaíochta an AE. Mar chuid den chuspóir soláthar a dhéanamh ar reachtaíocht éifeachtach, d'fhoilsigh an Roinn an Tuarascáil ar an Tionchar Eacnamaíochta ag an Reachtaíocht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre réitithe ag Comhairleoirí Eacnamaíochta Indecon. Tá meastachán sonraithe sa tuarascáil a luann go bhfuil an féidearthacht ann go gcosnaíonn drochshláinte agus tionóisc oibre €3.6 billiún ar eacnamaíocht na hÉireann gach bliain. Tá sé le feiscint ó shuirbhéanna um dhearcadh na ngnóthas go dtacaíonn siad leis an reachtaíocht. Bhrath formhór acu go raibh an reachtaíocht éifeachtach maidir le costais tionóisce agus árachais a laghdú, go háirithe in earnáil na tógála. Tá an Tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag, www.entemp.ie.

Tháinig na Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre (Tógáil) 2006 i bhfeidhm ar an 6ú Samhain 2006. D'éascair na rialacháin seo ó phróiseas cuimsitheach athbhreithnithe a thosaigh ag Coiste Comhairleoireachta Tógála an Údaráis Shláinte agus Shábháilteachta (USS) i 2002. Bhí Measúnú Tionchair Rialachán, an chéad tuarascáil dá leithéid ar reachtaíocht suntasach sábháilteachta agus sláinte san áit oibre, iniata leis na rialacháin nuair a foilsíodh an tuarascáil. Réitíodh Treoir do rialacháin um Thógáil agus Obair ar Airde chomh maith agus tá ar fáil go poiblí anois ar shuíomh idirlín an USS ag, www.hsa.ie. Chuaigh athbhreithniú na Rialacháin Ginearálta Iarratais chun cinn i rith na bliana, agus ghlac an USS le próiseas comhairleoireachta poiblí maidir le hathbhreithnithe ar choda áirithe den dréacht. Ag deireadh na bliana, bhí dréacht deiridh á réiteach do dhréachtú dlíthúil le haghaidh iarratais chuig Oifig na Comhairle Parlaiminte.

Tá rialacháin nua dréachta d'earnáil na gcairéal curtha isteach go dtí Oifig na Comhairle Parlaiminte agus táthar ag súil go sínófar ina dhlí na rialacháin sin in Earrach na bliana 2007.

Sheol an tAire um Ghnóthaí Saothair Tony Killeen, TD Cóid Cleachtais um Chosc ar Thionóisc agus Dhrochshláinte Oibre sa Talmhaíocht ag an gComórtas Domhanda Treabhdóireachta 2006 i Meán Fómhair. Is aidhm don chód feabhas a chur ar leibhéil sábháilteachta agus sláinte i measc gach duine rannpháirteach san earnáil talmhaíochta trí threoracha phraiticiúla a sholáthar chun aird a thabhairt ar an Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre 2005.

Thug roinnt tacair nua de rialacháin feidhm do Threoracha AE maidir le sábháilteacht agus sláinte oibre. Seo a leanas na rialacháin:

- Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre (Oibriú ar Airde) 2006 (Treoir 2001/45/EC);
- Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre (Rialú ar Chreathadh san Áit Oibre) 2006 (Treoir 2002/44/EC);
- Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre (Rialú ar Thorann san Áit Oibre) 2006 (Treoir 2003/10/EC); agus
- Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre (Nochtadh Aispeiste) 2006 (Treoir 2003/18/EC).

Rinne an Roinn roinnt treoracha a bhaineann le ceimiceáin agus substaintí contúirteacha a thrasú i rith 2006 trí na rialacháin seo a leanas:

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Ghuaiseacha Tionóisce Ollmhór ina mbíonn Substaintí Contúirteacha) 2006 (Treoir 2003/105/EC – Treoir “Seveso II”);
- Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2006, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre) (Forálacha Ilghnéitheacha ADR) 2006, Ordú 2006 ar Acht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 1998 (Ceapadh na nÚdarás Inniúla), Rialacháin 2006 ar Acht

um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Táilli) 1998 (Treoracha 2004/111/EC agus 2004/112/EC);

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid) (Leasú) 2006 (Treoracha 2005/59/EC, 2005/69/EC, 2005/84/EC agus 2005/90/EC); agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Fógrú Shubstaintí Contúirteacha) (Leasú) 2006 (Treoir 2004/73/EC).

Comhaontú is ea an ADR – an Comhaontú um Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha – a tharraing Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiúin Aontaithe don Eoraip. Is é an phríomhaidhm atá leis ná sábháilteacht iompair idirnáisiúnta de bhóthar na n-earraí contúirteacha a mhéadú. Rinne an Roinn áisiú ar aontachas foirmeálta na hÉireann san ADR, a chuaigh i bhfeidhm ar an 12ú Deireadh Fómhair 2006.

Ag teacht le ceann de na moltaí de Thuarascáil an tSainghrúpa Comhairleoireacht ar Bhulaíocht san Áit Oibre, rinne an Roinn coimisiúnú ar an ITES chun suirbhé a dhéanamh i ndiaidh an cheann a déanadh i 2001 ar mhéadú minicíochta an bhulaíochta san áit oibre. Is é aidhm don suirbhé bonn a bhunú ina bhféadfaí éifeachtach na struchtúir agus na próisis a cuireadh i bhfeidhm i 2001 a thomhas. Tá an suirbhé á chríochnú i láthair na huaire, agus cheart go mbeadh sé ullamh go luath i 2007. Tá tiomantas tugtha ag an Aire Gnóthaí Saothair, Tony Killeen TD, chun torthaí an tsuirbhé a fhoilsiú. D'iarr sé chomh maith ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nuashonrú a dhéanamh ar a gCód Cleachtais um Bhulaíocht san Áit Oibre agus é a bheith ag teacht le hAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Áit Oibre 2005. Meastar go bhfoilseofar an Chód athbhreithnithe Cleachtais go luath i 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid athbhreithniú ar sheachadadh seirbhíse sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

Rinne an Binse Achomhairc Fostaíochta a athbhreithniú de nósanna imeachta inmheánacha a léiriú don Aire Gnóthaí Saothar, Tony Killeen TD, in Aibreán 2006. Leanadh é seo le Cairt Custaiméara a chur i láthair. Chuaigh an Binse i mbun

roinnt tionscnaimh eile chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse agus le soláthar a dhéanamh ar rochtain níos fearr feasachta ar na seirbhísí seo. Céim tábhachtach chun é seo a bhaint amach ab ea seoladh suíomh idirlín an Bhinse ar an 3ú Aibreán 2006. Rinne an suíomh taifeadadh ar 1.96 milliún amas i rith an idirthréimhse ó seoladh an suíomh go dtí deireadh na bliana.

Chur an Binse tús le clár dar teideal “Deireadh leis an Scoil: Foghlam san Áit Oibre” atá dírithe ar scoláirí dara agus tríú leibhéal chun tacú lena staidéir i réimse na gceart fostaíochta. Sa chomhthéacs sin, ghlac roinnt d’fhorais oideachais an deis cuairt a thabhairt ar an mBinse le taithí a fháil ar an obair a bhíonn ar siúl ag an mBinse. Ina theannta sin, lean an Binse lena rannpháirtíocht ghníomhach leis an Ghrúpa um Chearta Fostaíochta, a bhunaigh an tAire um Ghnóthaí Saothar i 2005.

Gníomhaíochtaí Breise gur Glacadh leo chun an Chuspóir seo a Bhaint Amach

Mar chuid de thacaíochtaí na Roinne chun feasacht níos mó ar chearta, theidlíochtaí agus ar dhualgais na bhfostaithe agus na bhfostóirí a chur chun cinn i réimsí na gceart fostaíochta, lean an Roinn orthu ag seachadadh roinnt gníomhaíochtaí áirithe i 2006:

Feasacht um Chearta Fostaíochta

Dhéileáil Aonad Feasachta na Roinne um Chearta Fostaíochta le 132,101 fiosrú i 2006. Thug sé freagra ar 3,768 teagmháil ríomhphoist, 4,595 achainí teachtaireachta gutha agus 1,319 comhairleoireacht ‘duine ar dhuine’. Rinne leathanach feasachta um Chearta Fostaíochta ar shuíomh idirlín na Roinne taifeadadh ar 10,000 amas mar mheán gach mí. Imíodh ar cuairt go dtí na hIonaid Eolais do Shaoránaigh trí bhabhta déag chun nuashonrú a dhéanamh ar reachtaíocht fostaíochta. Déanadh iomlán de 18 léiriúchán um chearta fostaíochta i scoileanna agus i gcoláistí, ionaid imircigh agus i gCumainn Tráchtála, agus déanadh ionadú ar an Roinn ag cheithre thaispeántais, ceann acu a bhí sa Pholainn agus ceann i Nua Eabhrac.

Iníúchadh ar Chearta Fostaíochta

I rith 2006, rinne an tIníúcháir Saothar 15,670 iniúchadh agus cuairt a thabhairt, méadú suntasach ar an bhfigiúir de 5,719 i 2005. Déanadh stiúrthóireacht ar iniúchtaí agus ar chuirteanna chun a mheas agus a chinntiú go raibh géilleadh ann do chorpas fairsing reachtaíochta ag áireamh an tAcht um Íosphá Náisiúnta, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, agus Orduithe Rialacháin Fostaíochta agus Comhaontaithe Cláraithe Fostaíochta a dhéanann rialú ar phá agus ar choinníollacha i Lónadóireacht, Óstáin, Slándáil, Talmhaíocht agus earnálacha eile. Rinneadh iomlán de 3,247 iniúchadh agus cuairt a thabhairt maidir le hAcht um Chosaint Fostaíochta do Dhaoine Óga 1996, déanadh 1,766 de na hiniúchtaí seo istoíche. Bhailligh an tIníúcháir riaráistí airgid nach raibh díolta le fostaithe maidir le pá, breis ama, airgead saoire, etc. nach mór €1.4 milliún go hiomlán i rith na bliana. Cuireadh 12 cás a d’eascair ó ghníomhaíocht an tIníúcháir Saothar faoi bhráid Oifig An Phríomh-Atur na Stáit (OPAS) chun iad a ionchúiseamh.

Ionchúiseamh agus Forfheidhmiú na gCeart Fostaíochta

Cuireann an Roinn tús le hionchúiseamh ar son an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta do líomhaintí de reachtaíocht áirithe um chearta fostaíochta. Seo a leanas na cásanna a próiseáladh i 2006 i gcomparáid le 2005:

	2005	2006
Líon na gcás curtha go dtí an OPAS	59	62
Líon na gcúiseanna	31	26
Líon na gCás a Críochnaíodh/Tarraingíodh siar go rathúil	29	31

Déileáil an Roinn le dámhachtain ón gCúirt Oibreachais agus an mBinse Achomhairc Fostaíochta tríd na Cúirteanna a fhorfheidhmiú. Seo a leanas na cásanna a próiseáladh i 2006 i gcomparáid le 2005:

	2005	2006
Líon na gCás nua Cláraithe	59	47
Líon na gCás curtha Faoi Bhráid an OPAS	24	19
Cásanna a Críochnaíodh	53	61
Riaráistí a Bailíodh	€93,000	€193,056

Faoi Acht um Chosaint na nDaoine Óga i bhFostaíocht 1996, caithfidh leanaí atá ag oibriú i dtionscal na siamsaíochta a bheith clúdaithe ag ceadúnas. D'éisigh an Roinn 150 ceadúnas maidir leis seo i 2006 i gcomparáid le 79 i 2005.

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Rinne an Binse 3,169 cás a dhiúscairt faoin méid mór reachtaíochta faoi a shainchúram i 2006. Ba é an líon d'éilimh agus achomhairc a cuireadh go dtí an Binse i rith na bliana ná 3,480, anuas ó 3,727 i 2005. Ar a shon sin tá sciar níos airde de chásanna á gcur faoi bhráid na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, rud atá ag cur brú ama ar an mBinse.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Rinne an Roinn Íocaíochtaí Iomarcaíochta a tháinig go dtí tuairim is €166.5 milliún maidir le 23,684 fostaí i 2006. Seo a leanas sonraí na iomarcaíochtaí i 2006 de réir an earnáil:

Grúpa Tionsclaíoch	Líon na bhFostaithe		
	Fireann	Baineann	Iomlán
Talmhaíocht/Foraoiseacht agus lascaireacht	598	245	843
Fuinneamh agus Uisce	130	184	314
An Tionscal Eastósctha (Táirgí Ceimiceacha)	368	61	429
Déantúsaíocht Miotail agus Innealtóireacht	929	322	1,251
Déantúsaíocht Eile	3,584	2,461	6,045
Tógáil agus Innealtóireacht Sibhialta	1,946	180	2,126
Trádálaithe Dáiliúcháin	1,189	1,162	2,351
Iompar agus Cumarsáidí	1,234	431	1,665
Seirbhísí Eile	3,477	3,948	7,425
Bancaerachta, Airgeadas agus Árachas	626	609	1,235
IOMLÁN	14,081	9,603	23,684

Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Ba é an líon iomlán d'éilimh a próiseáladh faoin Scéim um Íocaíochtaí Dócmhainneachta i 2006 ná 4,687, ag cuimsiú 2,022 fostaí agus 156 fostóir. Ba é an caiteachas iomlán a bhí ann ná tuairim is €4.3 milliún. Ba é an meán am ar fanúint do chásanna nach ndearnadh fiosrú orthu i 2006 ná níos lú ná 3.5 seachtain.

Athbheithniú ar Nósanna Imeachta Aisghabhála Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

I gcaitheamh na bliana, déanadh athbheithniú ar nósanna imeachta aisghabhála iomarcaíochta agus dócmhainneachta chun a fháil amach an tslí is fearr chun sruthlíniú agus feabhas a chur ar aisghabháil na bhfiacha de thoradh an Chiste um Árachas Sóisialta. Aithníodh na cumhachtaí agus dualgais reatha dlíthiúla agus déanadh taighde ar nósanna imeachta díscríofa-off agus ar stair de chás-shamplaí. I líon beag de chásanna, nuair nach raibh ar chumas an fhostóra nó nach raibh an fhostóir toilteanach íocaíochtaí iomarcaíochta a íoc, íocann an Roinn an méid ón gCiste Árachais Shóisialta. Nuair is féidir é, caithfidh an Roinn an t-airgead seo a aisghabháil agus a íoc ar ais leis an gCiste Árachais Shóisialta. Ar a shon sin, i gcás gach íocaíocht Dócmhainneachta agus roinnt íocaíochtaí iomarcaíochta, nuair atá an fostóir i bhfiacha, tá an féidearthacht ann go bhféadfaí cuid bheag, má fhaightear faic in aon chur, de na fiacha a fháil ar ais ón leachtaitheoir nó ón bhfhaighteoir. Tá roghanna nua um nósanna imeachta aisghabhála á gcur san áireamh anois tar éis an athbheithnithe.

CUAILLE 3

Slite chun go nOibreoidh
Margaí agus Rialacháin Níos Fearr



An tÚdarás Iomaíochta

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de go bhfuil leoracmhainní agus leorchumhacht ag an Údarás Iomaíochta chun a mhisean a chomhlíonadh.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuideoidimid leis an Údarás chun a Roinn Cumasc a fhairsingiú agus chun freastal a dhéanamh ar an méadú in éilimh agus coimeádfaimid leibhéal foirne agus cistíocht an Údaráis faoi athbhreithniú is sin ag dul chun cinn.

Tar éis Roinn Cumasc an Údaráis Iomaíochta a fhairsingiú i 2005, bhí an fhócas i 2006 dírithe ar Roinn na gCairtéal. Leis an leithdháileadh sa bhuiséad méadaithe, bhí an tÚdarás ábalta seacht n-oifigeach nua um chásanna a cheapadh dá Roinn Cairtéal i 2006. Tugann na hacmhainní breise seo cead don Údarás Iomaíochta iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí maidir le gníomhaíocht níos crua cairtéal ná mar a bhí ar a chumas a dhéanamh roimhe seo. Ciallaíonn an t-ardú is déanaí seo go bhfuil foireann an Údaráis tar éis dúbailt ó 2000.

I rith 2006, ceapadh an tUasal William Prasifka mar Chathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta, An tUasal Stanley Wong agus Ms Carolyn Galbreath mar bhaill den Údarás agus ceapadh an tUasal Declan Purcell arís mar Bhall den Údarás.

Iomaíocht in Earnálacha Cosanta

Cuspóir

Srianta ar iomaíocht a bhaint as agus earnálacha cosanta na heacnamaíochta a oscailt.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanaimid anailís ar na forálacha reatha rialacháin a chuireann srian ar iomaíocht agus ar mholtaí do rialachán nó reachtaíocht nua le é a bheith ar intinn iarracht a dhéanamh deireadh a chur le haon srianta neamhúdaraíthe iomaíochta.

Cuirfimid feabhas ar ról polasaí iomaíochta agus tomhaltóra chun srianta ar iomaíocht a bhaint as agus earnálacha cosanta na heacnamaíochta a oscailt.

Staidéir an Údaráis

I rith 2006 lean an obair ar anailís an Údaráis ar iomaíocht sa mhargadh do sheirbhísí proifisiúnta. Díríonn an staidéar cuimsitheach seo ar innealtóirí, ailtirí, aturnaetha, abhcóidí, tréidlianna, fiaclóirí, optaiméadraithe agus dochtúirí. Maidir le gach ceann de na gairmeacha seo, ba é straitéis an Údaráis ná réamhthuarascáil a chur amach ar dtús, leis na chéad moltaí sonrithne ann chun feabhas a chur iomaíocht, agus dá réir tréimhse comhairleoireachta a cheadú idir na páirtithe leasmhara sula ndéanfaí an tuarascáil dheiridh a fhoilsiú.

I 2006, d'fhoilsigh an tÚdarás a thuarascálacha deiridh maidir le hAiltirí, Optaiméadraithe, Aturnaetha agus Abhcóidí.²⁰

An tOrdú um Chleachtas Shriantacha (Earraí Grósaeireachta) 1987

Ag leanúint ar aghaidh ón moladh i 2005 den Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra gur cheart cúlghairm a dhéanamh ar an Ordú um Earraí Grósaeireachta, agus an próiseas comhairleoireachta poiblí a tháinig ina dhiaidh, rinneadh cúlghairm ar an Ordú um Chleachtas Shriantacha (Earraí Grósaeireachta) 1987 trí achtú an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006 i Márta 2006. Chomh maith le deireadh a chur leis an Ordú um Earraí Grósaeireachta, déanann an tAcht daingniú ar fhorálacha an tAcht Iomaíochta, 2006, trí chosc ar leith a chur ar íosmhéid na bpraghasanna miondíola ag soláthróirí (cothabháil ar an bpraghas athdhíola), leithcheal éagórach sa trádáil ghrósaeireachta agus trí chosc a chur ar liúntais fógraíochta agus ar "airgead aitheantais" a íoc.

D'fhonn deimhin a dhéanamh de nach gcuirfí isteach ar an mbuntáiste a bhaineann leis an Ordú a bhaint as trí tús a chur le cleachtas frithiomaíoch eile, d'iarr an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD ar an Údarás Iomaíochta athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí san earnáil ghrósaeireachta

²⁰ <http://www.tca.ie/promotingcompetition/marketstudies/marketstudies.aspx>



Micheál Martin TD, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag Fógairt an Bhille Nua Tomhaltóra.

Ó tháinig an timpeallacht nua rialacháin chun cinn. Ó baineadh an tOrdú amach, níl aon ghearáin maidir le hiompraíocht frithiomaíoch san earnáil faighte ag an Údarás, agus níl aon fhianaise ar iompraíocht dá leithéid ach oiread ag an Údarás. Leanann monatóireacht an Údaráis ar an earnáil ar aghaidh agus tá sé beartaithe anailís d'fhorbairtí san earnáil ghrósaeireachta a fhoilsiú, anailís a dhíríonn ar threochtaí na bpraghasanna, struchtúr margaidh agus na bacainní iontrála.

Polasaí Tomhaltóra

Cuspóir

Polasaí nua tomhaltóra a chumadh agus a fhorfheidhmiú ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus é bunaithe ar chreat nua-aoiseach institiúideach agus reachtaíochta.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Forbroimid polasaí nua tomhaltóra agus na struchtúir tacaíochta a ghabhann leis dírithe ar shuimeanna na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint bunaithe ar obair an Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra.

Cuirfimid athbhreithniú na reachtaíochta tomhaltóra ann cheana chun cinn chun deimhin a dhéanamh de go mbeadh tuiscint níos forleithne ar dhlí tomhaltóra agus chun go bhfreastlóidh sé ar riachtanais na dtomhaltóirí.

Ba é príomh mholadh an Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra, a d'fhoilsigh a dtuarascáil i mBealtaine 2005, ná gur cheart Gníomhaireacht nua Náisiúnta Tomhaltóra a bhunú. Thacaigh an Choiste Ardleibhéal Idir Rannach, a bunaíodh chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorfheidhmiú mholtaí i dtuarascáil an Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra a foilsíodh i bhFeabhra 2006, leis an moladh seo. Dá réir, foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Gníomhaireacht nua a bhunú i Lúnasa 2006. Chomh maith le bunú an Gníomhaireacht nua, déanfaidh an Bhille an Treoir um Chleachtas Éagórach Tráchtála a thrasú isteach i ndlí na hÉireann agus déanfaidh aisghairm ar naoi gcinn de na reachtanna um chosaint tomhaltóra ann cheana a dhéanann rialú ar fhógraíocht agus ar chur síos trádála falsa agus míthreorach chomh maith le léiriú praghsanna, rialú praghsanna agus díol pírimide ach coimeádfar méid áirithe dá bhforálacha le nuashonrú déanta orthu. Molann an Bhille go mbeidh feidhmeanna áirithe reachtúla ag an Gníomhaireacht i réimsí mar abhcóideacht, taighde, oideachas agus feasacht,

forfheidhmiú agus eolas tomhaltóra mar atá molta ag an Ghrúpa Straitéiseach Tomhaltóra agus atá tacaithe ag an gCoiste Ardleibhéal Idir Rannach.

Meastar go bhfoileofar an Bhille go luath i 2007 agus go mbunófar an Gníomhaireacht nua ar bhonn reachtúil sa chéad leath den bhliain.

Ceapadh Bord Eatramhach den Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí i mBealtaine 2005 leis an tslí a réiteach go dtí go mbunófar an Gníomhaireacht ar bhonn reachtúil. I rith 2006, bhí an Bhord Eatramhach gníomhach i méid suntasach de réimsí. Tá líne chabhrach do thomhaltóirí bunaithe ag an mBord (1890 432432) atá déileáil le os cionn 25,000 glaoch go dtí seo. I Mí na Samhna, sheol an Bord Eatramhach suíomh idirlín na Gníomhaireachta (www.consumerconnect.ie) agus sonraíthe ann tá eolas agus treoracha ar réimsí éagsúla mar phraghsanna, thaisteal, cheannach ar-líne agus sábháilteacht tháirge. I nDeireadh Fómhair na bliana 2006, d'fhoilsigh an Bord Eatramhach tuarascáil chuimsitheach ar Tháillí Bainistíochta agus Táillí Seirbhíse a ghearrtar ar Úinéirí Sealúchais i dTeaghaisí il-aonaid agus rinneadar leabhrán comhairleoireachta tomhaltóra a tháirgeadh in éineacht leis an tuarascáil. I Mí na Samhna chur an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí tús le feachtas feasachta ar feadh bliana tríd an Teilifís, an raidió agus trí chló leis na heochairtheachtairachtaí seo a leanas; 'conas is féidir camscéim a aithint', cad ba cheart duit a bheith ag faire amach do nuair a tá tú ag ceannach ar-líne', agus 'ná cuirtear brú ort cinneadh brostaithe a dhéanamh'.

Dlí Cuideachta agus Gníomhaireachtaí Rialúcháin²¹

Cuspóir

Comhoibriú agus tacú le, monatóireacht a dhéanamh ar an CRO, RFS, ODCE agus an IAASA (nuair atá bunaithe go foirmeálta) chun an sprioc ardleibhéal ardchaighdeán de rialachas corparáideach a sheachadadh a bhaint amach.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanaimid forfheidhmiú ar Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 agus go háirithe Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann a bhunú ar bhonn reachtúil chomh luath agus is féidir é.

Bunaíodh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann go reachtúil ar an 3ú Eanáir 2006. Tá sé tar éis a bheith rannpháirteach go gníomhach ag déanamh maoirsiú ar na rialúcháin a úsáideann na comhlachtaí cuntasaíochta ar a mbaill iniúcháora/cuntasóra. Ina theannta sin, tá an tAire Trádála agus Tráchtála, Michael Ahern TD, tar éis Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann a shannadh mar Údarás leis an Inniúlacht chun an Treoir Trédhearcachta (2004/109/EC) a thabhairt chun críche maidir le hathbhreithniú na gcuntas de chuideachtaí le feidhm liostaithe go ndéantar soláthar ar sa Threoir. Chur an tAire Trádála agus Tráchtála, Michael Ahern TD an cheist maidir le cosaint an téarma "cuntasóir" faoi bhráid Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann chun go gcuirfidís san áireamh an cheist, agus tar éis a réamhchinntí a nochtadh don Aire, tá sé i gceist ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann an t-athbhreithniú seo a chríochnú sa chéad leath de 2007.

Ag eascairt ó mholadh Tuarascála Fóraim na gCuideachta Beaga chun na tairseacha um dhíolúine ó iniúchadh a mhéadú do chomhlachtaí beaga, chur an Roinn tairseacha nua um dhíolúine ó iniúchadh i bhfeidhm, tríd an Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2006 – láimhdeachas €7.3 milliún agus clár comhardaithe €3.65 milliún – le héifeacht ón 24ú Nollaig 2006.

²¹ Tabharfar tuairisc níos iomláine ar nithe a bhaineann le dlí cuideachta agus gníomhaireachtaí rialacháin i dtuarascáil na gcuideachtaí 2006 gur gá a chur faoi bhráid an Oireachtais nach déanaí ná deireadh mhí an Iúil 2007.

Creatlach Reachtach Chuideachta do Thionscal na Seirbhísí Airgeadais

Cuspóir

Soláthar a dhéanamh ar chreatlach solúbtha reachtaíochta d'fheithiclí corparáideacha á n-úsáid ag tionscal na seirbhísí. Cuideoidh seo le forbairt bhreise a dhéanamh ar shuíomh iomaíochta na hÉireann mar láthair tarraingteach chun cuideachtaí um sheirbhísí airgeadais a bhunú.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Forbroidimid moltaí chun na forálacha reachtaíochta a ghabhann le gach cuideachta infheistíochta a dhaingniú.

Réitíodh dréachtmholadh um dhaingniú/líomhchóiriú a dhéanamh ar fhorálacha a ghabhann le gach Scéim Chomhinfheistíochta. Cuireadh tús le comhairleoireacht leis an Rialtóir Airgeadais agus an Tionscal.

Idir an dá linn, tá an tAire Airgeadais ag réiteach Scéim Ghinearálta de Bhille chun daingniú a dhéanamh ar reachtaíocht ann cheana um rialú ar sheirbhísí airgeadais. Tá sainfhóram comhairleoireachta á bhunú chun cuidiú leis an Roinn sin an dréachtreachtaíocht a réiteach chomh maith le nua-aoisiú agus simpliú chomhlántach gur féidir a bhaint amach mar chuid den bpróiseas daingnithe. Aontaíodh go gcuirfidh an fhóram molta comhairleoireachta na tuillteanais a bhaineann leis an reachtaíocht um Scéimeanna Comhinfheistíochta a chuimsiú sa Bhille daingnithe san áireamh. Cuirfidh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta aighneacht mionchruinn faoi bhráid an fhórait comhairleoireachta san am atá amach romhainn.

Glacadh le Breis Ghníomhaíochta Straitéiseach um Chuspóir a Bhaint Amach

Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2006

Is iad príomhfhórlacha an Achta ná na leasuithe ar Achtanna na gCuideachtaí 1963-2005 ag déileáil le ceisteanna a bhaineann le:

- Cuideachtaí Príobháideacha agus an acmhainn atá acu scaireanna agus bintiúir a thairiscint;
- Na tairseacha um dhíolúine ó iniúchadh a mhéadú;
- Dí-ábharthachta ar dheimhniúchán fuilleamh;
- Dlíteanas rathóra d'ábhar réamheolaire; agus
- Comhthoilíú shaineolaithe maidir le hábhair ar sholáthar siad sna Réamheolairí

Tá forálacha san Acht chomh maith chun Treoir Trédhearcachta an AE (ag áireamh rannpháirtíocht ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann) a thrasú i ndlí na hÉireann agus táthar ag súil amhlaidh a dhéanamh faoi Eanáir 2007. Déanadh leasú ar an Acht um Painéal Táthcheangail 1997 chun soláthar a dhéanamh ar thrasú iomlán de Threoir Táthcheangail an AE, a trasúidh i ndlí na hÉireann chun spriocdháta an AE de 20ú Bealtaine 2006 a shásamh. Déanadh leasú ar an Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978 chun go gceadófaí duine a cheapadh chun feidhmeanna Stiúrtóra na nGnóthaí Tomhaltóra a chomhlíonadh do thréimhse ama níos sia ná 6 mhí. Tá forálacha ann chomh maith do Dhearbhuithe Reachtúla a déanadh thar lear chun Achtanna na gCuideachtaí a thabhairt i gcrích agus chun leasú a dhéanamh ar Acht um Líonrúchán Conarthaí Airgeadais 1995 chun cosaintí an Achta sin a chinntiú do Chistí Comóntha Conartha.

Reachtaíocht an AE ar Dhlí na gCuideachtaí

Cuspóir

Cuidiú le hobair reachtaíochta Chomhairle agus Choimisiún an AE ar dhlí na gcuideachtaí d'fhonn an Mhargadh Inmheánach a dhaingniú agus a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Déanaimid achtú ar chlár reachtaíochta príomhúil agus tánaisteach cuideachta mar is cuí chun soláthar a dhéanamh ar reachtaíocht nua an AE a thrasú, ag áireamh:

- *An Reacht Eorpach um Chuideachtaí;*
- *An Reacht Eorpach um Chomharchumainn;*
- *Leasuithe ar an Chéad Treoir Dhlí na gCuideachtaí;*
- *Treoir²² maidir le Déileáil chos istigh agus Cúbláil Mhargaidh (Drochúsáid Mhargaidh)*
- *Rialachán²³ Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Cuntasaíochta*
- *Nua-aoisiú ar Threoracha um Dhualgais Cuntasaíochta, Réamheolairí, Táthcheangail, Trédhearcahta*

Beimid rannpháirteach in idirbheartaíochtaí maidir le beartais atá faoi Chomhairle an AE faoi láthair agus maidir le beartais nua go mbeifear ag súil iad a thabhairt chun cinn ón bPlean Gníomhaíochta um Rialachas Corparáideach/Dlí na gCuideachtaí don trí bhliain amach romhainn.

Rialachán an Reacht Eorpach um Chuideachtaí (2157/2001/EC)

Déanann an Reacht seo soláthar ar rogha a thabhairt do chomhlachtaí áirithe Cuideachta Eorpach a bhunú agus glaoitear an ainm oifigiúil Laidine 'Societas Europae'

²² Tugadh lánfheidhm don rialachán seo i 2005 agus tuairiscíodh faoi ag an am sin

²³ Tugadh lánfheidhm don rialachán seo i 2005 agus tuairiscíodh faoi ag an am sin

(SE) ar. Go bunúsach, tugann an Reacht an rogha do chuideachtaí atá ag feidhmiú i níos mó ná Ballstáit amháin a bheith aitheanta mar chuideachta amháin faoi dhlí an AE. Cuirfidh seo ar a gcumas iad a bheith ábalta feidhmiú ar fud an Aontas Eorpaigh faoi thacar amháin rialacha agus faoi chóras comhaontaithe bainistíochta agus tuarascála. Bunaítear SE trí dhá mhír reachtaíochta, is iad sin EC 2157/2001 (rialacha dlí cuideachta a bhunú), agus Treoir 2001/86/EC (rannpháirtíocht oibrí).

Tháinig Rialachán na gComhphobail Eorpacha (Cuideachta Poiblí Eorpach le Dlíteanas Teoranta) (Rannpháirtíocht Fostaí) 2006 (IR Uimh. 623) i bhfeidhm ar an 14ú Nollaig 2006 agus rinne Treoir 2001/86/EC a thrasú agus cuireann leis an Reacht do chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht na bhfostaithe. Táthar ag súil le hachtú a dhéanamh ar reachtaíocht thánaisteach a thabharfaidh éifeacht do Rialachán EC 2157/2001 in Eanáir 2007.

An Reacht Eorpach um Chomharchumainn (1435/2003/EC)

Bhí obair um fhorfheidhmiú Rialachán na Comhairle (EC) Uimh. 1435/2003 ar an Reacht do Chomharchumann Eorpach (CE) go mór chun cinn ag deireadh na bliana agus táthar ag súil go mbeidh sé ullamh faoi lár na bliana 2007.

Leasuithe ar an Chéad Treoir um Dhlí na gCuideachtaí (2003/58/EC)

Críochnaíodh obair ar thrasú Treoir 2003/58/EC de Pharlaimint na hEorpa ar nochtadh eolais go luath i 2007.

Gníomhaíochtaí Breise gur Glacadh leo chun an Chuspóir seo a Bhaint Amach.

Treoir maidir le Tairiscintí Táthcheangail (2004/25/EC)

Tháinig rialachán dar teideal Rialachán na gComhphobail Eorpach (Tairiscintí Táthcheangail (Treoir 2004/25/EC)) 2006 (IR Uimh. 255 i 2006) ag trasú Treoir 2004/25/EC maidir le tairiscintí táthcheangail i bhfeidhm ar an 20ú Bealtaine 2006. Déanann na Rialachán seo soláthar ar phrionsabail agus ar rialacha áirithe ar conas ba cheart táthcheangail na gcuideachtaí liostaithe san AE a stiúradh agus a mhaoirsiú.

Is é an cuspóir atá ann ná suimeanna gach duine páirteach i mbearta dá leithéid a chosaint i mbealach atá ceart is cóir. Déanann na Rialacháin seo Painéal Táthcheangail na hÉireann a cheapadh mar an údaráis maoirseachta chun an Treoir seo a thabhairt i gcrích. Tá an painéal ag feidhmiú sa tír le hacmhainn maoirseachta dá leithéid ó 1997, ar bhonn a bhunaithe reachtúil sa ról sin ag an Acht um Painéal Táthcheangail 1997.

Leasú ar an Cheathrú agus an Seachtú Treoir

Cuireann na treoracha maidir le Dlí na gCuideachtaí, an Ceathrú Treoir (78/660/EEC) agus an Seachtú Treoir (83/349/EEC), bonn faoi riachtanais cuntasáíochta an AE ag déileáil le cuntais bliantúla de chineálacha éagsúla cuideachtaí agus cuntais chomhdhlúite. Déanann Treoir 2006/46/EC, gur glacadh leis ar an 14ú Meitheamh 2006, leasú ar an Cheathrú agus an Seachtú Treoir. Is aidhm don leasú breis feabhais a chur ar ráitis airgeadais agus ar thuarascálacha bliantúla a fhoilsíonn cuideachtaí AE, trí éileamh a dhéanamh orthu soláthar a dhéanamh ar eolas níos iontaofa agus níos cruinne do scairshealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile. Tá éileamh ann Treoir 2006/46/EC a thrasú faoi 5ú Meán Fómhair 2008.

Leasú ar an Ochtú Treoir

Déileáilteann an Ochtú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí (Treoir Chomhairle 84/253/EEC) le hionracas profisiúnta, neamhspleáchas agus cáilíochtaí na n-iniúcháirí corparáideacha. Glacadh le Treoir 2006/43/EC maidir le hiniúchtaí reachtúla na gcuntas bliantúla agus na gcuntas comhdhlúite, ag déanamh leasú ar Threoracha 78/660/EEC agus 83/349/EEC na Comhairle agus ag déanamh aisghairm ar Threoir 84/253/EEC na Comhairle, ar an 17ú Bealtaine 2006 agus caithear é a thrasú faoi 29ú Meitheamh 2008. Déanann an Treoir daingniú agus comhchuíbhíú ar fheidhm an iniúchadh reachtúil ar fud an AE agus déanann soláthar ar phrionsabail do mhaoirseacht phoiblí i ngach Ballstáit, chomh maith leis an éileamh do dhearbhu seachtrach cáilíochta agus déanann soiléiriú ar dhualgais na n-iniúcháirí reachtúla. Sonraíonn sé prionsabail neamhspleáchais chomh maith a ghabhann le gach iniúcháir reachtúil agus cuireann breis feabhais ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí trí éileamh a dhéanamh ar chuideachtaí liostaithe coiste iniúchára a bhunú le feidhmeanna soiléir um fheidhmiúchán.

Leasú ar an Dara Treoir um Dhlí na gCuideachtaí

Déileáilteann an Dara Treoir um Dhlí na gCuideachtaí (77/91/EEC), gur glacadh leis i 1976, le ceisteanna a bhaineann le cuideachtaí poiblí le dliteanas teoranta ag áireamh bunú, íosmhéid scairchaipiteal atá riachtanach, leithdháileadh go scairshealbhóirí, méadú i gcaipiteal agus laghdú i gcaipiteal. Déanann Treoir 2006/68/EC, gur glacadh leis ar an 6ú Meán Fómhair 2006, leasú ar an Dara Treoir um Dhlí na gCuideachtaí maidir le cuideachtaí poiblí le dliteanas teoranta a bhunú agus cothabháil agus athrú a dhéanamh ar a gcuid caipitil. Bunaíonn an Treoir na coinníollacha a chaithfear a shásamh d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar caipiteal na cuideachta ar mhaithe leis na creidiúnaithe. Chomh maith leis sin, tá sé dírithe ar scairshealbhóirí mionlach a chosaint agus dearbhaíonn sé an phrionsabail gur cheart caitheamh le gach scairshealbhóir leis an seasamh céanna ar an mbealach céanna. Táthar ag súil an Treoir seo a thrasú i reachtaíocht na hÉireann faoin 15ú Aibreán 2008.

Moladh do Threoir Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le cearta vótála na scairshealbhóirí a chleachtadh

D'eascair an moladh seo ó "Phlean Gníomhaíochta um Nua-Aoisú a dhéanamh ar Dhlí na gCuideachtaí agus Feabhas a chur ar Rialachas Corparáideach san Aontas Eorpach" Choimisiún na hEorpa agus thug an Choimisiún é seo chun cinn ar an 10ú Eanáir 2006. Tá sé ag iarraidh simpliú éifeachtach a bhaint amach ar an bpróiseas vótála trasteorann agus laghdú a dhéanamh ar na difríochtaí idir na Ballstáit agus dírinne sé ar chearta faoi leith na scairshealbhóirí sa chruinniú ghinearálta. Cuireann sé i láthair na híoschaighdeáin chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn rochtain cóir ag scairshealbhóirí cuideachta ar an eolas iomlán maidir le cruinnithe ginearálta na cuideachta agus go mbeidh slite simplí ann chun vótála gan freastal ar an gcruinniú. Tá an saoirse ag Ballstáit forálacha a chothabháil nó a chur i láthair atá níos fabhraí do scairshealbhóirí. Táthar ag súil go nglacfar leis an moladh seo go luath i 2007.

Acht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí na gCuideachtaí

Cuspóir

Moltaí um Acht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí na gCuideachtaí a thabhairt chun cinn bunaithe ar obair an Ghrúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfidimid isteach an Scéim Ghinearálta de Bhille Comhdhlúite agus Athchóirithe le faomhadh a fháil ón Rialtas i 2005 agus tá sé i gceist é a fhoilsiú agus a achtú chomh luath agus is féidir é ina dhiaidh sin.

Chríochnaigh Grúpa Athbhreithnithe Dlí na gCuideachtaí dréachtú na Scéime Ginearálta um Bille nua Comhdhlúite agus Athchóirithe na gCuideachtaí, scéim go bhfuil tuairim is 1,300 alt ann, ag deireadh 2006. Cuireadh moill suntasach ar an obair i 2005 toisc go raibh an Ghrúpa gafa le dianathbhreithniú ar Ráiteas na Stiúrthóirí um Ghéilleadh (alt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003). Tabharfar moltaí bunaithe ar Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí na gCuideachtaí os comhair an Rialtais chomh luath agus is féidir é chun faomhadh a fháil do dhreachtú an Bhille ó Oifig na Comhairle Parlaiminte.

Clár Athchóirithe Árachais

Cuspóir

Monatóireacht agus cuidiú a dhéanamh ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta chun a mhisean a chomhlíonadh.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Beimid rannpháirteach agus tacóimid leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta chun cuidiú leis feabhas a chur ar phróiseáil na n-éileamh ar dhíobhálacha pearsanta d'fhonn feabhsaithe buan i bhfeidhmiú an mhargaidh árachais go ginearálta a bhaint amach, chun leasa do thomhaltóirí agus do ghnó.

Lean an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) ag cur lena ghníomhaíochtaí i rith 2006. Faoi dheireadh Meán Fómhair 2006 bhí 4,542 measúnú eisithe ag an mBord. Ón méid seo, déanadh 951 measúnú a eisiúint i 2005 agus eisíodh 3,591 sa naoi mhí suas chomh fada le deireadh mí Mheán Fómhair 2006, ag léiriú méadú suntasach i líon na measúnaithe a déanadh. Meastar go leanfaidh an t-ardú seo i ngníomhaíocht i 2007. Ba é an luach a bhí ar mheasúnaithe gur glacadh leo ag deireadh Meán Fómhair 2006 ná nach mór €52 milliún. Ba é an luach iomlán ar chostas seachadta na measúnaithe seo gur glacadh leo ná €3.7 milliún, ag léiriú sábháil de thuairim is €20.2 milliún ar an gcostas seachadta cúitimh faoin seanchóras dlíthíocht bhunaithe. Ina theannta sin, tá an ghnáthchreat ama de 9 mhí um mheasúnuithe a eisiúint i bhfad níos fabhraí ná an meán ama de 36 mí a thóg sé éileamh a phróiseáil trí na Cúirteanna.

Lean an Roinn lena chuid tacaíochta don BMDP chun deimhin a dhéanamh de go leanfaidh sé ag seachadhadh na leasa sin. Ar an chéad lá de Mheitheamh 2006 rinne an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, Ordú ag ardú an táille freagróra um chásanna a phróiseáil os comhair an BMDP ó €850 go €900 d'fhonn deimhin a dhéanamh de go leanann BMDP ar a bheith féinchistithe maidir lena chostais feidhmiúcháin. Níor tháinig aon athrú ar an táille freagróra de €50 i gcaitheamh na bliana.

CUAILLE 4

Seachadadh, Nuachóiriú & Fócas
ar Chustaiméir Ghnólachta



Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Cuspóir

An tseirbhís is airde caighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí trí na caighdeán seirbhíse custaiméara a leagadh síos inár gCairt Seirbhíse do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm chomh maith le saintionscnaimh e-Rialtais atá chun leasa ár gcustaiméirí a chur i bhfeidhm.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Leanfaimid de mhonatóireacht, le measúnú agus le feabhas a chur ar na caighdeán a leagadh amach inár gCairt do Chustaiméirí agus tabharfar tuairisc rialta ar sholáthar na gcaighdeán sin.

Leanfaimid de mhonatóireacht, méadú agus feabhas a chur ar na seirbhísí atá á soláthar againn don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara agus cuirfimid romhainn seirbhísí e-sheachadadh a mhéadú nuair is cuí agus nuair is féidir.

Cairt Chustaiméirí

D'fhoilsigh an Roinn a tríú Plean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí i mí Iúil 2005. Clúdaíonn sé na blianta 2005 go 2007 agus tógann sé ar an obair a déanadh cheana féin agus leagann sé amach gníomhaíochtaí nua chun feabhas a chur ar sholáthar ár seirbhíse. Thar shaolré an Phlean Gníomhaíochta tá an Roinn tiomanta go n-oibreofar go dícheallach chun na caighdeán a leagadh síos sa Phlean Gníomhaíochta agus sa Chairt Chustaiméirí a bhaint amach. Tá teacht ar na cáipéisí seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie.

I 2006, dréachtadh Treoirlínte Deisce ar Sheirbhísí do Custaiméirí. Soláthraíonn na Treoirlínte seo, in éineacht le Cairt Seirbhíse Custaiméirí na Roinne agus Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí, comhairle agus eolas úsáideach don fhoireann ar conas caighdeán níos airde seirbhíse a sholáthar do chustaiméirí a mbíonn gnó á dhéanamh acu leis an Roinn. Go déanach i 2006 cheap Roinn an Taoisigh comhairleoirí chun measúnú a dhéanamh ar phróiseas na Cairte Custaiméirí

sa Státseirbhís agus tá baint ag an Roinn leis an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair.

Prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Mar mheicníocht feidhmiúcháin don dá phrionsabal déag ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí, rinne an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí scrúdú ar phleananna gnó gach aonaid ghnó ag an Roinn ag úsáid na bprionsabal chun measúnú a dhéanamh ar gach plean. Tá na hiniúchtaí tar éis cur i bhfeidhm phrionsabail chainníochtúla agus cháilíochtúla SAC a mhéadú i bpleananna gnó na Roinne trí chaighdeán a leagan síos agus le soláthar do thomhas feidhmíochta chomh maith le cabhrú le héiteas seirbhíse do chustaiméirí a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na Roinne. I 2006, léirigh pleananna gnó na nAonad go léir go raibh ardghéilliúntas ann do phrionsabail SAC agus leanfaimid le tuilleadh forbartha ar bhealaí chun an ghéilliúlacht seo a thomhas.

Cúram Custaiméirí

Chríochnaigh an Roinn a clár rollach ar thaighde neamhspleách Cúraim Chustaiméara i 2005. Tharla réamhchainteanna agus scrúdú ar na torthaí i 2006 agus beifear gníomhach i mbun an phróisis seo i 2007. Ag leanúint uaidh seo, beidh an Roinn ag tarraingt as conclúidí na taighde chun straitéis a chur le chéile ag tabhairt sonraí ar an mbealach ar aghaidh agus ag aithint conas is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár dtiomantas ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar i gcomhairle lenár gcustaiméirí agus ár bhfoireann.

Modh Déanta Gearán

Mar chuid dár n-iarracht feabhas a chur ar ár seirbhísí déanaimid monatóireacht ar gach gearán trínar Modh foirmeálta Déanta Gearán. Ní bhfuarthas aon ghearán foirmeálta i rith 2006.

Suíomh Gréasáin

Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt leanúnach ar ár suíomh gréasáin mar fhoinsé thábhachtach eolais dár gcustaiméirí, ag áireamh iad siúd atá faoi mhíchumas. Tugadh 1,362,084 cuairt ar an suíomh gréasáin i 2006. Is ionann seo agus méadú 21 faoin gcéad ar fhiigiúr 2005.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá scrúdú á dhéanamh againn faoi láthair ar thiomantais na Roinne faoin reachtaíocht atá le bheith ullamh le cur i bhfeidhm go tráthúil agus go cuimsitheach ar fhógra oifigiúil a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá bunriachtanais an Achta á gcur i bhfeidhm againn faoi láthair sa mhéid is go bhfoilsítear gach príomhchaipéis, agus an t-ábhar gréasán a bhaineann leis, go dátheangach agus is as Gaeilge a fhreagraítear gach comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge.

Teagmháil ar an Teileafón

Soláthraíonn Aonad Faisnéise na Roinne réimse leathan seirbhíse faisnéise do chustaiméirí na Roinne. Léiríonn staitisticí a fhaightear trí thuairiscí "iCMS" (tuairiscí teileafóin inmheánacha a ghintear go leictreonach) go bhfuarthas agus gur déileáladh le 13,813 glaoch i 2006 agus gur freagraíodh 13,095 (95 faoin gcéad) de na glaonna laistigh de 20 soicind.

Comhfhreagras/Litir & Ríomhphost

Leanadh den obair i 2006 ar fhorbairt chórais rialaithe chomhfhreagrais. Beidh taifead agus monatóireacht leictreonach i gceist leis an gcóras seo ar chomhfhreagras ginearálta agus cuirfidh sé ar chumas na Roinne monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar agaí freagartha agus staitisticí cruinne a sholáthar sa réimse seo. Tá an tionscadal seo le críochnú i 2007.

Eolas ar Chearta Fostaíochta

Faoi mar a dúradh roimhe seo sa Tuarascáil seo, rinne Aonad Eolais ar Chearta Fostaíochta na Roinne déileáil le 132,101 fiosrúchán i 2006. D'fhreagair an tAonad freisin 3,768 teagmháil r-phoist, 4,595 iarratas glórphoist agus 1,319 comhairliúchán 'ó dhuine go duine'. Tugadh 10,000 cuairt mar mheán in aghaidh na míosa ar leathanach eolais na Roinne ar Chearta Fostaíochta. Tugadh trí chuairt déag ar Ionaid Eolais do Shaoránaigh chun iad a nuashonrú ar reachtaíocht fhostaíochta agus tugadh 18 léiriúchán ar chearta fostaíochta i scoileanna agus coláistí, ionaid imirceach agus Cumainn Lucht Trádála.

Cuairteoirí

Léirigh suirbhé a déanadh le déanaí ar chuairteoirí chun na Roinne go raibh ardleibhéal sástachta ann leis na láthaireacha fáiltithe agus cuireadh béim freisin ar roinnt réimsí a fhéadfaí a fheabhsú. Déanaimid monatóireacht leanúnach ar ár n-áiseanna agus déanaimid gníomhú ar thorthaí na suirbhéanna chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraítear do gach cuairteoir ar an Roinn. I Meán Fómhair 2005, déanadh Iniúchadh ar Rochtain Mhíchumais i bhfoirgnimh uile an Roinne. Mar chuid de thiomantas leanúnach na Roinne freastal ar a hoibleagáidí faoin Acht um Míchumas 2005 tugadh faoi roinnt tionscadal i Sráid Chill Dara, Teach Davitt, Ardán Phort an Iarla agus Oifig na bPaitinní, Cill Chainnigh, i rith 2006 chun moltaí an Iniúchta sin a chur i bhfeidhm:

- Athchóiriú a dhéanamh ar na ardaitheoirí chun feabhas a chur ar rochtain;
- Lámhráille nua ag an doras tosaigh i Sráid Chill Dara;
- Córas dorais uathoibríoch a chur i bhfeidhm;

E-Rialtas

Ar na tionscnaimh E-Rialtais ar déanadh forbairt orthu i rith na bliana ar mhaithe lenár gcustaiméirí bhí Córas Íocaíochta Iomarcaíochta Ar Líne, Suímh nua Gréasán agus Eislín Achomhairc Fostaíochta agus 3 sheirbhís nua ar líne ó Oifig na bPaitinní: (1) Córas Foilsithe Irise Ar Líne, (2) Córas Cuardaigh Trádmharc Ar Líne agus (3) Rochtain ar líne ar bhunachar sonraí íoschóipeála d'úsáideoirí ceadúnaithe de Bhunachar Sonraí Oifig na dTrádmharc.

Ar an obair atá ag dul ar aghaidh ar thionscnaimh E-Rialtais tá forbairt ar:

- Córas nua iarratais ar líne ar Cheadúnais Oibre;
- Rochtain ar líne ar chinntí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta; agus
- Comhdú ar líne ar iarratais ar Cheadúnais Onnmhairithe

Tá an Roinn lántiomanta do bhaint amach lánacmhainne fhéidearthachtaí e-Rialtais agus tá athbhreithniú rialta á dhéanamh againn ar bhealaí éagsúla inar féidir linn ár seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí.



Dominic McBride, Rúnaí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, Kate O'Mahony, Cathaoirleach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, Martin Casey, Arekibo, Tony Killeen, TD Aire Gnóthaí Saothair agus John Doheny, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag seoladh Shuíomh Idirlín an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

Nuachóiriú

Cuspóir

Gach réimse a den phróiseas nuachóirithe a chur chun cinn le béim ar leith ar thionscnaimh a chuireann lena luach, chomh maith le cur i bhfeidhm na Frámaíochta Bainistíochta Faisnéise, agus ár struchtúir Chomhpháirtíochta a úsáid chun caidreamh inmheánach agus comhairliúchán leis an bhfoireann a chur chun cinn.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Aimseoidimid agus cuirfidimid athruithe ar thionscnaimh agus thosaíochtaí bainistíochta don Roinn, tríd an gCoiste Athraithe Bainistíochta agus na Grúpaí TBS agus tiomáinfaimid soláthar rathúil ar réimse cuimsitheach tiomantas inár bPlean Gníomhaíochta ar Dhul Chun Cinn a Choinneáil.

Bainistíocht Athruithe

Tháinig ceithre Ghrúpa Oibre um Thionscnamh Bainistíochta Straitéiseach (TBS) na Roinne – (1) Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí & Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht; (2) Bainistíocht

Airgeadais; (3) Bainistíocht Acmhainní Daonna; agus (4) Bainistíocht Chóras Faisnéise – le chéile go rialta i rith 2006 chun a gclár oibre a chur chun cinn agus an clár oibre nuachóirithe a chur ar aghaidh ar fud na Roinne. Bunaítear Grúpaí sa bhreis ar bhonn téamúil de réir mar a bhíonn gá leo (m.sh. Dílárú) in aitheantas ar na leasa a bhaineann an Roinn as an mbealach rannpháirteach seo chun athrú a thabhairt i gcrích.

Chuir obair an Ghrúpa le dul chun cinn roinnt gníomhaíochtaí nuachóirithe i rith 2006, chomh maith le cur i bhfeidhm na Straitéise Acmhainne Daonna, críochnú roinnt tionscadal suntasach TFC agus breithniúchán ar impleachtaí an Tionscnaimh nua Luach ar Airgead agus an tAthchóiriú ar an bpróiseas Meastacháin.

Dul Chun Cinn a Choinneáil

I rith 2006, chuir an Roinn dhá thuarascáil faoi bhráid Ghrúpa Fíorúcháin Fheidhmíochta na Státseirbhíse ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le seachadadh na dtiomantas atá inár nDul Chun Cinn a Choinneáil.

Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe, curtha le chéile faoin gcomhaontú deireanach Comhpháirtíochta Sóisialta. Rinne an Grúpa faomhadh ar an dá thuarascáil agus

tugadh faoi deara ach go háirithe dul chun cinn na Roinne i réimse seirbhíse do chustaiméirí, go háirithe maidir leis an obair chun tagarmharcanna do chaighdeán soláthair seirbhíse a bhunú do gach Rannóg agus in úsáid iniúchtaí bliantúla SAC ar phleana gnó chun Táscairí Feidhmíochta soláthair seirbhíse a fhorbairt.

Sa dara cuid de 2006 a d'ullmhaigh an Roinn a Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe, ag leagan spriocanna agus tionscnaimh shoiléire amach a chuirfidh an Roinn roimpi a sholáthar i gcur chun cinn a clár oibre nuachóirithe sa chéad chéim den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta – I dTreo 2016. Tógfaidh an plean is déanaí ar an gclár nuachóirithe a leagadh amach sa Phlean Coinneála Dul Chun Cinn a bhí ann roimhe seo agus léiríonn sé conas a chuirfidh an Roinn na tionscnaimh a rabhthas ag obair orthu roimhe seo chun cinn i rith saolré Dul Chun Cinn a Choinneáil chomh maith le himlíne a thabhairt ar ghníomhaíochtaí nua a bhfuil sé i gceist iad a chomhtháthú, a chur chun cinn nó a chríochnú i rith na chéad chéime den Chomhaontú is déanaí agus sinn ag leanúint lenár n-iarrachtaí Roinn níos solúbtha, níos nua-aimseartha agus níos aclaí a chruthú, ar mhian linn a bheith againn chun ár misean agus ár spriocanna gnó a sheachadadh dár gcustaiméirí/páirtithe leasmhara.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tiomáinfimid feidhmiú céimneach agus cur i bhfeidhm na Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta ag tógáil ceann de phlean tionscadail FFB 2004-2006.

Dearadh an tionscadal Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta chun cinnteoireacht níos fearr a chinntiú sa leithdháileadh ar acmhainní, bainistíocht níos éifeachtaí ar na hacmhainní seo nuair a leithdháiltear iad, agus níos mó trédhearcachta i, agus freagrachta as, úsáid acmhainní.

D'éirigh leis an bhFoireann Frámaíochta Faisnéise Bainistíochta (FFB) sa Roinn na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Tionscadail FFB 2004-2006, a chuir an Roinn Airgeadais le chéile, a thabhairt i gcrích. Sa dara leath den bhliain, eisíodh an chéad rith iomlán tástála de thuiriscí bainistíochta FFB, ag comháireamh

na dtáscairí feidhmíochta a roghnaíodh mar chuid den Fhrámaíocht Faisnéise Bainistíochta agus Athbhreithniú ar na próisis meastacháin, do Bhord Bainistíochta na Roinne i gcomhthiomsú leis an Tuarascáil míosúil Faisnéise Bainistíochta atá ann. Cuirfear na tuairiscí FFB seo ar fáil uair sa ráithe ó 2007 agus cuirfidh siad le caighdeán an eolais atá ar fáil do Bhord Bainistíochta na Roinne chun cabhrú le cinnteoireacht agus próisis leithdháilte acmhainní.

Ar na spriocanna eile a baineadh amach bhí críochnú chlár traenála FFB na Roinne, a dhírigh a thraenáil bainistíochta airgeadais, socrú agus tuairiscí ar tháscairí feidhmíochta agus úsáid thuarascálacha bainistíochta agus athbhreithniú a chríochnú ar chur i bhfeidhm chórais nua bainistíochta airgeadais na Roinne.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid dena chinntiú go mbíonn ionad lárnach ag ár gCoiste Comhpháirtíochta i gcur caidrimh inmheánaigh agus comhairliúcháin leis an bhfoireann chun cinn ar na príomhcheisteanna athraithe agus feabhais.

Lean Coiste Comhpháirtíochta na Roinne ag cur chun cinn cur chuige rannpháirteach maidir leis an bhfeabhsú leanúnach ar phróisis agus mhodhanna oibre na Roinne. Tháinig an Coiste, ar a bhfuil ionadaithe ón mbainistíocht foirne agus ón gceardchumann, le chéile seacht n-uaire i 2006. Ar ghníomhaíochtaí an Choiste agus a fhoghrúpaí chun tuilleadh feabhais a chur ar an mbealach ina ndéanann an Roinn a gnó tá:

- Cabhrú le hullmhúchán turascálacha na Roinne ar dhul chun cinn faoi Dhul Chun Cinn a Choinneáil agus a Plean nua Gníomhaíochta faoi I dTreo 2016;
- Feabhsú rochtana ar fhoirgnimh na Roinne do bhaill den fhoireann atá ar mhíchumas;
- Teachtaireachtaí a eisiúint don fhoireann chun aghaidh a thabhairt ar dhá príomhdhúshlán ar leag rannpháirtíocht rathúil na Roinne i gcomórtas "na gCuideachtaí is Fearr le hOibriú Dóibh in Éirinn" 2006 béim orthu.

- Tuilleadh gníomhaíochtaí a ghlacadh chun sláinte, sábháilteacht agus leas na foirne sa Roinn a fheabhsú;
- Leanúint d'fheabhas a chur ar leibhéal an trealaimh TF atá ar fáil don fhoireann;
- Lámhleabhar a fhorbairt don fhoireann go léir a thugann imlíne ar an gcleachtas is fearr maidir le soláthar seirbhísí do chustaiméirí; agus
- Mion-athbhreithniú a dhéanamh ar conas a fheidhmíonn an Coiste, ag tógáil ceann d'fhorbairt laistigh den Roinn agus i dtaobh chlár oibre nuachóirithe na státseirbhíse ó bunaíodh an Coiste i 1998 . Mar thoradh ar an gcleachtadh seo, a tharla i bhformáid cheardlainne, aontaíodh téarmaí nua tagartha a dhíríonn ar fheabhsú leanúnach ar na seirbhísí do chustaiméirí a sholáthraíonn an Roinn agus feabhsú ar thimpeallacht oibre na foirne. Aontaíodh plean gníomhaíochta dhá bhliain freisin, a thugann imlíne ar conas a bhainfear na cuspóirí seo amach, agus táthar á chur i bhfeidhm.

Acmhainní Daonna & Traenáil

Cuspóir

Leanúint le forbairt ar ár n-acmhainní daonna trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, agus aistriú ó fheidhm traidisiúnta Bainistíochta Pearsanra go córas cineachta do Bhainistíocht Acmhainní Daonna, agus comhionannas deise a sholáthar don fhoireann go léir.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid Straitéis Acmhainní Daonna an Rialtais i bhfeidhm, chomh maith le forbairt agus feidhmiú céimneach chlár agus thacaíochtaí traenála.

Soláthraíonn an chéad Straitéis Acmhainní Daonna (AD) ag an Roinn don tréimhse 2005-2007, Plean Gníomhaíochta d'fhorbairt polasaí AD i 6 phríomhréimse – Acmhainní na Roinne; Bainistiú Feidhmíochta agus Forbartha; Cothromaíocht na hoibre agus an tsaoil; Timpeallacht Dhearfach Oibre; Neartú Comhpháirtíochta, Comhairliúcháin agus Rannpháirtíochta; agus Tacú leis

an Athrú ó Bhainistíocht Phearsanra go Bainistíocht Acmhainní Daonna. Tá 55 Pointe Gníomhaíochta sa phlean gníomhaíochta atá le cur i bhfeidhm i rith saolré na Straitéise AD.

I 2006, bhí 28 de na Pointí Gníomhaíochta seo curtha i bhfeidhm go hiomlán, agus bhí 23 pointe eile á gcur i bhfeidhm. Ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm i 2006 bhí dréachtú ar Lámhleabhar cuimsitheach Bainistíochta Acmhainní Daonna, ag leagan amach gach polasaí agus cleachtas AD. Soláthrúidh an Lámhleabhar seo, a fhoilseofar i 2007, tacaíocht lárnach do bhainisteoirí agus don fhoireann ar chineachadh cheisteanna AD ó lá go chéile go bainisteoirí áitiúla líne. Tá seo ar cheann de chuspóirí uileghabhálacha na Straitéise AD.

Ceadóidh cur i bhfeidhm na bpointí gníomhaíochta seo dúinn tógáil ar thimpeallacht BAD atá ag athrú cheana féin laistigh den Roinn d'fhonn Roinn níos solúbtha, níos nua-aimseartha agus níos aclaí a chruthú faoi mar is mian linn.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid de cur i bhfeidhm go héifeachtach ar ár gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), de réir spriocdhátaí aontaithe, chun feabhas a chur ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht na foirne.

Lean Grúpa Monatóireachta CBFF na Roinne de mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm CBFF agus le treoir a sholáthar chun éascú a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na Roinne. Tar éis mion-athbhreithnithe a dhéanamh ar leibhéal feidhmiúcháin chéimeanna CBFF ag an nGrúpa, a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta ar dhá ócáid i 2006, tá an Roinn sásta go bhfuil an córas ag cur le feabhsú feidhmíochta ar an leibhéal indibhidiúil agus eagraíochta. Ina theannta sin, bhí baint gníomhach ag an nGrúpa leis an obair ullmhúcháin a déanadh chun comhtháthú a dhéanamh ar CBFF laistigh de chórais AD i 2007 de réir chomhaontaithe ar fud na státseirbhíse.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid polasaithe a fhorbairt chun go mbeidh níos mó rannpháirtíochta ag mná sna gráid sinsearacha, le béim ar leith ar na spriocanna a bhaint amach go mbeadh 33 faoin gcéad de phoist Phríomhoifigigh Chúnta (PC) agus 20 faoin gcéad de phoist Phríomhoifigigh (PO) á líonadh ag mná.

I rith 2006, lean an Roinn ag cur an chláir oibre Comhionannais chun cinn trí obair an Choiste Chomhpháirtíochta, agus, go háirithe obair an Ghrúpa Comhionannais (foghruipa den Choiste Comhpháirtíochta). Leanadh den obair ar thionscadal taighde, a ndearna an Roinn coimisiúnú air i 2005, chun iomscrúdú a dhéanamh ar bhacanna agus áisitheoirí rannpháirtíochta ban i ngráid bhainistíochta sinsearacha sa Roinn (Ardú Céime go leibhéal PC agus PO) i rith 2006. I mí na Nollag 2006 chuir Ionad Staidéir Inscne agus Léinn na mBan, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an tuarascáil dheiridh faoi bhráid na Roinne.

I nDeireadh Fómhair 2006, bhain an Roinn amach an sprioc de 34 faoin gcéad de phoist PC agus 21 faoin gcéad de phoist PO a bheith líonta ag mná, go maith chun tosaigh ar spriocdháta dheireadh 2007 a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2005-2007. Mar sin féin, déanfaidh an Roinn machnamh cúramach ar mholtaí na tuarascála a sholáthair Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a dhéanfaidh polasaí na Roinne a eolasú sa todhchaí maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid polasaithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i gcomórtais ardaithe céime.

I rith 2006, lean an Roinn ag dul thar an gcuóta de 3 faoin gcéad dífhostaíocht daoine faoi mhíchumas.

I rith na bliana, dhírigh an Roinn a haire ar fheasacht ar mhíchumas a fheabhsú sa Roinn. Baineadh seo amach trí shraith de chainteanna/láithreoireachtaí; agus, chríochnaigh an Roinn a Plean Rannach i mí Iúil 2006 (mar a tuairiscíodh roimhe seo sa Tuarascáil seo), de réir a hoibleagáidí faoin Acht um Mhíchumas Náisiúnta, 2005.

Tá Coiste á bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar a méid a chloí an Roinn leis an sprioc de 3 faoin gcéad agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chloí an Roinn leis na Cóid Chleachtais iomchuí.

Lean an Roinn de mhodúil chomhionannais a sholáthar i ngach clár traenála sainghráid agus ionduchtaithe. Ina theannta sin, soláthraíodh sraith fhaisnéisithe chun béim a chur ar fheasacht ar cheisteanna míchumais ar fud na Roinne. Ba í Caroline Casey ón Aisling Foundation a sholáthar na cruinnithe faisnéisithe seo, agus a sholáthair léargas ar a taithí ar bheith ina cónaí le míchumas.

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Cuspóir

A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna atá riachtanach ag an Roinn, leis na scileanna is gá chun ár spriocanna gnó a chomhlíonadh.

Gníomhaíochtaí Straitéiseacha:

Soláthróimid sprioctraenáil agus forbairt, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais aitheanta forbartha agus gnó bhaill aonair agus ghrúpaí den fhoireann, ag úsáid chóras e-fhoghlama nuair is féidir é.

Cuirfimid lenár scileanna agus lenár gcumas chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara ar gach leibhéal.

D'fhoilsigh an Roinn a céad Straitéis Traenála agus Forbartha riamh i 2006. Is é sprioc na Straitéise é a chinntiú go mbíonn deis ag an bhfoireann ar fad na cumais atá ag teastáil chun freastal ar a gculpóirí gnó a fhorbairt thar an tréimhse 2006 go 2008, agus cur dá réir sin le baint amach spriocanna gnó na Roinne agus cur le forbairt phearsanta agus ghairmréime. Tugtar imlíne sa Straitéis ar na 35 pointe gníomhaíochta atá á nglacadh chun feabhas a chur ar sholáthar traenála d'fhoireann uile na Roinne.

Lean an Roinn, de réir na Straitéise seo, de sholáthar cúrsaí iomchuí a aithníodh tríd an gCóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (CFBF) i 2006. Laistigh den sprioc atá ann de suas le 4 faoin gcéad de chostais phárolla, tá sé mar chuspóir againn traenáil ardchaighdeáin a sholáthar ar bhonn luach ar airgead. Ag áireamh an riaracháin a bhain le traenáil agus na bhfíorchostas traenála, baineadh figiúr de €1,953,336 amach i 2006, a raibh 3.8 faoin gcéad den phárolla i gceist leis. D'fhreastal 2,015 ball den fhoireann ar chúrsaí chun a gcumas gnó a fhorbairt i réimsí mar anailís pholasáí, soláthar poiblí, dea-rialachas corparáide, an próiseas reachtúil, anailís ar thionchar rialála, freagrachtaí na mbainisteoirí líne, dlí fostaíochta agus TF.

Ba thosaíocht do 2006 é clár cuimsitheach cinnreachta a fhorbairt don fhoireann ar leibhéal Phríomhoifigigh Chúnta agus Phríomhoifigigh. I ndiaidh iarratais ar thairiscintí, dearadh clár fairsing cinnreachta a thiomsaíonn measúnú aiseolais "360-céim", oiliúint phearsanta, modúil roghnacha athnuachana agus croímhodúil i gcinnreachta. Lorgaíodh tairiscintí go luath i 2007 do sheachadadh an chláir.

Lean an Roinn freisin ag riaradh a Scéime Aisíochta ar Tháillí a sholáthraíonn cúnaimh airgeadais do bhaill foirne a thugann faoi staidéar iomchuí tríú leibhéal ina gcuid ama féin. I 2006, faomhadh tríocha cúig iarratas ón bhfoireann faoin scéim.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

Cuspóir

Na seirbhísí is fearr TFC (Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide) a sholáthar chun tacú le riachtanais ghnó na Roinne.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid athbhreithniú ar Straitéis TFC 2003-2006 agus, más cuí, ullmhóimid Straitéis athcheartaithe TFC chun teacht le haon athruithe suntasacha ar thimpeallacht oibre na Roinne.

Léirigh an t-athbhreithniú ar Straitéis TFC 2003-2006 gur baineadh a lán nithe suntasacha amach le linn saolré na Straitéise ar a raibh:-

- Cur i bhfeidhm réimse leathan feidhmiúcháin/ tionscadal a chuireann ar ár gcumas freastal níos fearr ar ár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha (iocaíochtaí ar líne in Oifig na bPaitinní, Córas Íocaíochta Iomarcaíochta, Córas Acmhainne Daonna a bheadh Bog ar Dhaoine, Córas Airgeadais Oracle, Forbairt ar Inlíon na Roinne, Córas Cás-Bainistíochta um Chearta Fostaíochta);
- Cur i bhfeidhm ar straitéis chuimsitheach e-Rialtais chun "e-chumasú" a dhéanamh ar sheirbhísí na Roinne dár mbonn leathan de chustaiméirí;
- Modh oibre cuimsitheach rialachais TFC a bheith ann (Grúpa Stiúrtha TFC, doiciméadú foirmeálta um thogra, nósanna imeachta faofa agus tuarascála tionscadail,);
- Fócas an-láidir seirbhíse do chustaiméir a thabhairt isteach d'obair an Aonaid TF agus cumarsáid rialta a bheith ann leis na húsáideoirí;
- Timpeallacht fhairsing oibre soghluaiste a sholáthar d'fhoireann na Roinne;
- Caihdeánú ar an timpeallacht deisce (timpeall Windows XP); agus

- Cur i bhfeidhm chórais chartlainne r-phoist a chuireann ar chumas na foirne an chartlann a chuardach, ar bhonn féinseirbhíse, ag úsáid réimse de chritéir chuardaigh.

I rith na bliana thosaigh an tAonad TF ag obair ar Straitéis nua TFC a fhorbairt, chun an tréimhse 2007 – 2010 a chhlúdach, a raibh taighde fhairsing i gceist leis chomh maith le clár comhairliúcháin le gach Rannóg agus Oifig sa Roinn. Críochnófar obair ar an Straitéis nua sa chéad leath de 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Soláthróimid infrastructúr láidir TFC d’óstaíocht rathúil ar sheirbhísí na Roinne atá ar aghaidh an phobail ar bhonn 24/7.

I measc na n-iliomad áiseanna atá ar fáil ar líne dár bpáirtithe leasmhara tá Seirbhísí e-Íocaíochta (Clárú Cuideachtaí agus Oifig na bPaitinní), Áireamhán Iomarcaíochta, Seirbhísí Cuardaigh, Iarratais Iomarcaíochta & Dóchmhainneachta, Córais Chomhdúcháin ar líne agus áis d’Aistriú Leictreonach Cistíochta go soláthróirí na Roinne. Tá roinnt suíomh gréasáin ag an Roinn freisin a sholáthraíonn rochtain 24/7 ar na seirbhísí sin dá custaiméirí.²⁴

D’aimsigh athbhreithniú a déanadh ar Straitéis Seirbhíse e-Phoiblí na Rinne 2001, a déanadh i 2005, gur déanadh dul chun cinn suntasach in “e-chumasú” na Roinne, ag áireamh chuid is mó de na foirmeacha a úsáideann an Roinn a chur ar fáil ar líne. Déanadh tuilleadh dul chun cinn sa réimse seo i 2006, go háirithe le suíomh nua gréasáin agus eislíon don Bhinse Achomhairc Fostaíochta, le forbairt a Chóras Iarratais Ar Líne do Cheadúnas Onnmhairithe agus tuilleadh feabhsaithe ar sheirbhísí ar líne Oifig na bPaitinní, chomh maith le Córas nua Foilseacháin Irise Ar Líne.

Críochnaíodh obair shuntasach i rith na bliana ar an infrastructúr TFC a neartú chun córais níos daingne agus níos láidre a sholáthar. Cuireadh clár cuimsitheach Aisghabhála Anachaine i bhfeidhm agus tá áiseanna lán-athléimnithe theipthe i bhformhór na bpríomhchóras

anois, a tástáladh i rith na bliana agus léiríodh go raibh siad lánábailta oibriú dá mbeadh gá leo.

Tosaíocht do 2007 is ea athbhreithniú cuimsitheach ar shlándáil TF as a dtiocfaidh neartú ar gach córas TF ag cinntiú athléimneachta agus leanúnachais.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Soláthróimid áis Athbhreithnithe Phróisis Ghnó (APG) chun cabhrú le hAonaid agus le hOifigí na Roinne feabhas a chur ar phróiseas seachadta seirbhíse agus cabhrú ina dhiaidh sin leis na hAonaid agus na hOifigí sin cur chuige nua a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre. Tugaimid tosaíocht ach go háirithe d’obair ar réimsí a dhílárú thar thréimhse na straitéise.

Is factóir riachtanach é seachadadh seirbhíse Athbhreithnithe Phróisis Ghnó (APG) don Roinn agus a hOifigí in áisiú próisis fheabhsaithe nua oibre a thabhairt isteach. Tosaíodh ar athbhreithniú cuimsitheach i rith na bliana ar Aonad Faisnéise agus Eagraíochta na Roinne agus críochnaíodh agus faomhadh ar thuarascáil dheiridh an athbhreithnithe ar Rannóg Taistil na Roinne.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid córas feabhsaithe Íocaíochta leictreonach iomarcaíochta a fhorbairt a bheidh níos éifeachtaí.

Déanadh forbairt ar Chóras Íocaíochta Iomarcaíochta ar Líne, chomh maith le háireamhán iomarcaíochta, agus tá sé ag feidhmiú ó 2005. I rith 2006 déanadh obair chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar thathag an chórais chun feabhas a chur ar an bhfáil atá air agus ar a aga fónaimh.

Ó tugadh an córas nua isteach, tá laghdú tagtha ar an aga a thógann sé éilimh iomarcaíochta a phróiseáil, le méadú beag ar aschur do 2006 ar an aschur do 2005. Ba é an céatadán de na custaiméirí a d’úsáid áiseanna ar líne ná 63.6 faoin gcéad do mhí na Nollag 2006; ba é 44.8 faoin gcéad an meán don bhliain. Tá aga próiseála éilimh ag 6 seachtainí faoi láthair d’éilimh ar líne agus 11 seachtain d’éilimh ar “pháipéar amháin”. Gné eile

²⁴ Tá liosta de na gréasáin sin tugtha ar chúil na tuarascála seo.

den Chóras nua ar éirigh go maith leis is ea staitisticí míosúla a chur ar fáil d'iomarcaíochtaí cearta seachas do chinn atá fógartha, faoi mar a bhí leis an gCóras TF a bhí ann roimhe seo. Léiríonn taithí nach dtiteann gach iomarcaíocht a fhógraítear amach, agus tá na staitisticí atá á gcur ar fáil faoi láthair ina dtáscairí níos iontaofa ar iomlán na n-iomarcaíochtaí.

Dílárú

Cuspóir

Athlonnú a dhéanamh ar fhoireann agus ar fheidhmeanna na Roinne go Ceatharlach laistigh den fhráma ama a leag an Rialtas amach ar bhealach a laghdaíonn an cur isteach ar leanúnachas gnó agus seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus a chuireann daoine i gceartlár an phróisis.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid mionphlean gníomhaíochta agus feidhmiúcháin ar fáil a leagfaidh amach ár straitéisí chun cur isteach ar sheirbhís do chustaiméirí a laghdú, chun rioscaí a aithint agus a laghdú, agus chun bainistiú a dhéanamh ar athrúcháin, traenáil, bainistiú faisnéise agus cumarsáide foirne.

Leanadh i 2006 de thabhairt faoi fheidhmiúcháin Phlean Feidhmiúcháin Díláraithe na Roinne, a leagann amach conas a dhéanfar athlonnú ar 250 post laistigh den Roinn Fiontair, Fostaíochta agus Trádála.

Tosaíodh ar obair go déanach i 2006 ar athcheartú breise ar an bplean seo, chun roinnt forbairtí suntasacha i gclár díláraithe na Roinne a chur san áireamh, ag áireamh scála ama athcheartaithe do sholáthar chóiríochta buan i gCeatharlach, an cinneadh go mbeadh réamhaistriú go Ceatharlach ann agus go mbunófaí an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, a chomhcheanglóidh le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóra atá ann cheana féin agus a fheidhmeoidh mar eagraíocht neamhspleách tomhaltóra.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Oibreimid go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí chun cabhrú le soláthar foirgnimh ardchaighdeáin deartha agus tógála i gCeatharlach, ag soláthar timpeallachta slán, inrochtana don fhoireann go léir.

Tar éis suíomh suntasach a cheannach roimhe seo i lár bhaile Cheatharlach d'oifigí buana na Roinne, chríochnaigh an Roinn a sonraíocht ar riachtanais chóiríochta do na hoifigí nua seo go luath i 2006, i ndlúthchomhairliúchán le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Ar an 31ú Bealtaine 2006, thosaigh an OOP ar phróiseas tairiscinte d'oifigí buana na Roinne i gCeatharlach trí nochtadh spéise a lorg ar fhorbróirí maidir le dearadh, tógáil, airgeadú agus cothabháil chóiríochta nua oifige agus pháirceála carr ar an suíomh i gCeatharlach.

Mórfhorbairt eile i 2006 ab ea an cinneadh tabhairt faoi réamhaistriú go Ceatharlach, chun áisiú a dhéanamh don fhoireann ar mhian leo aistriú níos luaithe ná mar a cheadódh an dáta a ceapadh do chríochnú an fhoirgnimh bhuan. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an OOP i rith na bliana chun na riachtanais chóiríochta don réamhaistriú a thabhairt chun críche agus chun cóiríocht eatramhach a aimsiú i gCeatharlach. Táthar ag dul ar aghaidh go maith le hobair sa réimse seo agus tá deimhnithe ag an OOP go bhfuil téarmaí aontaithe acu le forbróirí maidir le cóiríocht a sholáthar i rith an chéad leath de 2007. Ceadóidh an réamhaistriú seo do ghluaiseacht timpeall 80-100 den fhoireann dhíláraithe go Ceatharlach i rith an chéad leath de 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Déanfaimid pleanáil lena chinntiú go gcoimeádtar soláthar seirbhíse ardchaighdeáin i mBaile Cheatharlach.

Leanadh den obair sa réimse seo i 2006, faoi mar a leagadh amach i bPlean Feidhmiúcháin Díláraithe na Roinne. Tosaíodh ar an fhoireann a shannadh ar phoist díláraithe go luath i 2006. Faoi dheireadh 2006, bhí 95 duine sannta agus ina n-ionad le dílárú go Ceatharlach. Tá sé i gceist go mbeidh an próiseas seo críochnaithe

faoi dheireadh 2007, lena chinntiú go mbeidh dóthain traenála ar an bhfoireann sula ndéantar an t-aistriú substainteach go Ceatharlach.

Faoi dheireadh 2006, sannadh 20 duine ar phoist “réamhghrúpa” dlíraithe.. Tá sé i gceist go líonfaí na poist “réamhghrúpa” atá fágtha faoi dheireadh 2007, lena chinntiú go mbeidh dóthain traenála ar an bhfoireann sula ndéantar an réamhaistriú go Ceatharlach.

Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead

Cuspóir

A chinntiú go ndéantar gach beartaíocht airgeadais de réir nósanna imeachta bunaithe airgeadais phoiblí agus go ndéantar iarracht feabhas a chur ar luach ar airgead i riarachán chúramaí na Roinne.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Rachaimid i mbun an chlár nuachóirithe bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm ina iomláine, chomh maith le feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís dár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

I 2006, mhéadaigh an Roinn a córas d’úsáid Ríomhaistriú Airgid (RAA) chun íocaíochtaí díreacha a dhéanamh go cuntais bhainc na soláthróirí. D’ardaigh líon na n-íocaíochtaí a déanadh trí RAA ó 13 i mí Eanáir go 331 i mí na Nollag. Déantar os cionn 90 faoin gcéad de luach na n-íocaíochtaí go léir a dhéanann an Roinn a phríoiseáil trí RAA. Tá an fhorbairt seo ag teacht le cinneadh an Rialtais gur chóir go n-úsáidfí Ríomhaistrithe Airgid chomh minic agus is féidir é agus íocaíochtaí á ndéanamh le custaiméirí.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Tabharfaimid leasa an chórais nua bainistíochta airgeadais go haonaid bhainistíochta agus ghnó na Roinne, ag cur ar a gcumas feidhmiú níos éifeachtaí.

Cuireadh rochtain díreach ar fáil ar chóras bainistíochta airgeadais na Roinne i 2006 don fhoireann in Aonad Iomarcaíochta agus Dóchmhainneachta na Roinne. Ina dhiaidh sin cuireadh rochtain díreach ar thuarascálacha caiteachais ar fáil do bhainisteoirí tríd an chuid eile den Roinn ag deireadh na bliana agus tiocfaidh méadú fairsing air seo i 2007. Cuirfidh rochtain díreach ar thuarascálacha atá cothrom le dáta ar chumas bhainisteoirí monatóireacht níos géire a dhéanamh ar chaiteachas agus acmhainní a leithdháileadh.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Deánfaimid athbhreithniú ar an scéim íocaíochta Dóchmhainneachta.

Déanadh athbhreithniú inmheánach ar an Scéim Íocaíochta Dóchmhainneachta i rith 2006. Chlúdaigh sé an reachtaíocht iomchuí agus Treoracha an AE, an Scéim féin agus a riaradh. Déanfar athleanúint ar mholtaí an athbhreithnithe i rith 2007.

Gníomhaíochtaí Breise a Gabhadh de Láimh sa Tóir ar an gCuspóir seo

Scaipeadh mionsonraí den tionscnamh ar Luach ar Airgead, a d’fhógair an tAire Airgeadais i dtreo dheireadh 2005, ar fhoireann na Roinne agus ar Gníomhaireachtaí na Roinne ag tús 2006. Thug na Gníomhaireachtaí mílné don Roinn ar na sainchéimeanna atá á nglacadh chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú ar na céimeanna seo i 2007 d’fhonn géilliúlacht leanúnach don tionscnamh a chinntiú.

Mar chuid d’ullmhúchán na Roinne don Athchóiriú ar an bpróiseas Meastacháin, a thiocfaidh i bhfeidhm i 2007, tionóladh roinnt seisiún faisnéisithe do bhainisteoirí sinsearach ar riachtanais an tionscnaimh nua. Eagraíodh seimineár speisialta freisin d’fhoireann Gníomhaireachtaí na Roinne ar na riachtanais nua. Déanadh forbairt ar Tháscairí Feidhmíochta, óna bhféadfaí spriocanna a leagan síos do leithdháileadh Meastacháin 2007 na Roinne, tríd an Roinn mar chuid de na hullmhúcháin don phríoiseas athchóirithe Meastacháin. Tabharfaidh na

spriocanna léiriú ar na príomhchuspóirí atá le baint amach leis an gcostiúchán atá á sholáthar sa Mheastachán.

Críochnaíodh Athbhreithniú ar Luach ar Airgead/ Caiteachas chaiteachais Eolaíochta & Teicneolaíochta i 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.entemp.ie). Tá 3 mhórsceim idirghabhála in infheistíocht Taighde, Forbartha Teicneolaíochta & Nuálaíochta (TFTN) na Roinne a riarann Fiontraíocht Éireann (FÉ) agus a chuireann na gníomhaireachtaí fiontraíochta i bhfeidhm, ÚFT Éireann, FÉ, SFADCo agus Údarás na Gaeltachta. B'ionann ábhar scéime an Athbhreithnithe Chaiteachais seo agus €79.5 milliún i 2004 nó 38 faoin gcéad de chaiteachas iomlán na Roinne ar thaighde agus fhorbairt.

Ba iad aidhmeanna an Athbhreithnithe Chaiteachais seo ná anailís sistéamach a sholáthar ar ar bhain caiteachas i ngach scéim amach faoi réir an athbhreithnithe agus bonn a sholáthar ar a bhféadfaí cinntí eolasacha a dhéanamh ar thosaíochtaí laistigh de agus idir chlár chaiteachais. Is iad na scéimeanna a clúdaíodh san athbhreithniú ná:

- Scéim Iomaíochais TFTN – ag tabhairt tacaíochta do thionscadail ardchaighdeáin T&F meán go hardriosca i ngnólachtaí.
- Scéim Chumais T&F – ag tógáil infrastruchtúir agus cumais T&F laistigh de ghnólachtaí nua agus cinn atá ann cheana féin agus ag cabhrú le fochuideachtaí Éireannacha méadú ar a neadaithe in Éirinn.
- TFTN do Scéim Chomhoibríthe – ag tacú le gréasáin taighde chomhoibríoch idir thionsclaíocht agus an earnáil ardoideachais.

Lóisteáladh cóip den Athbhreithniú i leabharlann an Oireachtais i 2006 agus chabhraigh sé le cinntí polasaí a dhéanamh ar TFTN do 2007 ar aghaidh.

Iniúchadh Inmheánach

Cuspóir

Seirbhís iniúchta inmheánach riosca-bhunaithe a sholáthar a thugann dearbhú ar na córais rialaithe. .

Gníomhaíocht Straitéiseach

Soláthraímid dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na n-oifigí sin atá díreach faoi shainchúram na Roinne. Cuirfimid sainchomhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, a bhíonn anois leis an gCuntas Leithghabhála bliantúil.

Soláthraíonn Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Rúnaí) maidir le dóthaineacht chórais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na n-oifigí sin atá díreach faoi shainchúram na Roinne. Chuige seo cuirtear clár gníomhaíochta le chéile gach bliain, agus déanann an Coiste Iniúchta Rannach athbhreithniú agus monatóireacht air.

I rith 2006, déanadh iniúchtaí ar chórais iniúchta inmheánacha na Roinne. Chuir an clár oibre a críochnaíodh i 2006 ar chumas an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh dearbhú a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, a ghabhann leis an gCuntas Leithghabhála bliantúil.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Comhlíonfaimid ár ndualgais do Choimisiún na hEorpa do chlár gníomhaíochta iniúchta a bheidh le déanamh sna heagraíochtaí a fhaigheann cistiúchán ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) Tá sainróil fairsing againn freisin maidir le clabhsúr gach babhta cistiúcháin.

Oibríonn an tAonad Iniúchta Inmheánach chun freagrachtaí na Roinne do Choimisiún na hEorpa a chomhlíonadh maidir le hiniúchadh Chistí Struchtúrtha an AE (a bhaineann go príomha le Ciste Sóisialta na hEorpa).

Is gá dá dhroim seo iniúchtaí a dhéanamh laistigh den Roinn agus comhordú agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht iniúchta a bhaineann leis a dhéantar i Ranna agus in eagraíochtaí eile a fhaigheann Cistí Struchtúrtha ón Roinn. Déanann an tAonad teagmháil le Rannóga na gCistí Struchtúrtha sa Roinn agus le Coimisiún an AE maidir le ceisteanna a éiríonn as an ngníomhaíocht iniúchta seo agus maidir le gnéithe éagsúla de riachtanais rialaithe airgeadais an AE.

I rith 2006 lean Iniúchadh Inmheánach, in éineacht le hAonad Rialaithe Airgeadais an CSE, ar iniúchadh ar thionscnamh CSE an Chomhphobail. Áiríodh air seo iniúchtaí ar roinnt leibhéal ar an struchtúr bainistíochta agus iniúchadh cuimsitheach ar gach tionscnamh a fhaigheann cistiúchán.

Rinne an tAonad Rialaithe Airgeadais roinnt iniúchtaí de réir Airteagail 10.1(b) agus 10.2 de Rialachán Choimisiún an AE (CE) Uimh. 438/2001 chun an íosmhéid deimhnithe de 5 faoin gcéad i 2006 a chomhlíonadh agus bhí luach na n-éileamh a deimhníodh níos mó ná íosmhéid an riachtanais don bhliain.

I rith 2006, chríochnaigh Iniúchadh Inmheánach iniúchadh a bhain le freagrachtaí na Roinne maidir le Cistiúchán Forbraíochta Réigiúnach na hEorpa (CFRE).

Rinne Iniúchadh Inmheánach in éineacht le hAonad Rialaithe Airgeadais an CSE éascú ar chéimeanna 1 agus 2 d'iniúchadh chlabhsúir Choimisiún an AE ar Chlár Oibríochta um Fhorbairt Acmhainní Daonna 1994-1999 agus iniúchadh ar dhá Chéim CSE de 2000-2006 sa Chlár Oibríochta um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna a Fhorbairt.

Oscailteacht, Trédhearcacht & Freagracht

Cuspóir

Feabhas a chur ar éifeacht agus trédhearcacht bhainistíochta inár ngnó, chomh maith le faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar faoi Shaoráil Faisnéise (SF) agus ionstraimí eile, agus caidreamh leanúnach, éifeachtach a sholáthar soir siar ar fud na Roinne.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfimid le SF, faoi réir chomhaontú an Aire Airgeadais, chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta (feidhmeanna riaracháin amháin), Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, Comhairle Ceardaíochta na hÉireann, Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa, na 35 Bord Fointar Contae agus Cathrach, Scil-líonta agus an Chúirt Oibreachais (feidhmeanna riaracháin amháin) faoi dheireadh 2005.

Ar an 31ú Bealtaine 2006 cuireadh leis an Acht SF chun Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann, Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, Comhairle Ceardaíochta na hÉireann, Aonad Rialaithe Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa, na 35 Bord Fointar Contae agus Cathrach agus Scil-líonta a chlúdach. Ag deireadh 2006 bhí ullmhúcháin ar bun leis an Roinn Airgeadais d'fhonn cur arís le SF go n-áireofaí freisin feidhmeanna áirithe den Chúirt Oibreachais agus den Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Táthar ag súil leis go dtarlóidh seo i rith 2007.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Leanfaimid d'fhorbairt suímh inlín na Roinne trí fheabhas a chur ar a bhfuil ann agus ar a fheidhmiúlacht chun éascú a dhéanamh ar chumarsáid éifeachtach ar fud na Roinne.

Tá an t-inlíon ina phríomhuirlis leata faisnéise ag an Roinn i gcónaí. Cé cur cuireadh roinnt feabhsaithe i bhfeidhm i 2006, ba é an críochnú an iniúchta rochtana príomhthasc na bliana. I ndiaidh tuarascála an iniúchta tá mór-uasghrádú

ar an Inlón pleanáilte do 2007, a áireoidh feabhas ar rochtain, rochtain níos tapúla ar fhaisnéis, inseoltacht feabhsaithe agus feabhas ar chairdiúlacht don úsáideoir.

Rialachán Níos Fearr

Cuspóir

Cloí leis na prionsabail rialacháin níos fearr mar a leagadh amach sa Pháipéar Bán "Rialachán Níos Fearr" iad.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Beimid rannpháirteach sa tionscadal píolótach Anailíse ar Thionchar Rialacháin.

Tar éis do Roinn an Taoisigh treoirlínte a fhoilsiú ar conas Anailís ar Thionchar Rialacháin a dhéanamh, chuir an Roinn seo foireann uirlísí ar fáil ina raibh na céimeanna a bheadh le glacadh, agus na cineálacha ceisteanna a bheadh le cur. Ach go háirithe, tá sraith sheicliosta sna hUirlísí seo a dearadh chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag na céimeanna atá molta ar réimsí éagsúla polasaí m.sh. iomaíochas, tomhaltóirí agus gnólachtaí beaga.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú, rinne an Roinn 4 ATR. Tá achoimre de na sonraí seo in Aguisín 4.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cloífidimid le prionsabail an rialacháin níos fearr agus reachtaíocht á hullmhú againn

Lean an Fóram Rialacháin Ghnólachta, a bhunaigh an tAire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála, Micheál Martin TD, i mí na Samhna 2005, lena scrúdú ar thionchar rialacháin ar ghnó, trí aighneachtaí a lorg, agus trí chás-staidéir a dhéanamh ar roinnt cuideachtaí agus le scrúdú a dhéanamh ar ualach chostais riaracháin na riachtanas rialacháin a roghnaíodh.

Is ionann agus dul chun cinn mór an obair a déanadh ar an mBille Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe Cuideachta maidir le simpliú agus códú na 13 píosa reachtaíochta cuideachta in aon Acht amháin. Tugann sé le chéile freisin

na forálacha go léir a bhaineann le samhail na 'cuideachta príobháidí (faoi mar atá 90 faoin gcéad de na cuideachtaí a bhunaítear in Éirinn) chun go mbeadh sé níos éasca do rannpháirtithe géilleadh don dlí.

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta Anailís ar Thionchar Rialacháin ar an mBille.

Bainistíocht Riosca

Cuspóir

A chinntiú go ngníomhaíonn an bhainisteoireacht ar fud na heagraíochta go hionchuí chun rioscaí a fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach.

Gníomhaíocht Straitéiseach:

Cuirfidimid frámaíocht ann chun rioscaí a aithint agus a laghdú d'fhonn a chinntiú go mbeidh modheolaíocht aontaithe agus tuigte ag an Roinn chun a cuspóirí a thabhairt i gcrích.

Tá freagracht ar Choiste Riosca, ar a bhfuil ionadaithe ó gach rannóg den Roinn agus a bhfuil an Rúnaí Cúnta ar Sheirbhísí Corporáideacha ina chathaoirleach air, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar pholasaí riosca na Roinne agus as comhordú a dhéanamh ar rioscaí gach Rannóige go dtí a Clár Riosca Rannóige féin.

I 2006 d'aimsigh gach Rannóg na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí ionchuí a bheadh le glacadh ag an mbainisteoireacht ar fud na heagraíochta chun rioscaí a fhéadfadh a bheith ann don eagraíocht a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach. Rinne gach Rannóg nuashorú ar a Clár Riosca agus thug Rúnaí Cúnta gach rannóige tuarascáil ar Rioscaí Ardleibhéil na Rannóige don mBord Bainistíochta go ndéanfaí athbhreithniú orthu i rith 2006.

I 2006 críochnaíodh athbhreithniú cáilíochta ar Nósanna Imeachta Polasaí Riosca na Roinne agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe faoi bhráid an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Deánfar na torthaí seo a ionchorprú i gcáipéis polasaí athcheartaithe i rith 2007.

Aguisíní



	2006 Sealadach			2007			Athrú 2007 os cionn 2006 %
	Táirgeacht			Meastachán			
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
FIONTAR, GNÍOMHAIREACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT	€000	€000	€000	€000	€000	€000	
B.1 FORFÁS – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	30,181	-	30,181	34,407	-	34,407	14%
B.2 INTERTRADEIRELAND	2,714	6,250	8,964	2,726	9,166	11,892	33%
C.1 GFT (GNÍOMHAIREACHT FORBARTHA TIONSCAIL) ÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	37,918	-	37,918	42,223	-	42,223	11%
C.2 GFT ÉIREANN – DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	76,000	76,000	-	95,120	95,120	25%
C.3 GFT ÉIREANN – DEONTAS D'OIBRÍOCHTAÍ FOIRGNÍOCHTA	-	17,300	17,300	-	3,400	3,400	-80%
D.1 FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	93,738	-	93,738	99,858	-	99,858	7%
D.2 FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO THIONSCAIL	5,728	40,300	46,028	4,837	49,300	54,137	18%
D.3 FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO CHAITEACHAS CAIPITIL	-	2,900	2,900	-	3,400	3,400	17%
E.1 CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	-	-	-	100	-	100	-
E.2 CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAIM NA SIONNAINE TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	2,684	2,684	-	3,000	3,000	12%
F. CLÁRACHA EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA	22,257	226,030	248,287	27,395	262,378	289,773	17%
G. FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	12,900	15,315	28,215	13,834	18,022	31,856	13%
H. MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ AR CHLÁIR AN AE	19	-	19	270	-	270	-
I. AN TÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA	5,692	576	6,268	6,977	742	7,719	23%
- NÍTRIGIN ÉIREANN TEORANTA	-	-	-	-	-	-	-
- FÓIRDHEONTAS IASACHTA DON nGEARRSCÉIM UM FHAIRSINGIÚ GHNÓ – BANC ICC plc.	1	-	1	-	-	-	-
<i>Fo-iomlán:</i>	211,148	387,355	598,503	232,627	444,528	677,155	13%

	2006 Sealadach			2007			Athrú 2007 os cionn 2006 %	
	Táirgeacht			Meastachán				
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán		
	€000	€000	€000	€000	€000	€000		
FORBAIRT AN LUCHT SAOTHAIR								
K.1	FÁS – COSTAIS RIARACHÁIN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (a)	140,967	-	140,967	147,595	-	147,595	5%
K.2	FÁS – TACAÍOCHTAÍ TRAENÁLA AGUS TACAÍOCHTAÍ COMHTHÁTHAITHE	78,043	-	78,043	93,592	-	93,592	20%
K.3	FÁS – CLÁRACHA FOSTAÍOCHTA	376,295	-	376,295	415,228	-	415,228	10%
K.4	FÁS – CAIPITEAL	-	37,190	37,190	-	25,505	25,505	-31%
L.	DEONTAS D'EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA NA hÉIREANN DO DHAOINE DÍFHOSTAITHE	50	-	50	51	-	51	2%
M.1	TACAÍOCHT THEICNIÚIL DO THIONSCNAIMH PHOBAIL	694	-	694	735	-	735	6%
M.2	CISTIÚ CHOMHFHREAGRACH DO THIONSCNAIMH POBAIL	-	-	-	100	-	100	-
M.3	CLÁR FEIDHMIÚCHÁIN D'FHORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA – CÚNAMH TEICNIÚIL	364	-	364	799	-	799	120%
M.4	CLÁR LEONARDO	125	-	125	128	-	128	2%
M.5	TIONSCNAIMH COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ FORBARTHA POBAIL CHOTHROM	5,959	-	5,959	5,628	-	5,628	-6%
	<i>Fo-iomlán:</i>	602,497	37,190	639,687	663,856	25,505	689,361	8%

CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

N.	AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	4,626	-	4,626	6,194	-	6,194	34%
O.1	DEONTAIS DO SHEIRBHÍSI OIDEACHAIS AGUS COMHAIRLEOIREACHTA CEARDCHUMAINN (b)	1,801	-	1,801	1,887	-	1,887	5%
O.2	CUR CHUN CINN COMHPHÁIRTÍOCHTA CHISTE NUÁLAÍOCHT SA LÁTHAIR OIBRE	301	-	301	950	-	950	216%
P.	CÓNASCADH NA gCEARDCHUMANN	-	-	-	147	-	147	-
	<i>Fo-iomlán:</i>	6,728	-	6,728	9,178	-	9,178	36%

(a) Déanann an Ciste Náisiúnta Traenála cistiú ar chostais chuid de theagascóirí FÁS agus ar chostais Aonaid Anailíse Scíleanna FÁS

(b) Fo-cheannteideal airgeadteoranta

	2006 Sealadach			2007			Athrú 2007 os cionn 2006 %
	Táirgeacht			Meastachán			
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	
TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT							
Q. DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA	4,818	-	4,818	6,104	-	6,104	27%
R.1 GNÓTHAÍ TOMHALTÓRA – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA	5,867	-	5,867	8,397	-	8,397	43%
R.2 TACAÍOCHT DO THOMHALTÓIRÍ	65	-	65	66	-	66	2%
S.1 OIFIG UM CHLÁRÚCHÁN NA gCUIDEACHTAÍ AGUS CLÁRLANN NA gCARA-CHUMANN – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA	9,286	-	9,286	10,097	-	10,097	9%
S.2 ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA hÉIREANN (DEONTAS I gCABHAIR)	569	-	569	1,528	-	1,528	169%
<i>Fo-iomlán:</i>	20,605	-	20,605	26,192	-	26,192	27%
SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT							
T. ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA – DEONTAS DO RIARACHÁN AGUS GHNÓTHAÍ GINEARÁLTA	20,598	-	20,598	22,513	-	22,513	9%
<i>Fo-iomlán:</i>	20,598	-	20,598	22,513	-	22,513	9%
SEIRBHÍSÍ EILE							
U. TAIGHDE AG ÁIREAMH SUIRBHÉANNA DAONCHUMHACHTA	363	-	363	369	-	369	2%
V. COISTE CREATA NÁISIÚNTA DO PHOLASAITHE COTHROMAÍOCHTA OIBRE/SAOIL	258	-	258	278	-	278	8%
W. SUIBSCRÍBHINNÍ D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA, ETC.	14,983	-	14,983	15,527	-	15,527	4%
X.1 COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS INIÚCHTAÍ SPEISIALTA	767	-	767	904	-	904	18%
X.2 ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA	1,019	-	1,019	2,020	-	2,020	98%
X.3 AOISLIÚNTAIS AGUS PINSIN D'FHOIREANN NA CÚIRTE OIBREACHAIS, AN CHOIMISIÚIN UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA	484	-	484	668	-	668	38%
X.4 EASPÓRTÁIL ÁRACHAS CREIDMHEASA – AISÍOC LEIS AN STÁTCHISTE	82	-	82	477	-	477	482%
<i>Fo-iomlán:</i>	17,956	-	17,956	20,243	-	20,243	13%
<i>Iomlán Comhlán:</i>	930,528	424,545	1,355,073	1,039,117	470,033	1,509,150	11%
<i>Bain as:</i>							
Y. LEITHGHABHÁLA I gCABHAIR	113,809	50	113,859	117,839	-	117,839	3%
<i>Iomlán Glan:</i>	816,719	424,495	1,241,214	921,278	470,033		12%
				Méadú Glan (€000)			150,097

<i>Pá agus pinsin Státhiste áirithe san iomlán glan</i>	296,520	327,932	11%
<i>Fostaithe agus pinsinéirí Seirbhíse Poiblí Ábharthacha</i>	6,118	6,002	-2%

Fo-cheannteidil faoina bhfuil sé i gceist suim de €16.322 milliún de leithghabhála nár caitheadh i 2006 a úsáid do sheirbhísí soláthair chaipitil

	Táirgeacht Shealadach 2006	Meastachán 2007		Athrú i 2007 i gcomparáid le 2006
	Úsáid á bhaint as Géilleadh larchurtha			
	€000	€000		%
B.2 INTERTRADEIRELAND	700	-		-
F CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA	6,355	8,992		41%
G FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	3,000	4,450		48%
I. ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN – DEONTAS DO CHOSTAIS RIARACHÁIN AGUS CHOSTAIS GHINEARÁLTA	365	880		141%
K.4 CAIPITEAL FÁS	19,360	2,000		-90%
	29,780	16,322		-45%

Measúnúchán ar Ioncam agus ar Chaiteachas an Chiste Náisiúnta Traenála

	Táirgeacht Shealadach 2006			2007 Meastachán			Athrú 2007 os cionn 2006
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	%
Ioncam:							
Ioncam ó ranníocaíochtaí	366,000	-	366,000	380,000	-	380,000	4%
Ioncam ó infheistíochtaí	2,476	-	2,476	2,375	-	2,375	-4%
Admhálacha CSE	5,947	-	5,947	20,000	-	20,000	236%
Ioncam Iomlán:	374,423	-	374,423	402,375	-	402,375	7%

	Táirgeacht Shealadach 2006			2007 Meastachán			Athrú 2007 os cionn 2006 %
	Reatha	Caipiteal	iomlán	Reatha	Caipiteal	iomlán	
Caiteachas:	€000	€000	€000	€000	€000	€000	
FÁS – Traenáil ar dhaoine atá fostaithe (a)	125,731	-	125,731	151,589	-	151,589	21%
FÁS – Traenáil ar dhaoine chun fostaíochta	188,253	-	188,253	194,937	-	194,937	4%
FÁS – Aonad Anailíse Scileanna	336	-	336	369	-	369	10%
FÁS – Ciste um Oideachas san Láthair Oibre	2,000	-	2,000	3,046	-	3,046	52%
Clár Traenála Gréasán (Skillnets)	8,500	-	8,500	13,500	-	13,500	59%
GFT Éireann – Deontais Traenála do Thionscail	1,269	-	1,269	2,500	-	2,500	97%
Fiontraíocht Éireann – Deontais Traenála do Thionscail	3,550	-	3,550	3,160	-	3,160	-11%
SFADCo. – Deontais Traenála do Thionscail	161	-	161	250	-	250	55%
Forbairt Leanúnach Proifisiúnta Píolótach (IEI)	300	-	300	180	-	180	-40%
Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháil (Forfás)	561	-	561	628	-	628	12%
Ciste Infheistíochta um Theicneolaíocht Faisnéise (ÚAO)	493	-	493	-	-	-	-
Aonad Tacaíochta Teicniúil (Traenáil Inchuideachta)	911	-	911	673	-	673	-26%
Scéimeanna nua Traenála cistithe ag an CSE (b)	21,177	-	21,177	23,577	-	23,577	11%
Tacaíochtaí Eile Traenála	712	-	712	1,257	-	1,257	77%
<i>Caiteachas iomlán:</i>	353,954	-	353,954	395,666	-	395,666	12%
Farasbarr an Ioncaim i gcoinne an Chaiteachas	20,469	-	20,469	6,709	-	6,709	-
Méid de Bharrachas Cistíochta ar an 31ú Nollaig 2006 (réamh-mheasta)	113,000	-	113,000				
Méid de Bharrachas Cistíochta ar an 31ú Nollaig 2007 (réamh-mheasta)				123,000	-	123,000	

- (a) Leithdháiltear caiteachas faoin gCiste Náisiúnta Traenála d'eagraíochtaí a fheidhmíonn scéimeanna chun scileanna na ndaoine atá fostaithe a ardú nó chun scileanna a sholáthar dóibh sin ar mian leo scileanna a ghnóthú chun dul i mbun fostaíochta, nó le soláthar a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le riachtanais scileanna atá ann cheana féin, nó gur dóichí a bheidh ann sa toghcháil, san eacnamaíocht. Déanann leithdháileadh CNT do FÁS comhlánú ar ghníomhaíochtaí cistithe ag fo-cheannteidil Státhchiste K1-K3.
- (b) Ag áireamh airleacain CNT do chaiteachas traenála inchuideachta inaisíochta ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

Aguisín 2

Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí

(1) Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2006

Críochnaíodh Athbhreithniú um Luach ar Airgead/ Caiteachas a chaitear ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht i 2006 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag (www.entemp.ie). Tá infheistíocht na Roinne i dTaighde, i bhForbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (TFTN) comhdhéanta de thrí phríomh-idirghabháil agus b'fiú tuairim is €30million na scéimeanna a bhí faoi réir ag an Athbhreithniú Caiteachais seo i 2004 nó 38 faoin gcéad de chaiteachas iomlán na Roinne ar thaighde agus forbairt. Tá tuilleadh eolais ar an Athbhreithniú sonraithe i gCuaille 4 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

(2) Athbhreithnithe Eile san áireamh don tréimhse 2006-2008

Tá an Roinn ag súil le dul i mbun dhá Athbhreithniú breise um Luach ar Airgead i rith na tréimhse 2006-2008, is iad sin:

- Athbhreithniú ar chaiteachas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; agus
- Athbhreithniú ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS.

Is i Mí na Nollag 2007 atá spriocdháta críochnaithe an dá athbhreithniú agus tuairisceoidimid an dul chun ag an dá cheann acu inár gcéad Tuarascáil Bhliantúil eile.

Aguisín 3

Tuarascáil ar Ghéilleadh d'Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

I rith 2006, cuireadh pionós úis de €579.07 ar 25 sonrasc dar luach €92,083. Seo a leanas na moilleanna:

- 16 cás go raibh 30 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €237.56 i gceist
- 7 sonrasc idir 31 agus 60 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €152.02 i gceist
- 2 chás go raibh níos mó ná 60 lá dlite thar téarma agus dá thoradh bhí ús de €189.49 i gceist

De réir I.R. Uimh. 388 i 2002, íoctar ús nuair atá an méid atá dlite níos mó ná €5.

Ba é an figiúir comhfhreagrach a bhí ann i 2005 ná 24 íocaíocht dhéanacha agus dá thoradh bhí ús pras íoc de €4,929.90 i gceist.

Aguisín 4

Tuarascáil ar Mheasúnuithe Ar Thionchar Rialála (MTR) a rinne an Roinn i 2006

- Moladh do Threoir Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le cleachtadh cearta vótála scairshealbhóirí de chuideachtaí bhfuil a n-oifig chláraithe i mBallstáit agus a bhfuil a scaireanna ceadaithe chun trádála ar mhargadh rialaithe agus ag déanamh leasaithe ar Threoir 2004/109/EC**

Dáta tosaithe

Eanáir 2006

Dáta críochnaithe

Cé go bhfuil críoch curtha leis an bpróiseas idirbheartaíochta ar leibhéal ghrúpa oibre na Comhairle chomh maith le comhaontú ar théacs le Parlaimint na hEorpa níor ghlac Comhairle na nAíri go foirmeálta leis an moladh seo ach ba cheart go nglacfaí leis sna míonna amach romhainn. Tá an próiseas MTR fós ar siúl agus leanfaidh ar aghaidh go dtí an chéim thrasuíte.

Cá bhfuil cóip den MTR a fháil?

Níl fáil fós uirthi

Achoimre gearr ar thoradh ón MTR

Aithníonn Coimisiún na hEorpa ina “Phlean Gníomhaíochta um Nua-Aoisú a dhéanamh ar an Dlí Cuideachta agus Feabhas a chur ar Rialachas Corparáideach san Aontas Eorpach” go bhfuil rannpháirtíocht na scairshealbhóirí mar ábhar rí-thábhachtach do Rialachas maith Corparáideach. Tá sé mar aidhm ag an moladh seo áisiú a dhéanamh ar chearta na scairshealbhóirí chun a bheith rannpháirteach i gcruinnithe ginearálta, costais vótála trasteorann a laghdú trí vótáil i abstentia a dhéanamh níos éasca agus trí feabhas a chur go foriomlán ar chaighdeán rialachais chorparáigh ar bhonn trasteorann.

Tríd is tríd, fuair an MTR amach gur cheart go gcuirfeadh forfheidhmiú an mholadh seo feabhas ar rialachas corparáideach i gcuideachtaí trí nósanna imeachta simplí a sholáthar chun cearta scairshealbhóirí a úsáid agus dá réir a chuirfeadh tús le bonn níos réamhghníomhaí scairshealbhóra. Dá thoradh beidh trédhearcacht níos fearr i nósanna imeachta vótála, mar beidh ar chuideachtaí na torthaí

vótála a fhoilsiú. Go ginearálta, is é an éifeacht ar chearta a bheith ag forfheidhmiú an mholta seo ná breis muiníne margaidh a sholáthar agus méadú in infheistíocht trasteorann a spreagadh.

Tá cur chuige nach bhfuil chomh crioscaíolach i gcreat rialúcháin na hÉireann faoi láthair maidir le cearta na scairshealbhóirí. Clúdaíonn Acht na gCuideachtaí, Rialacha um Liostú i Stocmhalartán na hÉireann agus an Comhchód de Rialachas Corparáideach go gcaithfidh gach cuideachtaí liostaithe aird a thabhairt ar, ar bhonn géilliúntais nó mínithe, formhór de riachtanais an mholta. Tabharfaidh an moladh seo isteach breis tacaíochta dlíthúil do rud a mheastar ina chleachtas is fearr in Éirinn chun áisiú a dhéanamh ar chearta na scairshealbhóirí.

- Scagadh a dhéanamh ar Anailís ar Thionchar Rialacháin an Bhille um Chosaint Tomhaltóra (Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra) 2006**

Dáta tosaithe

Lúnasa 2006

Dáta críochnaithe

Meán Fómhair 2006

Cá bhfuil cóip den MTR a fháil?

www.entemp.ie/publications faoin teideal “latest publications”

Achoimre ghearr ar thoradh ón MTR

Bunóidh an Bille um Chosaint Tomhaltóra (Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra) 2006, go nglaoitear an Bille um Chosaint Tomhaltóra 2007 anois air, an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar bhonn reachtúil, agus déanfaidh códú agus athbhreithniú ar an gcorpas de reachtaíocht um chosaint tomhaltóra agus déanfaidh Treoir Choimisiún na hEorpa um Chleachtais Éagóracha Tráchtála a thrasú go dlí na hÉireann (TCÉT).

Chuir grúpaí tomhaltóra, cuideachtaí agus cumainn ghnó fáilte agus tacaíocht mhór roimh an mBille. Tugann Éire tacaíocht láidir do thionscnaimh a

dhéanann comhchuíbhíú ar réimis um chosaint tomhaltóra ar leibhéal ard agus a dhéanann bacainní trasteorann um sholáthar ar earraí agus ar sheirbhísí do thomhaltóirí a shárú.

Beidh cumhachtaí/roghanna breise ag an MTR um fhorfheidhmiú chun géilliúntas don dlí nua tomhaltóra a bhaint amach. Nuair a chuirfear reacht amháin in áit an éagsúlacht reachtaíochta atá ann faoi láthair cruthófar cód reachtaíochta níos simplí agus níos inrochtana chomh maith le réimeas rialacháin do thomhaltóirí agus do ghnóthais. Toisc go gcuirfidh an reachtaíocht atá molta toirmeasc ar chleachtais nach mbeadh cuideachtaí freagracha páirteach iontu níor cheart go mbeadh éileamh géilliúntais níos mó ar chuideachtaí ná mar atá orthu cheana féin.

3. Scagadh a dhéanamh ar Anailís ar Thionchar Rialacháin an Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Cuideachta

Dáta tosaithe

Meitheamh 2006

Dáta críochnaithe

Nollaig 2006

Cá bhfuil cóip den MTR a fháil?

Tá téacs an MTR cuimsithe i gCaibidil 4 de Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Dhlí Cuideachta ar Scéim Ghinearálta de Bhille Comhdhlúthaithe agus Athchóirithe na gCuideachtaí a meastar a fhoilsiú in Aibreán 2007. Nuair a bheidh sé foilsithe, beidh sé ar fáil ar-líne ag www.clrg.org

Achoimre ghearr ar thoradh ón MTR

Dúirt an MTR, i measc na mbuntáistí atá ann don saoránach agus don tír sna moltaí sonraithe sa Scéim Ghinearálta tá réimeas simplithe um bunú agus fheidhmiú cuideachta, bunaithe ar chineál na cuideachta a úsáideann 90 faoin gcéad de chuideachtaí na hÉireann, agus ag an am céanna ag cinntiú go mbíonn na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach ann, agus de chosaint chreidiúnaí agus scairshealbhóra. Is é seo á dhéanamh, déanfaidh

an réimeas nua áisiú an-mhór ar thosú gnó agus ar chothú a dhéanamh ar infheistíocht agus ar nuálaíocht mar fhórsa tiomána in eacnamaíocht na hÉireann.

4. Anailís ar Thionchar Rialacháin do Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas sa Láthair Oibre (Tógáil) 2006

Dáta tosaithe

Márta 2006

Dáta críochnaithe

Meán Fómhair 2006

Cá bhfuil cóip den MTR a fháil

<http://www.entemp.ie/publications/employment/2006/riaconstregs.pdf>

Achoimre ar an toradh

Agus an lucht oibre ag méadú agus le méadú ag teacht ar líon na mbás le déanaí, tá sé rithábhachtach daingniú a dhéanamh ar rialacháin sábháilteachta, sláinte agus leasa san earnáil. Tá na rialacháin seo ar an tríd céim i bhforbairt rialacháin a dhéanann forfheidhmiú ar Threoir 92/57/EEC agus a dhéanann leasú ar na héilimh a eascraíonn ó chomhairleoireacht le páirtithe leasmhara tionscail. Tá béim áirithe sna rialacháin ar cheisteanna cliant agus bainistíochta. I measc na gcostas a bhaineann le tionchar na gceisteanna sábháilteachta agus sláinte san earnáil tá árachas, fíneálacha, dliteanais, caillteanas táirgeachta, táillí dlí, costais dúnadh/dúnadh súimh, iniúchtaí, etc. Chuir rialacháin a déanadh níos luaithe tús le costais traenála i bhfoirm scéime um fheasacht ghinearálta sábháilteachta agus teastasú um scileanna áirithe saintaisc thógála. Measann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta gur bhfiú €7m dá bhuiséad gníomhaíochtaí forfheidhmithe agus feasachta san earnáil seo i rith 2005, tá seo nach mór cothrom le €5 do gach fostaí tógála san earnáil. Tá sé i gceist ag na rialacháin nua athruithe struchtúra a chur san áireamh maidir le scéimeanna um theastasú agus chomh maith soiléiriú a dhéanamh ar fhreagrachtaí cliant agus maoirseora tionscadail.

Aguisín 5

Reachtaíocht riarann ag an Roinn

Sláinte agus Sábháilteacht sa Láthair Oibre

Achtanna um Pléascadh Coirí, 1882 agus 1890

Acht na nArm Ceimiceach 1997

An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 1998

Achtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979

An tAcht um Mianaigh agus Chairéil, 1965

An Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa (Córacha amach ón gcósta) 1987

An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa sa Láthair Oibre 2005

Achtanna um Shábháilteacht i dTionscail 1955 agus 1980

Ceartha Fostaíochta

An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001

An tAcht um Iontaobhas na nOspidéal (1940) Teoranta (Íocaíocht le hIarlhostaithe) 2000

Achtanna um Fhógra Íostréimhse agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2001

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997

An tAcht um Chosaint Fostaíochta 1977

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) 2003

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirt-Aimseartha) 2001

Achtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984 go 2004

Acht um Íocaíocht Pá 1991

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996

Achtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2003

Achtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001

Achtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005

Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971 (cé go ndéanann Roinn ERIR den Roinn riaradh ar an Acht seo, níl sé ina chuid den sraith reachtaíochta um chearta fostaíochta).

Margadh Inmheánach

Cinneadh uimhir 3052/95/EC de chuid Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 13ú Nollaig 1995 ag bunú nós imeachta chun eolas ar bheartais náisiúnta a mhalartú a thagann ón bprionsabail de shaorghluaiseacht earraí laistigh de Rialachán Chomhairle Comhphobail (AE) Uimh 2679/98 den 7ú Nollaig 1988 ar fheidmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le saorghluaiseacht earraí i measc na mBallstáit.

Rialachán Comhairle (EC) No. 2679/98 den 7ú Nollaig 1998 ar fheidmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le saorghluaiseacht earraí i measc na mBallstáit.

Réiteach na Comhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstáit, ag cruinniú laistigh den Chomhairle, ar an 7ú Nollaig 1998 maidir le saorghluaiseacht earraí.

Moladh Uimh. 2001/893/EC an Choimisiúin ar an 7ú Nollaig 2001 ar phrionsabail chun úsáid a bhaint as "SOLVIT" – an Gréasán um Réiteach Faidhbe an Mhargaidh Inmheánaigh.

Moladh Uimh. 2005/309/EC an Choimisiúin ar an 12ú Iúil 2004 maidir le Treoracha a chuireann isteach ar an margadh inmheánach a thrasú go dlí náisiúnta.

Tionscail

An tAcht Stroighne (Achtacháin a Aisghairm) 2000

Achtanna um Aerphoirt Neamhchustaim, 1947 agus 1958 (cuid de)

An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1987

Achtanna um Fhorbairt Thionsclaíoch, 1986 go 2006

An tAcht um Thaighde agus Chaighdeáin Tionscail, 1961

An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996

Acht an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996

Achtanna NET, 1963-2001

Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987

Achtanna Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionnainne Teoranta 1959-1991

Dlí Cuideachta

Achtanna na gCuideachtaí 1963-2006
 Achtanna na gCara-Chumann 1896-1977
 Acht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis, 1893-1978
 Acht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994
 Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2005
 Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2006
 Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997
 An tAcht um Chomhpháirtíocht Teoranta, 1907
 Acht Comhpháirtíochta, 1890
 Acht um Chlárúchán na nAinmneacha Gnó, 1963
 An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990
 Acht um Chistí Ainmnithe Infheistíochta, 1985 (alt 6)
 An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa sa Láthair Oibre 1989 (alt 12(6))
 An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 (alt 80)
 An tAcht lomaíochta 2002 (alt 48 (a) agus 51)
 An tAcht um Stocmhalartán 1995

Díobháil Phearsanta

Acht an Bord Measúnaithe um Dhíobhálacha Pearsanta 2003

Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil

Acht um Fhorbairt Thionsclaíoch (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003
 Cearta Maoine Intleachtúla
 Acht na bPaitinní 1992, Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Uimh. 31 i 2006)
 Acht na dTrádmharcanna 1996
 Alt 4 agus 5 d'Acht um Mhaoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 1998
 Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (gan ailt 98, 198, 199 agus 247 a chuimsiú agus nár cuireadh tús leo leis an gcuid eile den acht ar an 1ú Eanáir 2001)
 Acht na nDearadh Tionsclaíoch 2001
 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2004 (Uimh 18 i 2004)

Trádáil

Acht um Rialú ar Onnmhairí 1983
 An tAcht um Shrianadh ar Allmairí, 1962
 Achtanna um Iomportálanna a Rialú, 1934-1964
 An tAcht Árachais 1953 (mar a leasaíodh)

Polasaí lomaíochta agus Thomhaltóra

Achtanna Corr-Thrádála 1995
 Cairt Chuideachta na nGabha Óir i mBaile Átha Cliath, 1637
 An tAcht lomaíochta 2002
 An tAcht lomaíochta (Leasú) 2006
 An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995
 An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978
 An tAcht um Shainmharcáil, 1981
 An tAcht um Shainmharcáil ar Mhiotail Loghmhara lasachta, 1904
 An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha, 1991
 Achtanna um Mharcanna Marsantachta, 1887-1970
 An tAcht Méadreolaíochta, 1996
 An tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979
 An tAcht um Earraí Pacáistithe (Rialú Cainníochta), 1980
 An tAcht um Mheasúnacht Miotail Loghmhara, 1783
 An tAcht um Mheasúnacht Miotail Loghmhara (Éireann), 1807
 An tAcht um Mheasúnacht Miotail Loghmhara (Leasú), 1931
 Achtanna na bPraghasanna, 1958-1972
 Acht um Dhíol Pírimide, 1980
 Acht um Chleachtais Shriantacha (Acht Leasaithe), 1987
 An tAcht um Chleachtais Shriantacha (Daingniú ar Ordú), 1987
 An tAcht um Dhíol Earraí, 1893
 An tAcht um Dhíol Earraí agus um Sholáthar Seirbhísí, 1980
 Acht um Shiopa/Uaireanta Trádála, 1938
 Acht um Stampaí Trádála, 1980

Ceardchumann agus Caidreamh Thionsclaíoch

Achtanna na gCeardchumann 1871 go 1990

Acht um Fheasacht agus Chomhairleoireacht
Thrasnáisiúnta na bhFostaithe 1996

Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977
agus 1988

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000

Achtanna um Chaidrimh Tionsclaíoch 1946 go 2004

Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar
Chomhairleoireacht) 2006

Fostaíocht agus Traenáil

Acht na bPrintíseachtaí, 1959

Acht um Thraenáil Thionsclaíoch, 1967

Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987

An tAcht um Chiste Náisiúnta Traenála, 2000

Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006

Aguisín 6

Reachtaíocht a Achtaíodh i 2006

An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006

Cuireadh an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006 i láthair chun aisghairm a dhéanamh ar an Ordú um Chleachtais Shriantacha (Earraí Grósaeireachta), 1987 a dhéanann cosc ar chleachtais mar díol ag praghas níos lú ná an glanphraghas sonraisc, baghcatáil agus airgead ‘aitheantais’. Ba é an chúis gur baineadh amach an chosc seo ná chun iomaíocht níos fearr a chur sa thrádáil ghrósaeireachta trí chead a thabhairt do mhiondíoltóirí cinneadh a dhéanamh ar an bpraghas a chuireann miondíoltóirí ar a gcuid táirgí. Daingníonn Acht 2006 na forálacha atá ann cheana féin in Acht 2002 trí cosc a chur ar –

- chur i bhfeidhm chothabhála praghasanna athdhíola maidir le soláthar na n-earraí grósaeireachta (is é atá i gceist le cothabháil praghsanna athdhíola ná nuair a shonraíonn na déantúsóirí nó na soláthróirí an t-íosphraghas áirithe ar a ndéanfar na hearraí a athdhíol);
- leithcheal éagórach maidir le soláthar na n-earraí grósaeireachta. Is tagairt é seo do sholáthróir a dhéanann téarmaí fabhracha a thairiscint do cheannaitheoir seachas a chéile cé go bhfuil na bearta atá i gceist mar a chéile;
- mhiondíoltóirí nó mhórdíoltóirí d’earraí grósaeireachta a chur faoi iallach nó chomhéigniú ag soláthróirí chun íocaíocht a dhéanamh ar liúntais fógraíochta (e.g. nuair a iarrann miondíoltóir íocaíocht ó sholáthróir d’fhonn earraí an tsoláthróra a fhógairt mar bhealach le custaiméirí a mhealladh go háitreámh an mhiondíoltóra);
- mhiondíoltóirí ó iallach nó comhéigniú a dhéanamh ar sholáthróirí chun airgead ‘aitheantais’ a íoc (i.e. nuair a éilíonn miondíoltóir íocaíocht ó sholáthróir sula n-aontaíonn sé glacadh le táirgí an tsoláthróra). I measc na gcúinsí ina ndéanfar cosc a chur ar an gcleachtas beidh, siopa nua a oscailt, fairsingiú ar shiopa atá ann cheana féin nó athrú úinéireachta ar shiopa.

Acht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006

Tháinig an tAcht um Fhostaithe (Soláthar ar Fheasacht agus ar Chomhairleoireacht) 2006 i bhfeidhm ar an 24ú Iúil 2006. Is é an fheidhm atá leis an Acht, a dhéanann

Treoir 2002/14/EC an AE dar dáta 11ú Márta 2002 a thrasú, ná soláthar a dhéanamh ar chreat ghinearálta a bhunú ag leagan amach an t-íosmhéid riachtanais um cheart ar fheasacht agus ar chomhairleoireacht na bhfostaithe i ngnóthais len ar a laghad 50 fostaí.

Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006:

(Uimh. 16 i 2006). Déanann an Acht seo soláthar ar cheadanna fostaíochta a cheadú do náisiúnaithe ar leith iasachta chun cead a thabhairt dóibh a bheith fostaithe sa Stáit, chun rialú a dhéanamh ar fhostaíocht náisiúnaithe ar leith iasachta atá fostaithe sa Stáit, chun leasú a dhéanamh ar an Acht um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus soláthar a dhéanamh do chúinsí gaolmhara.

Acht um Fhorbairt Thionsclaíoch 2006

Déanann an tAcht um Fhorbairt Thionsclaíoch 2006 leasú ar an Acht um Fhorbairt Thionsclaíoch 1993 trí Alt 21 nua a shonrú in Acht 1993. Tugann an tAlt nua údarás reachtaíochta don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun aistriú na foirne a cheapadh ó Fhorbairt na Sionainne go Forfás. Déanann sé soláthar ar ghealltanais chomh maith nach dtiocfaidh laghdú ar phá, ar choinníollacha seirbhíse ná ar shocruithe pinsin na foirne atá ceaptha le haistriú.

Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 (Uimh. 31 i 2006)

Is é príomhaidhm Acht na bPaitinní (Leasú) 2006 ná ár nDlí um Maoin Intleachtúil a bheith ag géilleadh do na dualgais faoi na comhaontaithe idirnáisiúnta i.e. Comhaontú Trips, athchóirí ar Choinbhinsiún Paitinne na hEorpa agus an Conradh um Dhlí na bPaitinní. Déanann an tAcht leasuithe ilghnéitheacha riachtanacha chomh maith ar reachtaíocht um Maoin Intleachtúil.

Acht um Chistí Infheistíochta, Chuideachtaí agus Fhorálacha Ilghnéitheacha 2006

Is iad príomhfhorálacha an Achta ná:

Leasú ar Achtanna na gCuideachtaí 1963-2005 a bhaineann le ceistanna a dhéileáil le:

- Cuideachtaí Príobháideacha agus an acmhainn atá acu scaireanna agus bintiúir a thairiscint;
- Na tairseacha um dhíolúine ó iniúchadh a mhéadú;

- Dí-ábharthachta ar dheimhniúchán fuilleamh;
- Dliteanas ráthóra d'ábhar réamheolaire; agus
- Comhthoilíú shaineolaithe maidir le hábhair a sholáthair siad sna Réamheolairí;

Forálacha chun áisiú a dhéanamh ar Threoir Trédhearcachta an AE a thrasú i nDlí na hÉireann agus a táthar ag súil a dhéanamh faoi Eanáir 2007;

Leasú ar Acht um Painéal Táthcheangail 1997 ag áireamh forálacha chun Treoir um Tháthcheangail an AE a thrasú go Dlí na hÉireann a bhaint amach chun spriocdháta an AE de 20ú Bealtaine 2006 a shásamh;

Leasú ar Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978 chun cead a thabhairt duine a cheapadh chun feidhmeanna Stiúrthóra na nGnóthaí Tomhaltóra a chomhlíonadh do thréimhse níos mó ná 6 mí;

Dearbhuithe Reachtúla a déanadh thar lear chun críche Achtanna na gCuideachtaí agus chun leasú a dhéanamh ar Acht um Líonrúchán Conarthaí Airgeadais 1995 chun cosaintí an Achta sin a chinntiú do Chistí Conarthaí Comhchoiteann.

Aguisín 7

Ionstraimí Reachtúla a déanadh i rith 2006

I.R. Uimh. 8 de 2006

An tOrdú fán Acht um Chaidreamh Tionscail 1990 (Cód Cleachtais ar Rochtain ar Obair Pháirtaimseartha) (Dearbhaithe) 2006

Déantar iarracht leis an gCód Cleachtais seo faoi Acht um Chaidreamh Tionscail 1990 an acmhainn atá ann do leithcheal indíreach maidir le hobair pháirtaimseartha a laghdú agus tugann sé céimeanna dearfacha isteach chun deireadh a chur le bacanna agus chun níos mó rannpháirtíochta i bhfostaíocht a spreagadh ar roinnt foras.

I.R. Uimh. 24 de 2006

An tOrdú fán Acht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 1998 (Ceapadh Údarás Inniúil) 2005

Cuireann na Rialacháin seo riachtanais Treoracha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm maidir le hiompar earraí contúirteacha ar bhóithre chomh maith leo sin a bhaineann le ADR (Comhaontú Eorpach ar iompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha ar bhóithre). Leagann na Rialacháin seo amach na feidhmeanna atá le comhlíonadh ag na húdaráis éagsúla inniúla. Ceapann an tOrdú seo na húdaráis éagsúla inniúla chun críche an Achta.

I.R. Uimh. 25 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú) (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú agus Fógairt Substaintí Contúirteacha) 2006

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh ar Threoir an Choimisiúin 2004/73/CE den 29 Aibreán 2004, an 29ú Oiriúnú do Dhul Chun Cinn Teicniúil Threoir 67/548/CEE na Comhairle ar aicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha. Leasaíonn siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú) (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú agus Fógairt Substaintí Contúirteacha) 2003 (I.R. Uimh. 116 de 2003).

I.R. Uimh. 50 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Teorainn a chur le hÉifeacht Paitinne) 2006

Déanann na Rialacháin a déanadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasú ar Alt 42 d'Acht na bPaitinní, 1992 chun teorainn a chur ar na cearta a bhronnann paitinn nuair a ghlactar céimeanna áirithe chun riachtanais feidhmiúcháin Airteagail 10 de Threoir 2001/83/CE (mar a leasaíodh go deireanach le Treoir

2004/27/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 31 Márta 2004) a chomhlíonadh d'údarú margáíochta do tháirge cineálach míochaine nó bitheolaíochta den chineál céanna d'úsáid daonna, agus Airteagal 13 de Threoir 2001/82/CE (mar a leasaíodh le Treoir 2004/28/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 31 Márta 2004) d'údarú margáíochta do tháirge cineálach nó bitheolaíochta míochaine den chineál céanna d'úsáid tréidliachta.

I.R. Uimh. 56 de 2006

An tOrdú fán Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí 2003 (Tosach Feidhme) 2006

Socraíonn an tOrdú an 3ú Feabhra, 2006 mar an dáta ar a dtagann na forálacha éagsúla i bhfeidhm. Tugann na forálacha seo a lán de chumhachtaí agus d'fheidhmeanna Údaráis Mhaoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) i bhfeidhm ar déanadh soláthar dóibh in Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí 2003, agus aistrítear, ach go háirithe, cumhachtaí an Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála maidir le haitheantas na n-eagraíochtaí cuntasaíochta faoi Acht na gCuideachtaí go dtí ÚMICÉ.

I.R. Uimh. 57 de 2006

Rialacháin fán Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí 2003 (Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe) 2006

Forordaíonn na Rialacháin seo chun críche Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí, 2003 na trí chomhlacht cuntasachta seo a leanas:

- (i) Cumann na gCuntasóirí Idirnáisiúnta (CCI)
- (ii) Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB) agus
- (ii) Institiúid Chairte um Airgeadas agus Chuntasaíocht Phoiblí (ICACP).

I.R. Uimh. 62 de 2006**Rialachán (Bearta Srientacha) ((An Úisbéiceastáin) na gComhphobal Eorpach 2006 (2 Feabhra 2006)**

Is í iarmhairt an Ordaithe seo pionóis a sholáthar do shárúithe Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 1859/2005 a chuir cosc ar chúnaimh teicniúil, ar sholáthar airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata agus le díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealamh a fhéadfaí a úsáid do chur faoi chois inmheánach maidir leis an Úisbéiceastáin.

I.R. Uimh. 74 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2006**

Is í aidhm na Rialachán seo Treoir 96/82/CE na Comhairle ar rialú guaiseacha mórthionóiscí ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist mar a leasaíodh le Treoir 2003/105/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a thrasuíomh. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2000 (I.R. Uimh. 476 de 2000), agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú) (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2003 (I.R. Uimh. 402 de 2003).

I.R. Uimh. 127 de 2006**An tOrdú fán Acht (Leasú) Iomaíochta 2006 (Tosach Feidhme) 2006**

Ordú um Thosú Feidhme atá san IR seo a d'achtaigh Acht (Leasú) Iomaíochta 2006. Tháinig an tAcht seo, a chuir deireadh leis an Ordú um Chleachtais Srienta (Earráí Grósaera)1987, i bhfeidhm ar an 20ú Márta 2006.

I.R. Uimh. 130 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach(Trádála leis an Iaráic) 2006 (8 Márta 2006)**

Is é éifeacht an Ordaithe seo ná pionóis a sholáthar do shárúithe Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 1210/2003 a chuir cosc ar onnmhairiú, allmhairiú agus ar dhéileáil in aon chuid de mhaoín chultúrtha na hIaráice a baineadh as go neamhdhleathach. Rinne Rialachán na Comhairle cúlghairm freisin ar Rialacháin (Trádála leis an Iaráic) na gComhphobal Eorpach 1997 (I.R. Uimh. 370 de 1997) a sholáthair do phionóis do shárúithe ar thoirmeasc an AE ar thrádáil leis an Iaráic.

I.R. Uimh. 141 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhairí Paitinne) 2006**

Déanann na Rialacháin seo a déanadh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasú ar roinnt forálacha de na Paitinní, 1992, d'fhonn cead a thabhairt do dhuine, atá bunaithe i mBallstát eile den Chomhphobal Eorpach agus atá incháilithe faoi dhlí an Stáit le gníomhú mar ghníomhaire paitinne, gníomhú thar ceann duine eile maidir le cúrsaí paitinne os comhair Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna.

I.R. Uimh. 142 de 2006**Rialacha Paitinne (Leasú) 2006**

Leagann na Rialacha seo amach na riachtanais fhianaiseacha lena gcaithfidh duine, atá bunaithe i mBallstát eile den Chomhphobal Eorpach agus atá incháilithe faoi dhlí an Stáit sin mar ghníomhaire paitinne, cloí d'fhonn gníomhú thar ceann duine eile maidir le cúrsaí paitinne os comhair Rialtóir na bPaitinní, na nDearthaí agus na dTrádmharcanna. Leag siad síos chomh maith na leasuithe riachtanacha iarmhairteacha ar Rialacha na bPaitinní, 1992.

I.R. Uimh. 186 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha atá dírithe in aghaidh Daoine agus Aonáin Áirithe a bhaineann le Usama bin Laden, le Lónra Al-Qaida agus leis an Taliban) 2006 (11 Aibreán 2006)**

Is í iarmhairt an Ordaithe seo pionóis a sholáthar ar shárúithe Rialúcháin na Comhairle (CE) Uimh. 881/2002, 2002 a chuir cosc ar dhíolachán, soláthar nó aistriú comhairle, cúnaimh nó traenáil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata in aghaidh daoine agus aonáin áirithe a bhaineann le hUsama bin Laden, le Lónra Al-Qaida agus leis an Taliban. Rinne Rialachán na Comhairle cúlghairm freisin ar Rialacháin (Cosc ar Onnmhairiú Earráí agus Seirbhísí Áirithe go dtí an Afganastáin agus Neartú ar an gCosc Eitilte) na gComhphobal Eorpach, 2001 (I.R. Uimh. 417 de 2001) a sholáthair do phionóis do shárúithe ar thoirmeasc an AE ar thrádáil leis an Afganastáin.

I.R. Uimh. 241 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astú Fuaime ag Trealamh d'Úsáid Lasmuigh) (Leasú) 2006**

Tugann na rialacháin seo feidhm do Threoir 2005/88/CE an AE ar Astú Fuaime ag Trealamh d'Úsáid Lasmuigh agus foráil a dhéanamh do chineálacha áirithe trealaimh atá liostáilte in Airteagal 1 den Treoir, nach mbeadh in ann teorainn chéime II a bhaint amach faoin 3ú Eanáir 2006 ar chúiseanna teicniúla amháin, le bheith fós le cur ar an margadh agus/nó i seirbhís faoin dáta sin.

I.R. Uimh. 255 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tairiscintí Táthcheangail (Threoir 2004/25/CE)) 2006**

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh ar riachtanais Threoir 2004/25/CE ar thairiscintí táthcheangail. Déanann siad soláthar do phrionsabail agus do rialacha ginearálta ar conas ba chóir táthcheangail ar chuideachtaí liostáilte san AE a dhéanamh agus a mhaoirsiú.

I.R. Uimh. 264 de 2006**Rialacháin an Bhoird Mheasúnaithe Dhíobhálacha Pearsanta (Táilli) (Leasú) 2006**

Soláthraíonn na Rialacháin seo leasú ar na táilli is féidir leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a ghearradh ar fhreagróirí faoi Rialacháin an Bhoird Mheasúnaithe Dhíobhálacha Pearsanta (Táilli) 2004. Baineann na táilli seo le próiseáil an Bhoird ar iarratais faoi alt 11 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Uimh. 46 de 2003). Tagann na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 1ú Meitheamh 2006.

I.R. Uimh. 287 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) (Leasú) 2006**

Chun feidhm dlíthiúil a thabhairt do Threoir 2001/107/CE den 21 Eanáir 2002 Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ar tugadh an "Treoir Bhainsitíochta". Tagann sé i bhfeidhm ar an 13 Feabhra 2007.

I.R. Uimh. 290 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhar idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú) 2006**

Cuireann na Rialacháin seo i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh.2006/2004 Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chomhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Is í príomhaidhm na Rialachán ná sannadh ar údaráis inniúil do shainbhearta tomhaltóra ar tugadh imlíne orthu san iarscríbhinn leis an Rialachán.

I.R. Uimh. 312 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Athdhíolta Ealaíontóra) 2006**

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go dlí na hÉireann ar Threoir 2001/84/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 27 Meán Fomhair 2001 ar cheart athdhíolta chun leasa údair an tsothair bhunaigh ealaíne. Ceadóidh seo do chruthaitheoirí saothar bunaigh amharcealaíne agus ealaíne plaisteach leas a bhaint, trí chóras íocaíochtaí dleachta, as athdhíol na saothar seo nuair a dhíoltar iad tríd an margadh proifisiúnta ealaíona.

I.R. Uimh. 318 de 2006**Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde) 2006**

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go dlí na hÉireann ar Threoir 89/655/EEC na Comhairle den 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheangaltais sábháilteachta agus sláinte d'oibríthe ag úsáid trealamh oibre ina gcuid oibre, mar a leasaíodh le Treoir 95/63/CE na Comhairle den 5 Nollaig 1995 agus le Treoir 2001/45/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 27 Meitheamh 2001, maidir le húsáid trealamh oibre agus obair á dhéanamh ar airde.

I.R. Uimh. 360 de 2006**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forfheidhmiú ar Chearta Maoine Intleachtúla) 2006**

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go dlí na hÉireann ar Threoir 2004/48/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 29 Aibreán 2004 ar Fhorfheidhmiú ar Chearta Maoine Intleachtúla nach bhfuil ar fáil faoi láthair faoi dhlí na hÉireann. Déanann an treoir comhchuíbhíú ar

na leigheasanna agus ar na beartais shibhialta atá ar fáil d'fhorfheidhmiú ar Chearta Maoine Intleachtúla tríd an gComhphobal Eorpach.

I.R. Uimh. 364 de 2006

Rialúchán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2006

Leasaíonn na Rialacháin seo Sceidil 1 agus 3 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2003 (I.R. Uimh. 220 de 2003), mar a leasaíodh roimhe sin le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2003 (I.R. Uimh. 503 de 2003) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú) 2004 (I.R. Uimh. 852 de 2004). Déanann na Rialacháin trasuíomh ar Threoracha 2005/59/CE, 2005/69/CE, 2005/84/CE agus 2005/90/CE go dlí na hÉireann.

I.R. Uimh. 366 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Earraí arbh fhéidir iad a úsáid le haghaidh Céastóireachta) 2006 (11 Iúil 2006)

Is í iarmhairt an Ordaithe seo pionóis a sholáthar do sháruithe ar Rialúchán na Comhairle (CE) Uimh. 1236/2005 den 27 Meitheamh 2005 a tháinig i bhfeidhm ar an 30 Iúil 2006. Cuireann an "Rialachán Céastóireachta" cosc ar thrádáil i dtrealamh arbh fhéidir a úsáid do phionós an bháis agus cuireann sé rialuithe i bhfeidhm ar onnmhairiú agus allmhairiú lasmuigh den AE ar earraí a fhéadfaí a úsáid do chéasadh nó chun críche eile cruálach nó táir.

I.R. Uimh. 370 de 2006

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Tonnchreatha ag an Obair) 2006

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go dlí na hÉireann ar Threoir 2002/44/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 25 Meitheamh 2002 ar na híosriachtanais sláinte agus sábháilteachta maidir le hoibrithe a bheith i mbaol rioscaí ag éirí as gníomhairí fisiciúla (tonnchreatha), an séú Treoir déag indibhidiúil faoi bhrí Airteagail 16(1) de Threoir 89/391/CEE den 12 Meitheamh 1989.

I.R. Uimh. 371 de 2006

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialú Torainn ag an Obair) 2006

Déanann na Rialacháin seo trasuíomh go dlí na hÉireann ar fhorálacha Threoir 2003/10/CE na Comhairle den 6 Feabhra 2003 ar na híosriachtanais sláinte agus sábháilteachta maidir le fostaithe a bheith i mbaol rioscaí ag éirí as gníomhairí fisiciúla (torann), an seachtú Treoir déag indibhidiúil faoi bhrí Airteagail 16(1) de Threoir 89/391/CEE den 12 Meitheamh 1989.

I.R. Uimh. 386 de 2006

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) 2006

Baineann na Rialacháin le gach gníomhaíocht oibre a chuireann daoine i mbaol riosca ag éirí as ionanálú deannaigh ó aispeist nó ábhair ina bhfuil aispeist. Rinne na Rialúcháin seo trasuíomh den chéad uair ar Threoir 2003/18/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 27ú Márta, 2003, ag leasú Threoir 83/477/CEE na Comhairle, mar a leasaíodh roimhe sin le Treoir 91/382/CEE na Comhairle ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le risíocht le haispeist ag an obair go dlí na hÉireann.

I.R. Uimh. 405 de 2006

Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2006

I.R. Uimh. 406 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre) (ADR Forálacha Ilghnéitheacha) 2006

I.R. Uimh. 407 de 2006

An tOrdú fán Acht um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Údaráis Inniúla a Cheapadh) 2006

I.R. Uimh. 408 de 2006

Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Táilli) 2006

Déanann I.R. Uimh. 405, 406, 407 agus 408 thuas trasuíomh ar Threoir 2004/111/CE ar iompar earraí contúirteacha ar bhóithre agus Treoir 2004/112/CE ar

mhairseacht bóthar go dlí na hÉireann agus leagann siad amach na táillí agus na húdaráis inniúla a bhfuil gá leo chun na Treoracha a chur i bhfeidhm. Déanann na Rialacháin cúlghairm agus athsholáthar ar Acht um lompár Earraí Contúirteacha ar Bhóithre 2004, Ordú 2006 um Acht um lompár Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Údaráis Inniúla a Cheapadh), Rialacháin 2005 um lompár Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Táillí agus Íocaíochtaí faoi Alt 18) agus Rialacháin um lompár Earraí Contúirteacha ar Bhóithre (Táillí agus Íocaíochtaí faoi Alt 18) (Leasú) 2005.

I.R. Uimh. 473 de 2006

Rialúchán na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (Burma/Maenmar) 2006 (5 Meán Fómhair 2006)

Is í iarmhairt an Ordaithe seo pionóis a sholáthar do shárúithe Rialúcháin na Comhairle (CE) Uimh. 817/2006 maidir le tuilleadh athnuachana ar bheartais áirithe srientacha ar a n-áirítear, cosc a chur ar chúnamh teicniúil agus ar sholáthar airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata agus le díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealamh a fhéadfaí a úsáid do chur faoi chois inmheánach maidir le Burma/Maenmar agus chun cúlghairm a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (Burma/Maenmar) 2004 (I.R. Uimh. 392 de 2004).

I.R. Uimh. 502 de 2006

Ordú (Táillí) na gCuideachtaí 2006

Thug an tOrdú táille “nialais” isteach do chomhdú leictreonach ar Fhoirm B73 (ainmniúchán ar Chlár na gCuideachtaí ar dháta nua tuairisceáin bhliantúil do chuideachta).

I.R. Uimh. 504 de 2006

Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2006

Leagann an Rialacháin seo síos na príomhriachtanais do chosaint sábháilteachta, sláinte agus leas dhaoine ag obair ar láithreáin tógála agus tugann siad tuilleadh éifeachta do Threoir 92/57/CEE na Comhairle ar na híoscheangaltais sábháilteachta agus sláinte ag láithreacha sealadacha nó soghluaiste tógála.

I.R. Uimh. 574 de 2006

Rialúchán na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (an Liobáin) 2006 (15 Samhain 2006)

Is é éifeacht an Ordaithe seo pionóis a sholáthar do shárúithe Rialúcháin na Comhairle (CE) Uimh. 1412/2006 a chuir cosc ar chúnamh teicniúil, agus ar sholáthar airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i dtaobh na Liobáine.

I.R. Uimh. 619 de 2006

Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí 2003 Rialúcháin (Comhlachtaí Forordaithe um Nochtadh Faisnéise) 2006

Déanann na Rialacháin seo forordú ar chomhlachtaí ar féidir leis an Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta faisnéis a nochtadh dóibh chun críche Alt 31(3) d’Acht (Iniúchta agus Cuntasaíochta) na gCuideachtaí, 2003.

I.R. Uimh. 623 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dlíteanais) (Páirteachas Fostaithe) 2006

Déanann na Rialacháin seo trasúiomh ar Threoir 2001/86/CE an AE den 8 Deireadh Fómhair 2001. Déileáileann an Treoir le gnéithe páirteachais fostaithe i bhfoirm nua dlíthiúil chuideachta, an Chuideachta Eorpach (ar a dtugtar Societas Europea, “SE”). Ní féidir SE nua a chlárú gan idirbheartaíocht a bheith ann ar dtús leis na fostaithe ar a bpáirtíocht féin sa chuideachta, cibé acu an trí fhaisnéis agus chomhairliúchán é agus/nó, páirtíocht, i gcúinsí áirithe, ar leibhéal boid.

I.R. Uimh. 630 de 2006

Rialachán um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Miondíola agus Príobháideacha) (Leasú) 2006

Tá soláthar sna Rialacháin seo do leasú ar na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Miondíola agus Príobháideacha) 1979, mar a leasaíodh roimhe sin le Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Miondíola agus Príobháideacha) (Leasú) 1988, Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Miondíola agus Príobháideacha) (Leasú)

1999, Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Miondíola agus Príobháideacha) (Leasú) 2002 agus Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Miondíola agus Príobháideacha) (Leasú) 2004 (I.R. Uimh. 860 de 2004).

I.R. Uimh. 646 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forghníomhú Breithiúnas ón gComhphobal maidir le Trádmharcanna agus Dearaí) 2006

Cinntíonn na Rialacháin seo gur féidir cinntí, in éineacht le hOrdú ar chostais, a rinne oifig chlárúcháin Trádmharcanna agus Dhearadh Thionsclaíocha atá bunaithe in Alicante na Spáinne, a chur i bhfeidhm de réir na bhforálacha dlí sibhialta atá i réim in Éirinn.

I.R. Uimh. 655 de 2006

An tOrdú fán Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann a Údarú) 1995

Tugann an tOrdú seo údarás d'Fhiontraíocht Éireann feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh maidir le Boird Fhiontar Contae agus Cathrach (BFC) thar ceann an Aire Fiontair, Fostaíochta agus Trádála.

I.R. Uimh. 667 de 2006

An tOrdú fán Acht um Pá Íosta Náisiúnta (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair) 2006

D'ardaigh an tOrdú an ráta pá íosta náisiúnta san uair go €8.30 ón 1 Eanáir 2007, agus go €8.65 ón 1 Iúil 2007.

I.R. 682 de 2006

An tOrdú fán Acht Cheadanna Fostaíochta (Tosach Feidhme) 2006

Is é éifeacht an Ordaithe seo an 1ú Eanáir 2007 a cheapadh mar dháta óna dtagann forálacha Acht Cheadanna Fostaíochta 2006 i bhfeidhm.

I.R. 683 de 2006

Na Rialacháin fán Acht um Cheadanna Fostaíochta (Táillí Forordaithe agus Nósanna Imeachta Ilghnéitheacha) 2006

Ceadaíonn na Rialacháin seo do náisiúnaigh áirithe choigríche, faoi mar atá sainmhínithe in Acht um Cheadanna Fostaíochta de 2003 agus 2006, a bheith fostaithe sa Stát agus leagtar nósanna imeachta amach a chaithfear a leanúint agus iarratas á dhéanamh ar a leithéid de chead, chomh maith leis an bhfoirm ar ar chóir an t-iarratas a dhéanamh agus na próisis athbhreithnithe a chaithfear a leanúint i gcásanna ina ndiúltaítear cead nó ina n-aisghairtear cead. Leagann na Rialacháin amach freisin na táillí a chaithfidh a bheith le hiarratas ar chead fostaíochta.

Aguisín 8

Treoracha gur glacadh leo ar leibhéal an AE i rith 2006

2006/2/EC

Treoir 2006/2/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 6ú Eanáir 2006 ag déanamh leasú, chun é a athchóiriú um dhul chun cinn teicniúil, ar larscríbhinn II de Threoir 96/73/EC ar mhodhanna ar leith chun anailís chainníochtúla a dhéanamh ar mheascáin dénártha de shnáithíní teicstíle dénártha.

2006/3/EC

Treoir 2006/3/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 9ú Eanáir 2006 ag déanamh leasú, chun iad a athchóiriú um dhul chun cinn teicniúil, ar larscríbhinní I agus II de Threoir 96/74/EC ar ainmneacha na dteicstílí.

2006/8/EC

2006/8/EC leasú a dhéanamh d'fhonn iad a athchóiriú um dhul chun cinn teicniúil, larscríbhinní II, III agus V de Threoir 1999/45/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle a bhaineann le comhfhogasú na ndlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú na n-ullmhóidí contúirteacha.

2006/15/EC

2006/15/EC ag bunú an dara liosta de luachanna táscacha teorann nochtta fostaíochta i bhforfheidhmiú Threoir 98/24/EC na Comhairle agus leasú á dhéanamh ar Threoracha 91/322/EEC agus 2000/39/EC.

2006/25/EC

2006/25/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an íosmhéid éilimh sláinte agus sábháilteachta maidir le nochtadh na bhfostaithe do na priacail a ghabhann le hoibreáin fhisiceacha (radaíocht shaorga optaiceach) (19ú treoir indibhidiúil faoi bhrí airteagail 16 (1) den Treoir 89/391/EEC.

2006/42/EC

2006/42/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 17ú Bealtaine 2006 ar innealra, agus leasú ar Threoir 95/16/EC (athmhúnú).

2006/43/EC

Treoir 2006/43/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 17ú Bealtaine 2006 ar iniúchtaí reachtúla na gcuntas bliantúla agus na gcuntas comhdhlúite, ag leasú Treoracha 78/660/EEC agus 83/349/EEC na Comhairle agus ag aisghairm Treoir 84/253/EEC na Comhairle.

2006/46/EC

2006/46/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 14ú Meitheamh 2006 ag leasú Treoracha seo a leanas na Comhairle, 78/660/EEC ar chuntais bhliantúla de chineálacha ar leith cuideachtaí, 83/349/EEC ar chuntais chomhdhlúite, 86/635/EEC ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite na mbanc agus institiúidí eile airgeadais agus 91/674/EEC ar na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite de ghnóthais árachais.

2006/68/EC

Treoir 2006/68 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 6ú Meán Fómhair 2006 ag leasú Treoir 77/91/EEC na Comhairle maidir le cuideachtaí poiblí le dliteanas teoranta a bhunú agus athrú a dhéanamh ar a gcuid caipitil.

2006/89/EC

2006/89/EC ag oiriúnú don séú uair do Threoir 94/55/EC na Comhairle um dhul chun cinn teicniúil ar chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le hearraí contúirteacha a bheith á n-iompar ar bhóithre.

2006/122/EC

2006/122/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 12ú Nollaig 2006 ag leasú don 30ú uair Treoir 76/769/EEC na Comhairle ar chomhfhogasú na ndlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát maidir le srianta ar mhargaíocht agus ar úsáid shubstaintí agus ullmhóidí áirithe chontúirteacha (sulfanáití sárfluairnochtáin).

2006/123/EC

2006/123/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar an 12ú Nollaig 2006 ar sheirbhísí sa mhargadh inmheánach.

Aguisín 9

Orduithe Rialacháin Fostaíochta (ORF) agus Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta (CCF) a déanadh i rith 2006

ORFanna

Déanadh na hOrduithe Rialacháin Fostaíochta seo a leanas i 2006, ag socrú íosrátaí pá agus ag rialú na gcoinníollacha fostaíochta sna tionscail ábharthacha;

1. Comhchoiste Oibreachais um Uiscí Aeraithe agus Buidéalú Mórdhíola, I.R. Uimh. 559 i 2006
2. Comhchoiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta, I.R. Uimh. 24 i 2006
3. Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath), I.R. Uimh. 72 agus I.R. Uimh. 458 i 2006
4. Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh (gan Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath san áireamh), I.R. Uimh. 73 agus I.R. Uimh. 459 i 2006
5. Comhchoiste Oibreachais Ghruagaireachta (Cathair Chorcaí), I.R. Uimh. 276 i 2006
6. Comhchoiste Oibreachais um Chiarsúir agus Earraí Tí, I.R. Uimh. 513 i 2006
7. Comhchoiste Oibreachais na gCléireach Dlí, I.R. Uimh. 249 i 2006
8. Comhchoiste Oibreachais Mhuilleoireachta Provender, I.R. Uimh. 560 i 2006
9. Comhchoiste Oibreachais um Earraí Grósaeireachta Miondíola agus Comhthrádála, I.R. Uimh. 251 agus I.R. Uimh. 591 i 2006
10. Comhchoiste Oibreachais Thionscal na Slándála, I.R. Uimh. 500 i 2006
11. Comhchoiste Oibreachais Léinteoireachta, I.R. Uimh. 514 i 2006
12. Comhchoiste Oibreachais na Táilliúireachta, I.R. Uimh. 515 i 2006
13. Comhchoiste Oibreachais um Éadaí Ban agus Uaintiméireachta, I.R. Uimh. 516 i 2006

CCFanna

Ag deireadh 2006 bhí 45 Comhaontú Fostaíochta ar an gClár choimeádann an gCúirt. Athraíodh na comhaontuithe seo a leanas i rith 2006:

- Tionscail na Tógála (Pá agus Coinníollacha Fostaíochta) (1)
- Tionscail na Tógála (Árachas Pinsin agus Pá Breoiteachta) (2)
- Tionscail um Chonradh Leictreachais (1)
- Coisbheart, Éadaitheoireacht agus Comhthrádáil (1)

Aguisín 10

Sonraí Mhargadh an tSaothair

Fás Eacnamaíochta

Lean an eacnamaíocht uirthi ag feidhmiú go maith i 2006 le fás Olltáirgeachta Intíre (OTI) de 5.8% agus fás Olltáirgeachta Náisiúnta de 6.5% (OTN) i rith na bliana.

Lucht Saothair²⁵

Ag deireadh Ráithe 4 2006, bhí 2,154,800 duine san fhórsa saothair (daoine fostaithe agus dífhostaithe), ag léiriú méadú bliantúil de 82,900 (+4%). Chuir cúinsí déimeagrafacha mar mhéadú in aois an daonra oibre 63,000 duine leis an bhfórsa saothair. An inimirce glan inmheánach ba chúis le tuairim is 75% de na cúinsí déimeagrafacha leis an 19,900 a bhí fágtha de thoradh méadú i rannpháirtíocht san fhórsa saothair.

Fostaíocht

Lean an fás láidir fostaíochta a bhí ann i 2005 ar aghaidh i 2006 le méadú de 85,500 duine (+4.3%) sa bhliain go dtí ceathrú 4 i 2006. Thug an t-ardú seo an líon iomlán daoine a bhí fostaithe go dtí 2,066,100, an chéad uair riamh i stair an Stáit go raibh an líon fostaíochta os cionn 2 milliún. Dá thoradh d'ardaigh an ráta iomlán fostaíochta 0.9% go 68.7%. Bhí 83% den méadú i bhfostaíocht de thoradh 1,717,000 duine a bheith ag obair anois go lán-aimseartha. Lean fostaíocht páirt-aimseartha ag méadú (+8,300) i 2006 le 349,100 duine ag obair go páirtaimseartha. Ar bhonn bliantúil, tháinig méadú ar líon na n-oibríthe fireann agus bainneann a bhí fostaithe 4.7% agus 4.0% faoi seach.

Tháinig méadú ar líon na ndaoine fostaithe i bhformhór gach earnáil eacnamaíochta le fás cuíosach suntasach in earnáil na Tógála (+28,400) agus earnáil na Sláinte (+18,700). Tháinig fás ar an bhfostaíocht sna seirbhísí Airgeadais agus seirbhísí eile gnó (+15,000) agus Oideachais (+11,700). Tháinig méadú ar líon na ndaoine fostaithe thar formhór na gcatagóir oibre leis an méadú is mó sna catagóirí seo a leanas Proifisiúnaithe (+23,800), Seirbhísí Pearsanta agus cosanta (+17,800), Comhpháirtithe proifisiúnta agus teicniúla (+13,100) agus Ceird agus gaolmhar leis (+12,800).

Fostaíocht de réir Náisiúntachta²⁶

Bhí an céatadán de dhaoine neamhnáisiúnta Éireannach a bhí fostaithe i Ráithe 4 de 2006 ar bhreis is 10%. Tháinig méadú de 44,300 duine (+26%) ar líon na ndaoine neamhnáisiúnta a bhí fostaithe sa bhliain le 61% díobh ó Bhallstáit an EU10. Tháinig méadú ar líon na neamhnáisiúnaithe i bhfostaíocht thar gach earnáil eacnamaíochta leis na méaduithe is mó le fáil i dTionscail na Tógála, Óstáin agus Bialanna, Trádáil Mórdhíola agus Miondhíola agus Tionscail Eile Táirgíochta. Ba iad na hearnálacha leis an sciar ba mó d'fhostaíocht neamhnáisiúnaithe Éireannacha ná Óstáin agus Bialanna (28%), Tógáil (13.4%) agus Tionscail Eile Táirgíochta (12%).

Dífhostaíocht

I R4 2006 bhí 88,700 duine dífhostaithe (54,200 fear agus 34,500 bean). Thit an ráta dífhostaíochta 0.3% go 4.1% i rith na bliana, leis an ráta d'fhir agus do mhná ag laghdú 0.1% go 4.4% agus 0.4% go 3.8% faoi seach. Bhí 27,100 duine dífhostaithe go fadtéarmach, gan aon athrú ag teacht ar an ráta de 1.3% de dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach i rith na bliana.

Comparáid Réigiúnacha

Sa bhliain go dtí Ráithe 4 2006 tháinig méadú de 60,700 (+4.1%) ar an bhfostaíocht i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (D&O) agus méadú de 24,800 (+4.9%) i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (TLTI). Tháinig laghdú ar líon na ndaoine dífhostaithe sa Deisceart agus san Oirthear (-1,900) agus i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (-600). Tháinig fás ar an bhfostaíocht i ngach fo-réigiún, leis an ráta fáis is treise san Oirdheisceart agus an Teorainn ag 7.4% agus 6.6% faoi seach.

²⁵ Gach sonra ar mhargadh an tsaothair ó Shuirbhé Náisiúnta na dTeaghlach Ráithe 4 2006 Priomh-Oifig Staidrimh

²⁶ Ó 2005 tá sonraí ar an bhfórsa oibre de réir náisiúntachta san SNTR. Cé gur féidir go ndéanfaí athbhreithniú ar na figiúirí bhfianaise torthaí an Daonáirimh 2006, meastar don POS Sgur meastachán réasúnta cruinn iad ar threochtaí le déanaí agus ar an staid reatha.

Dearcadh Mhargadh an tSaothair

